Údarás Náisiúnta Míchumais
National Disability Authority

# Tuarascáil Bhliantúil

2024

Údarás Náisiúnta Míchumais
National Disability Authority

# Tuarascáil Bhliantúil

2024

# Clár


| | |
|---|---|
| Ráiteas an Chathaoirligh | 1 |
| Súil siar ar an mbliain 2024 | 3 |
| Tosaíocht Straitéiseach 1 | 9 |
| Tosaíocht Straitéiseach 2 | 25 |
| Tosaíocht Straitéiseach 3 | 32 |
| Tosaíocht Straitéiseach 4 | 44 |
| Tosaíocht straitéiseach 5 | 52 |
| Aguisín 1: An tÚdarás agus coistí eile sa bhliain 2024 | 63 |
| Aguisín 2: Ionadaíocht ar chomhlachtaí seachtracha sa bhliain 2024 | 65 |
| Aguisín 3: Foilseacháin sa bhliain 2024 | 66 |
| Aguisín 4: Páipéir comhairle beartais agus aighneachtaí sa bhliain 2024 | 68 |

# Ráiteas an Chathaoirligh

# Ráiteas an Chathaoirligh

**Tá lúcháir orm an Tuarascáil Bhliantúil ar ghníomhaíochtaí an Údaráis Náisiúnta Míchumais sa bhliain 2024 a chur i láthair. Ba í seo an bhliain dheireanach den Phlean Straitéiseach 2022-2024 ón Údarás Náisiúnta Míchumais (ÚNM) agus creidim gur chuir an tÚdarás clár suntasach oibre atá ag teacht lena thosaíochtaí straitéiseacha mar atá leagtha amach sa phlean sin i gcrích.**

Ar na gníomhaíochtaí tábhachtacha ina measc sin bhí an diantacaíocht a tugadh don Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige (RLCMLÓ) le linn na bliana 2024 chun cabhrú leis an gcéad Straitéis Náisiúnta Míchumais eile a fhorbairt. Bhí áthas ar ÚNM a bheith in ann stiúradh a dhéanamh ar an gcomhairliúchán poiblí fairsing atá mar bhonn eolais faoin Straitéis, agus beidh an tuarascáil chuimsitheach a d'fhorbair an fhoireann mar dhoiciméad tagartha úsáideach don rialtas agus do gach comhlacht poiblí a bhfuil freagrachtaí orthu faoin Straitéis. Táim ag súil le foilsiú na Straitéise sin i dtús na bliana 2025 agus lena cur i bhfeidhm mar phríomhshásra le haghaidh chomhlíonadh Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas (UNCRPD).

Sa bhliain 2024, dhaingnigh an Rialtas an Prótacal Roghnach a ghabhann le UNCRPD. Mar thoradh ar an gcéim sin a rabhthas ag súil léi le fada a chur i gcrích, tá sé de chumas ag Coiste na Náisiún Aontaithe um Chearta Daoine faoi Mhíchumas cumarsáidí a fháil agus a scrúdú ó dhaoine aonair nó ó ghrúpaí daoine aonair in Éirinn a mhaíonn gur fhulaing siad sárú ar na cearta atá cumhdaithe sa Choinbhinsiún. Fáiltíonn ÚNM roimh an daingniú mar chomhartha soiléir ar thiomantas an rialtais do chearta daoine faoi mhíchumas a aithint agus a chomhlíonadh.

Ba í seo freisin an bhliain inar cuireadh dlús le hobair chun ullmhú do chur chun feidhme na hIonstraime Eorpaí um Inrochtaineacht tar éis a trasuite i reachtaíocht na hÉireann ag deireadh na bliana 2023. Tá ról sainithe ag ÚNM chun comhairle agus tacaíocht a thabhairt d'údaráis um fhaireachas margaidh agus do chomhlachtaí rialála a bhfuil freagrachtaí orthu faoin Acht agus fáiltímid roimh an gcomhoibriú agus an comhar méadaitheach ar fud earnálacha difriúla agus iad ag obair chun an aidhm go mbeadh tuilleadh inrochtaineachta agus cuimsithe ann ar fud teorainneacha Eorpacha a bhaint amach.

I mbliain inar tharla roinnt imeachtaí toghcháin, nuashonraigh ÚNM an treoir a bhí aige roimhe seo do Chinn Chomhairimh maidir le vótáil inrochtana agus le stáisiúin vótála inrochtana. Bhí áthas orainn freisin caidreamh a dhéanamh leis an gCoimisiún Toghcháin chun treoir a thabhairt maidir le feabhsuithe féideartha ar inrochtaineacht an phróisis toghchórais. Cé gur gá tuilleadh feabhsuithe a dhéanamh, bhí áthas ar ÚNM roinnt dul chun cinn a thabhairt faoi deara le linn na dtoghchán áitiúil agus Eorpach sa bhliain 2024.

Ba é a bhí sa Chomhdháil Bhliantúil don bhliain 2024 ná ócáid inar taispeánadh an raon gníomhaíochtaí sóisialta, cultúrtha agus spóirt atá cuimsithe in Airteagal 30 de UNCRPD. Ar an lá, éascaíodh plé ríspéisiúil ar ghnéithe éagsúla an Airteagail mar aon le sraith taibhithe uathúla agus éirimiúla ceoil, filíochta agus drámaíochta chun an tallann i measc daoine faoi mhíchumas a cheiliúradh, rud a bhfuil sé mar aidhm ag an Airteagal seo é a aithint, a chothú agus a chur ar fáil do chách.

Bhí lúcháir orm freisin a bheith in ann an Plean Straitéiseach nua uainn don tréimhse 2025-2027 a chur i láthair an Uas. Roderic O'Gorman TD, an tAire Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Imeasctha agus Óige ag an am, lena cheadú. Leis an bplean sin, treorófar gníomhaíocht na heagraíochta sna blianta atá le teacht, agus leagtar béim ar leith ann ar ár láidreachtaí mar sholáthraí comhairle agus treorach fianaisebhunaithe maidir le nithe a bhaineann le míchumas agus le Dearadh Uilíoch. Sheol an tAire Anne Rabbitte, an tAire Stáit le freagracht as míchumas, an plean ag ár gComhdháil Bhliantúil i mí Dheireadh Fómhair 2024. Ba mhaith liom an deis seo a thapú buíochas a ghabháil leis an mbeirt iar-Airí as a dtacaíocht leanúnach do mhisean agus spriocanna ÚNM agus guím gach rath orthu ina ngairmeacha amach anseo.

Ba mhaith liom comhghairdeas a dhéanamh freisin leis an Aire Norma Foley, an tAire Leanaí, Míchumais agus Comhionannais nuacheaptha, as a ceapachán i dtús na bliana 2025. Fáiltímid roimh an díriú a leagtar ar nithe míchumais i gClár an Rialtais 2025 a comhaontaíodh le déanaí agus roimh na gealltanais a thugtar ann ina leith agus táimid ag súil le hobair i ndlúthchomhar leis an Aire agus le Hildegarde Naughton, comhghleacaí léi agus Aire Stáit le freagracht as míchumas, chun na gealltanais sin a bhaint amach sna blianta atá le teacht.

Mar fhocal scoir, ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis na comhaltaí eile den Údarás Náisiúnta Míchumais. Mar bhord, déanaimid formhaoirseacht ar phunann leathan gníomhaíochtaí taighde, faireacháin, treorach agus comhairleacha a bhaineann le míchumas agus le Dearadh Uilíoch. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil leo as a dtiomantas do mhisean agus fís na heagraíochta, agus as an dúshlán cuiditheach a leag siad ar fhoireann ÚNM na spriocanna sin a chur chun cinn. Tugann baill foirne na heagraíochta saineolas agus tiomantas ar mhaithe le cuspóirí straitéiseacha an Údaráis a bhaint amach agus, mar a fheicfidh tú ó na leathanaigh seo a leanas, chuir siad clár oibre iontach i gcrích sa bhliain 2024. Tá súil agam go mbainfidh tú taitneamh as léamh tuilleadh faoi sa tuarascáil seo.



Is mise le meas,

**Kathryn O'Donoghue**
**Cathaoirleach**

# Súil siar ar an mbliain 2024

**Sa bhliain 2024, lean ÚNM le hobair a chur i gcrích faoi na cúig Thosaíocht Straitéiseacha atá sainaitheanta sa Phlean Straitéiseach uaidh don tréimhse 2022-2024:**

1. **Comhairle agus treoir neamhspleách fhianaisebhunaithe a sholáthar, tacú le comhordú beartas, cur chun feidhme straitéisí agus beartas náisiúnta a chur ar aghaidh, agus spriocanna Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas a chomhlíonadh;**
2. **Measúnú, faireachán agus meastóireacht neamhspleách a dhéanamh ar an dul chun cinn a bhíonn á dhéanamh ar bheartais, straitéisí agus cóid chleachtais ar fud an rialtais;**
3. **Gníomhaíochtaí a chur ar aghaidh chun feasacht ar Dhearadh Uilíoch, agus an glacadh le Dearadh Uilíoch i gcoitinne, a chur chun cinn ar fud na hÉireann;**
4. **Próisis láidre oscailte a chothú le haghaidh idirchaidreamh a dhéanamh le daoine a bhfuil míchumas orthu agus leis an mórphobal míchumais agus le haghaidh dul i gcomhairle leo;**
5. **Éifeachtacht eagraíochtúil a chothabháil agus a fheabhsú.**

D'fhorbair ÚNM a phlean oibre don bhliain 2024 ar aon dul leis na tosaíochtaí sin agus bunaithe ar chomhairliúchán le raon leathan geallsealbhóirí, lenar áiríodh eagraíochtaí do dhaoine faoi mhíchumas. Chomh maith leis sin, rinne an eagraíocht a cuid oibre laistigh den mhór-chomhthéacs beartais in Éirinn sa bhliain. Áiríodh leis sin obair chun an chéad Straitéis Náisiúnta Míchumais eile a fhorbairt, Treoracha Eorpacha a chur chun feidhme agus díriú ar chuimsiú agus ar mhíchumas le linn feachtas olltoghcháin agus idirbheartaíocht le haghaidh rialtas nua sa bhliain 2025.

## UNCRPD agus Straitéis Náisiúnta Míchumais nua

Le linn na bliana 2024, lean an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige (RLCMLÓ) le hobair a chur ar aghaidh chun Straitéis Náisiúnta Míchumais a fhorbairt mar chomharba ar an Straitéis Náisiúnta um Chuimsiú Míchumais (2017-2022). Nuair a bheidh sí tugtha chun críche, beidh an Straitéis ar an bpríomhshásra chun spriocanna Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas (UNCRPD) a bhaint amach i gcomhthéacs na hÉireann.

Iarradh ar ÚNM tacú leis an Roinn an obair sin a chur i gcrích trí phróiseas fadréimseach náisiúnta comhairliúcháin a éascú, lenar áiríodh tionscnaimh a bhí ceaptha chun dul i bhfeidhm ar dhaoine nach gcluintear uathu go minic. Cuireadh tús leis an obair sin ag deireadh na bliana 2023 agus leanadh léi sa chéad ráithe den bhliain 2024. Bhí rannpháirtíocht dhearfach ann ag raon leathan geallsealbhóirí agus forbraíodh tuarascáil comhairliúcháin i roinnt formáidí. Foilseofar an tuarascáil sin i dteannta na Straitéise nua, atá le teacht sa dara ráithe den bhliain 2025.

Rannchuidigh ÚNM leis an Straitéis a chur le chéile ar fud na bliana 2024, trínár mballraíocht i nGrúpa na nOifigeach Sinsearach don Straitéis Náisiúnta Míchumais agus trí cheardlanna agus imeachtaí caidrimh eile a d'eagraigh RLCMLÓ, i measc nithe eile. Thugamar comhairle freisin maidir le creat faireachán agus struchtúir formhaoirseachta i ndáil leis an Straitéis nua.

I mí na Samhna 2024, d'aontaigh an Rialtas don Phrótacal Roghnach a ghabhann le UNCRPD. Leis an bPrótacal Roghnach, cuirtear ar chumas Choiste na Náisiún Aontaithe um Chearta Daoine faoi Mhíchumas cumarsáidí a fháil agus a scrúdú ó dhaoine aonair nó ó ghrúpaí daoine aonair in Éirinn a mhaíonn gur fhulaing siad sárú ar na cearta atá aitheanta agus cosanta ag an gCoinbhinsiún, nó cumarsáidí a fháil agus a scrúdú thar ceann na ndaoine aonair agus na ngrúpaí daoine aonair sin, ar an gcoinníoll de ghnáth go bhfuil gach leigheas intíre ídithe ar dtús. Thug ÚNM comhairle don Rialtas sa phlé roimh an aontachas.

Bhí áthas orainn freisin leanúint leis an gcleachtas atá ar bun againn le déanaí téama ár gComhdhála Bliantúla a dhíriú ar airteagal ar leith de UNCRPD. Sa bhliain 2024, bhreithnigh an chomhdháil Airteagal 30 de UNCRPD, a bhaineann le rannpháirtíocht daoine faoi mhíchumas sa saol cultúrtha, san áineas, san fhóillíocht agus sa spórt. Bhí freastal maith ar an gcomhdháil, rud a ghin spéis shuntasach i réimsí nach mbíonn le sonrú go mór de ghnáth sa dioscúrsa beartais chun cearta daoine a bhfuil míchumas orthu a chur chun cinn.

## Fostaíocht

Chuir ÚNM in iúl arís agus arís eile go bhfuil an fhostaíocht ar cheann amháin de na cumasóirí is tábhachtaí ó thaobh cuimsithe shocheacnamaíoch de agus d'aghaidh a thabhairt ar an mbochtaineacht, rud atá níos coitianta i measc daoine faoi mhíchumas ná mar atá sé i measc daoine nach bhfuil faoi mhíchumas.

I lár na bliana 2024, d'fhoilsigh ÚNM an measúnú bliantúil neamhspleách uaidh ar an dul chun cinn sa bhliain 2023 ar an Straitéis Chuimsitheach Fostaíochta. Ós rud é nach raibh aon phlean gníomhaíochta ná aon struchtúir faireacháin i bhfeidhm, rinneadh iarracht sa tuarascáil sin gníomhartha a bhí ar siúl agus a bhaineann le tosaíochtaí straitéiseacha na Straitéise Cuimsithí Fostaíochta a dhoiciméadú agus sainaithníodh inti réimsí ina mbeadh gá le tuilleadh dírithe, lena n-áirítear faoin Straitéis Náisiúnta Míchumais nua. Chomh maith leis sin, d'fhoilsíomar pléph※páipéar ar conas a d'fhéadfaí spriocanna náisiúnta nua don ráta fostaíochta daoine faoi mhíchumas a chomhaontú agus a shocrú, agus ar conas a d'fhéadfaí an dul chun cinn i dtreo na spriocanna sin a rianú le himeacht ama.

Chuir ÚNM tús le tuarascáil a fhorbairt chun forbhreathnú a sholáthar ar an dul chun cinn agus ar na dúshláin a bhain leis an Straitéis Chuimsitheach Fostaíochta do Dhaoine faoi Mhíchumas 2015-2024. Foilsíodh an tuarascáil deiridh straitéise sin ina ndearnadh scrúdú freisin ar shraith táscairí a bhaineann le fostaíocht i dtús na bliana 2025 agus soláthrófar léi foghlaim chun bonn eolais a chur faoin gcolún fostaíochta sa Straitéis Náisiúnta Míchumais nua.

Bhí áthas orainn a thabhairt dár n-aire freisin le linn na bliana 2024 nach raibh aon laghdú ann i ndáil le fostú daoine faoi mhíchumas san earnáil phoiblí. Léiríodh sa tuarascáil bhliantúil ó ÚNM ar chomhlíonadh Chuid 5 den Acht um Míchumas don bhliain 2023 gur dhearbhaigh 4.1% d'fhostaithe san earnáil phoiblí go bhfuil míchumas orthu. Cé gur rud an-mhaith é sin, leanaimid le caidreamh a dhéanamh le comhlachtaí poiblí chun a chinntiú go sroicheann siad an íos-sprioc maidir leis an gcéatadán d'fhórsa saothair na hearnála poiblí atá comhdhéanta de dhaoine a bhfuil míchumas orthu, rud a méadaíodh go 4.5% don bhliain 2024 agus a méadófar go 6% faoin mbliain 2025. Tar éis athbhreithniú a dhéanamh ar cheisteanna a cuireadh ar eagraíochtaí faoi Chuid 5, tá sonraí níos cuimsithí i dtuarascáil na bliana 2023 faoi na struchtúir agus na cleachtais atá i bhfeidhm ag eagraíochtaí chun tacú le fostaithe a bhfuil míchumas orthu.

## Cinnteoireacht Chuidithe

Tar éis thosach feidhme an Achta um Chinnteoireacht Chuidithe (Cumas), 2015 (arna leasú), i mí Aibreáin 2023, tháinig méadú de réir a chéile sa bhliain 2024 ar an líon iarratas ó dhaoine a ndearnadh Coimircithe Cúirte díobh agus a bhí ag iarraidh tús a chur leis an bpróiseas um scaoileadh amach as coimircíocht. Lean ÚNM lena thaighde ar an bpróiseas um scaoileadh amach le linn na bliana 2024, agus é mar aidhm aige tuiscint a ghnóthú ar an eispéireas a bhí ag daoine a bhí ina gCoimircithe Cúirte agus ag a gCoistí leis an bpróiseas um aistriú amach ó choimircíocht. Breithnítear sa taighde freisin dearcthaí agus eispéiris na ngairmithe agus na bpríomh-ghealLsealbhóirí a bhfuil baint acu leis an aistriú ó choimircíocht chuig an gcóras nua cinnteoireachta faoi thacaíocht, agus é mar aidhm leis a shainaithint cé na réimsí a bhféadfaí feabhsuithe nó breisithe a dhéanamh iontu. Cuireadh réamhfhionnachtana in iúl do roinnt geallsealbhóirí iomchuí ag deireadh na bliana 2024 agus bhí comhdhearcadh ann gur cheart leanúint leis an taighde, d'fhonn na heispéiris a bhí ag tuilleadh Coimircithe Cúirte agus ag a gCoistí agus ag raon níos leithne geallsealbhóirí a ghabháil.

## Caighdeáin agus Faireachán

Sa bhliain 2024, lean ÚNM le comhlíonadh a dhéanamh ar na freagrachtaí reachtúla atá air maidir le faireachán a dhéanamh ar chomhlíonadh na reachtaíochta iomchuí. Áiríodh leis sin faireachán a dhéanamh ar fheidhmíocht i ndáil le fostú daoine faoi mhíchumas san earnáil phoiblí (mar atá thuas) agus comhlíonadh Threoir an Aontais Eorpaigh maidir le hInrochtaineacht Gréasáin. Leanamar freisin le faireachán a dhéanamh ar fheidhmíocht i ndáil le Cuid 3 den Acht um Míchumas, mar a fhoráiltear dó sa Chód Cleachtais maidir le Seirbhísí Poiblí agus Faisnéis Inrochtana, agus triail á baint as Intleacht Shaorga a úsáid le haghaidh próiseas bailithe sonraí níos éifeachtúla.

Bhí áthas orainn freisin forbairt an Chóid Cleachtais maidir le Foirgnimh Phoiblí Inrochtana a chur i gcrích mar a d'iarr an tAire. Seachadadh é ag deireadh na bliana 2024. Táimid ag súil leis an gCód sin agus le leagan athbhreithnithe den Chód maidir le Seirbhísí Poiblí agus Faisnéis Inrochtana atá luaite thuas a bheith á gceadú a luaithe is féidir. Leis sin, cuirfear ar ár gcumas faireachán tráthrialta a dhéanamh chun dea-chleachtas a shainaithint mar a bhfuil sé agus freisin chun treoir a thabhairt maidir le réimsí a dteastaíonn tuilleadh dírithe ina leith.

Leanann foireann ÚNM freisin le rannchuidiú le forbairt agus athbhreithniú a dhéanamh ar chaighdeáin a bheidh ábhartha do chur chun feidhme na hIonstraime Eorpaí um Inrochtaineacht. Ina theannta sin, tá dea-dhul chun cinn déanta ar an obair ar thuarascáil

maidir le 'Teaghaisí Deartha Uilíoch – ceanglais agus moltaí' a fhorbairt. Tá sé mar aidhm léi soláthar a dhéanamh do chaighdeánú na tuisceana ar phrionsabail agus gnéithe an Deartha Uilíoch i measc údaráis áitiúla agus i measc gairmithe timpeallachta tógtha. Táimid ag súil leis an gcaighdeán sin a bheith á chur faoi chéim fiosrúcháin phoiblí sa chéad sé mhí den bhliain 2025 agus leis an gcaighdeán a bheith á thabhairt chun críche a luaithe is féidir ina dhiaidh sin.

## Sonraí agus Staitisticí

Tá ÚNM ag obair go gníomhach le roinnt blianta anuas ar chás a chur le chéile ar son Suirbhé Náisiúnta Míchumais. Rinne an Phríomh-Oifig Staidrimh suirbhé den sórt sin sa bhliain 2006 tar éis Dhaonáireamh 2006 agus soláthraíodh leis raon leathan sonraí a úsáideadh chun bonn eolais a chur faoin mbeartas.  Tá RLCMLÓ ag cur an cháis gnó ar aghaidh chuig an Rialtas anois, agus bhunaigh sé grúpa stiúrtha a bhfuil ÚNM páirteach ann. D'iarr RLCMLÓ ar ÚNM comhairliúchán a stiúradh le heagraíochtaí do dhaoine faoi mhíchumas, le daoine faoi mhíchumas, le geallsealbhóirí eile ón tsochaí shibhialta agus ón lucht léinn agus le geallsealbhóirí iomchuí eile maidir le Suirbhé Náisiúnta Míchumais féideartha. Bhain ÚNM leas as dea-rannpháirtíocht sa chomhairliúchán agus d'fhorbair sé tuarascáil comhairliúcháin a bheidh mar bhonn eolais faoin gcás gnó agus faoi na chéad chéimeanna eile.

Chomh maith leis sin, nuashonraíomar obair roimhe ar spriocanna a shocrú maidir le fostú daoine faoi mhíchumas. Le páipéar a foilsíodh sa bhliain 2024, cuireadh ar ár gcumas obair roimhe sin a nuashonrú agus aird chuí á tabhairt ar na feabhsuithe foriomlána i margadh saothair na hÉireann, ar an bhfáil ar fhoinsí sonraí éagsúla, agus ar an dea-chleachtas idirnáisiúnta maidir le cuótaí nó spriocanna a bhunú agus maidir le feidhmíocht a thomhas ina gcoinne. Tá súil againn go mbainfear leas as an obair sin sa phróiseas arb éard é gealltanais fostaíochta a chomhaontú faoin Straitéis Náisiúnta Míchumais atá le teacht.

## An t-iompar agus an tsoghluaisteacht

Sa bhliain 2024, rinne ÚNM aighneachtaí chuig Ranna Rialtais agus chuig comhlachtaí poiblí maidir le hábhair éagsúla, agus treoir agus fianaise á dtabhairt chun bonn eolais a chur faoi dhéanamh beartas chun feabhas a chur ar inrochtaineacht seirbhísí poiblí. Réimse dírithe ar leith is ea iompar agus taisteal gníomhach, agus aitheantas á thabhairt don tábhacht a bhaineann le hiompar sábháilte agus inrochtana mar chumasóir rannpháirtíochta socheacnamaíche. Tá ÚNM ag leanúint le béim a leagan ar na dúshláin a dtagann daoine faoi mhíchumas orthu nuair a dhéantar athruithe ar an timpeallacht thógtha gan aon chomhairliúchán agus gan aird chuí a thabhairt ar a gcuid riachtanas. In áiteanna ina mbíonn spásanna uirbeacha á gcomhroinnt idir coisithe, rothaithe agus mótarfheithiclí, bíonn na dúshláin sin níos measa agus is féidir leo a fhágáil go roghnaíonn daoine faoi mhíchumas tarraingt siar ó rannpháirtíocht thráthrialta sa saol sóisialta agus i saol an phobail ar mhaithe lena sábháilteacht. Leanaimid le caidreamh a dhéanamh le húdaráis áitiúla agus le soláthraithe iompair chun moltaí a thairiscint faoi bhealaí ar ar féidir na rioscaí sin a mhaolú ar bhealaí praiticiúla chun riachtanais gach úsáideora bóithre, rotharbhealaí agus cosán a léiriú.

## Dearadh Uilíoch

Centre for Excellence in Universal Design

Trína Lárionad Sármhaitheasa i nDearadh Uilíoch (an Lárionad Sármhaitheasa), lean ÚNM leis an bhfeasacht ar Dhearadh Uilíoch agus leis an nglacadh leis a chur chun cinn ar fud raon leathan réimsí. Rinneadh dul chun cinn sa bhliain 2024 ar obair shuntasach maidir le Dearadh Uilíoch i réimse an Oideachais, agus fáiltímid roimh an dul chun cinn atá déanta ag institiúidí ardoideachais maidir le bonneagar campais a fhorbairt chun cuimsiú gach mic léinn ar mian leo páirt a ghlacadh in oideachas tríú leibhéal a uasmhéadú, lena n-áirítear iad siúd a bhfuil uathachas nó míchumas intleachta orthu.

Chomh maith leis sin, d'fhoilsigh an Lárionad treoir Deartha Uilíoch maidir le Leithris is Áiteanna Feistis a dhearadh agus a chothabháil le linn na bliana 2024. Tá an treoir sin beartaithe le bheith ina treoir phraiticiúil d'fhorbróirí foirgneamh agus do bhainisteoirí foirgneamh maidir le conas Leithris is Áiteanna Feistis a chur ar áireamh ina n-áitreabh, agus iad ag freastal ar riachtanais an lín aird daoine faoi mhíchumas agus ball teaghlaigh leo nach mbeadh in ann páirt iomlán a ghlacadh i saol an phobail murach sin. Táthar ag súil go n-úsáidfear an treoir sin go forleathan i spásanna poiblí iomchuí sna míonna agus blianta atá le teacht, ionas go dtiocfaidh méadú ar sholáthar na saoráidí sin in Éirinn chun go mbeidh sé ar chómhaith leis an soláthar sin atá i dtíortha eile san Eoraip, lena n-áirítear ár gcomharsana i dTuaisceart Éireann.

## Áitreabh ÚNM

Ag druidim le deireadh na bliana 2024, bhí áthas ar ÚNM tús a chur le clár oibreacha chun feabhas a chur ar inrochtaineacht a fhoirgnimh féin. Críochnófar na hoibreacha sa bhliain 2025 agus áireofar leo bearta chun comhlíonadh na rialachán reatha maidir le comhlíonadh dóiteáin agus le sábháilteacht dóiteáin a chinntiú, mar aon le bearta chun aghaidh a thabhairt ar na moltaí ó iniúchadh inrochtaineachta a rinneadh sa bhliain 2019. I measc na n-oibreacha tá saoráid Leithris is Áit Feistis a shuiteáil agus bealach isteach feabhsaithe agus spás fáiltithe feabhsaithe a shuiteáil in oifigí ÚNM.

Mar gheall ar chineál an fhoirgnimh, agus é ina dhéanmhas cosanta, ba ghá pleanáil chúramach agus ullmhú cúramach a dhéanamh le haghaidh na n-oibreacha sin, ach táimid ag súil le bheith in ann fáilte a chur roimh bhaill foirne agus roimh chuairteoirí chuig áitreabh feabhsaithe sa bhliain 2025.

## Plean Straitéiseach ÚNM 2025-2027

Leis an Acht um Údarás Náisiúnta Míchumais, 1999, ceanglaítear ar an eagraíocht Plean Straitéiseach a thíolacadh don Aire lena cheadú tráth nach déanaí ná sé mhí roimh thosach feidhme an phlean sin. Rinneadh obair chun an Plean Straitéiseach 2025-2027 a fhorbairt agus a chur i gcrích i dtús na bliana 2024 mar sin, lenar áiríodh comhairliúchán le geallsealbhóirí seachtracha agus le baill foirne. Agus an t-aiseolas agus na forbairtí sa tírdhreach míchumais á n-úsáid mar bhonn eolais, d'fhorbair an tÚdarás an dréachtphlean chun díriú na heagraíochta a threorú sna blianta atá le teacht agus chuir sé faoi bhráid an Aire é i dtús mhí an Mheithimh 2024. Ceadaíodh an plean ina dhiaidh sin agus leagadh faoi bhráid Thithe an Oireachtais é sular sheol an tAire Anne Rabbitte é go foirmiúil ag Comhdháil Bhliantúil ÚNM i mí Dheireadh Fómhair 2024. Rinneadh pleanáil oibre don bhliain 2025 ag deireadh na bliana 2024 de réir an Chreata Straitéisigh nua sin.

Tá súil againn go mbainfidh tú leas as an eolas is deireanaí atá le fáil sa chuid eile den tuarascáil seo ar na gníomhaíochtaí sin agus ar ghníomhaíochtaí eile.




*Seolann an tAire Anne Rabbitte Plean Straitéiseach nua an NDA le Stiúrthóir NDA Aideen Hartney agus an Cathaoirleach Kathryn O'Donoghue*

# Tosaíocht Straitéiseach 1

# Tosaíocht Straitéiseach 1:

**"Comhairle agus treoir neamhspleách fhianaisebhunaithe a sholáthar, tacú le comhordú beartas, cur chun feidhme straitéisí agus beartas náisiúnta a chur ar aghaidh, agus spriocanna Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas a chomhlíonadh"**

## An Straitéis Náisiúnta Míchumais

Leanadh sa bhliain 2024 le hobair ar Straitéis Náisiúnta Míchumais nua a fhorbairt. Idir deireadh na bliana 2023 agus an chéad ráithe den bhliain 2024, sheol ÚNM próiseas comhairliúcháin náisiúnta ar an Straitéis nua thar ceann RLCMLÓ. Buntaca leis an gcomhairliúchán ba ea prionsabail na rannpháirtíochta, agus bhí sé mar aidhm leis a bheith ina phróiseas dílis, inrochtana agus trédhearcach le haghaidh caidreamh fiúntach a dhéanamh le daoine faoi mhíchumas, agus díriú á leagan freisin ar shaincheisteanna a ghabháil do dhaoine a bhfuil féiniúlachtaí trasnacha acu.

Áiríodh leis an gcomhairliúchán fócasghrúpaí téamacha ar líne (e.g., ar Chostas an Mhíchumais), fócasghrúpaí ar líne le grúpaí ar leith (e.g., le mná, le daoine de Lucht Siúil na hÉireann agus le daoine LADTI+), cruinnithe halla baile i bpearsa agus ar líne, suirbhé náisiúnta agus aighneachtaí scríofa. Cé nach bhfuil sé foilsithe go fóill, ullmhaíodh tuarascálacha i mBéarla, i nGaeilge agus i dTeanga Sholéite agus físeáin ina leagtar béim ar na fionnachtana i dTeanga Chomharthaíochta na hÉireann, agus fotheidil agus guthuithe ar áireamh iontu, mar thoradh ar an gcomhairliúchán sin. Tá tuilleadh mionsonraí faoin gcomhairliúchán ar áireamh faoi Thosaíocht Straitéiseach 4.



Ghlac ÚNM páirt freisin i raon imeachtaí agus cruinnithe ar fud na bliana 2024 chun an próiseas forbartha Straitéise a chur chun cinn. Áiríodh leo sin roinnt 'Painéil Dúshláin' ar reáchtáil RLCMLÓ iad agus inar pléadh go mion na gníomhartha imlíne a mhol ranna éagsúla lena gcur ar áireamh sa Straitéis. Rinneadh moltaí maidir le réimsí le haghaidh athbhreithnithe nó le haghaidh tuilleadh dírithe, chomh maith le gníomhartha chun aghaidh a thabhairt ar bhearnaí suntasacha. Tuigimid go raibh na seisiúin sin an-luachmhar don Roinn agus í ag obair chun gealltanais a idirbheartú leis na ranna agus gníomhaireachtaí éagsúla a mbeidh freagrachtaí orthu faoin Straitéis. Ghlacamar páirt freisin i nGrúpa na nOifigeach Sinsearach don Straitéis Náisiúnta Míchumais agus sholáthraíomar comhairle maidir le creat faireacháin agus le struchtúir formhaoirseachta.

I mí Iúil, d'fhreastail Stiúrthóir ÚNM agus Ceann na Rannóige Beartais, Taighde agus Gnóthaí Poiblí ar Fhóram Réamhbhuiséid RLCMLÓ. Ba é sin an chéad fhóram dá chineál ar reáchtáil RLCMLÓ é riamh agus ba é an aidhm a bhí leis ná faisnéis a bhailiú ó raon leathan geallsealbhóirí maidir le tosaíochtaí cistiúcháin do Bhuiséad 2025 de réir shainchúram na Roinne. Leag rannpháirtithe béim ar an tábhacht a bhaineann le tacaí agus seirbhísí míchumais atá dírithe ar an duine, ar an tábhacht a bhaineann le nuálaíocht sa chóras, agus ar an tábhacht a bhaineann le dul i ndlúthchomhairle le heagraíochtaí do dhaoine faoi mhíchumas sna próisis chinnteoireachta. Maidir le han-chuid den fhaisnéis ar sholáthair geallsealbhóirí í, bainfear leas aisti le linn na gealltanais is féidir a chur áireamh sa Straitéis nua a bhreithniú.

## An Prótacal Roghnach a ghabhann le UNCRPD

Cheadaigh an Rialtas aontachas leis an bPrótacal Roghnach a ghabhann le UNCRPD i mí Dheireadh Fómhair 2024, agus tháinig an Prótacal Roghnach in éifeacht in Éirinn an 30 Samhain. Tharla an gníomh sin tar éis Grúpa Oibre Idir-Rannach a bhunú i mí an Mhárta 2024, a raibh sé mar chuspóir aige a bhealach a dhéanamh trí chastachtaí an daingnithe. D'fhreastail ÚNM ar an nGrúpa Oibre Idir-Rannach sin i mí an Mheithimh 2024 chun ceisteanna sonracha a bhí ábhartha dár saineolas a fhreagairt.

Tar éis an aontachais, féadfaidh daoine in Éirinn leas a bhaint anois as "nós imeachta cumarsáide" an Phrótacail Roghnaigh. Leis an nós imeachta sin, cuirtear ar chumas Choiste na Náisiún Aontaithe um Chearta Daoine faoi Mhíchumas cumarsáidí a fháil agus a scrúdú ó dhaoine aonair nó ó ghrúpaí daoine aonair in Éirinn a mhaíonn gur fhulaing siad sárú ar na cearta atá aitheanta agus cosanta ag an gCoinbhinsiún, nó cumarsáidí a fháil agus a scrúdú thar ceann na ndaoine aonair agus na ngrúpaí daoine aonair sin. Tá ceanglas ann, áfach, nach mór gach leigheas intíre a bheith ídithe sula bhféadfar gearán a chur faoi bhráid Choiste na Náisiún Aontaithe. Éifeacht eile atá leis an bPrótacal Roghnach is ea go gceadaítear do Choiste na Náisiún Aontaithe tabhairt faoi fhiosrúcháin i gcásanna ina bhfaigheann sé fianaise iontaofa ar 'sháruithe tromchúiseacha nó sistéamacha' ar an gCoinbhinsiún.

## An Straitéis Nuálaíochta Uathachais

An 26 Lúnasa, seoladh an Straitéis Nuálaíochta Uathachais, a sholáthraíonn creat le haghaidh gníomhaíocht trasrialtais ar uathachas thar na 18 mí atá romhainn. Cuimsítear sa straitéis 83 ghníomh ar fud ceithre cholún agus forbraíodh í tar éis comhairliúcháin le raon leathan geallsealbhóirí, lena n-áirítear daoine a bhfuil uathachas orthu. Rannchuidigh ÚNM le comhairliúcháin phoiblí na bliana 2022 agus na bliana 2024 araon, agus aighneachtaí á soláthar don dá cheann díobh. Chomh maith leis sin,

sannadh freagracht ar ÚNM as roinnt gníomhartha a chur chun feidhme faoin straitéis, lena gclúdaítear raon réimsí, amhail sonraí, ceartas, taighde, Dearadh Uilíoch agus fostaíocht. Chuireamar tús le hobair ar roinnt de na gníomhartha sin tráth dheireadh na bliana 2024 agus leanfaimid leis an obair sin a chur chun cinn sa bhliain 2025. Tugadh cuireadh do ÚNM chun dul isteach sa Ghrúpa Stiúrtha don Straitéis freisin. Is é an toradh a bheidh air sin go gcuirfear ar ár gcumas comhordú ár ngníomhartha le páirtithe eile a chinntiú chun an tionchar is mó a chinntiú.

**Leanúint le taighde a sholáthar de réir ardchaighdeán, bunaithe ar na forbairtí acadúla is déanaí, ar an gcleachtas in Éirinn agus i ndlínsí eile, agus ar thaithí fíorshaoil daoine a bhfuil míchumas orthu**

## Taighde ar Choimircithe Cúirte

Tosaíodh an tAcht um Chinnteoireacht Chuidithe (Cumas), 2015, i mí Aibreáin 2023, agus ba le reachtaíocht leasaitheach a tosaíodh an próiseas arb éard é deireadh a chur leis an gcóras coimircíochta aosach. Foráiltear leis an reachtaíocht do thréimhse trí bliana ar lena linn nach mór gach aosach a scaoileadh amach as coimircíocht.

Tá ÚNM i mbun taighde a bhfuil sé mar aidhm leis meastóireacht a dhéanamh ar an scor den chóras coimircíochta in Éirinn agus eispéiris daoine a bhí ina gCoimircithe Cúirte a dhoiciméadú agus iad ag aistriú chuig córas cinnteoireachta faoi thacaíocht. Tá an taighde bunaithe ar Airteagal 12 de UNCRPD, lena dtugtar aghaidh ar an gceart chun aitheantas comhionann os comhair an dlí a fháil. Áirítear leis an staidéar agallaimh le daoine atá nó a bhí ina gCoimircithe Cúirte agus lena Choistí, breathnú ar éisteachtaí Ard-Chúirte le haghaidh daoine a scaoileadh amach ó choimircíocht, agus agallaimh le príomh-gheallsealbhóirí a bhfuil baint acu leis an bpróiseas um dheireadh a chur le coimircíocht.

Bhí roinnt deacrachtaí ag ÚNM rannpháirtithe a earcú le haghaidh an taighde, rud atá ag teacht leis an ráta rannpháirtíochta an-íseal sa phróiseas um scaoileadh amach go dtí seo. Tugtar le fios i sonraí ó Oifig na gCoimircithe Cúirte nach bhfuarthas iarratais ar scaoileadh amach sa chéad bhliain den phróiseas um scaoileadh amach ach amháin i ndáil le 145 aosach. B’ionann an líon sin agus níos lú ná 7% díobh sin a bhí faoi choimircíocht. Mhéadaigh sé sin go 230 aosach faoi mhí Lúnasa 2024, arbh í an tréimhse inar bailíodh sonraí tosaigh ÚNM í. Leathnaíodh iarrachtaí feasacht a mhúscailt ar an taighde ar Choimircithe Cúirte agus rannpháirtíocht ann a spreagadh. Áiríodh leo sin póstaeir a scaipeadh ar leabharlanna poiblí, ar ionaid cúraim phríomhúil agus ar ionaid acmhainní do theaghlaigh ar fud na tíre, ailt a fhoilsiú i nuachtlitreacha ábhartha, agallaimh a dhéanamh ar stáisiúin réigiúnacha raidió, agus freastal ar chruinnithe agus imeachtaí ábhartha faisnéise.

I dtús na bliana 2024, bhuail ÚNM leis an Roinn Dlí agus Cirt chun bealaí a phlé chun tuilleadh soiléire a thabhairt ar shaincheist na gcostas cúnaimh dhlíthiúil do dhaoine atá á scaoileadh amach as coimircíocht. Ar cuireadh a fháil ón Roinn Dlí agus Cirt, sholáthair ÚNM aighneacht don Roinn maidir le rialacháin reachtúla a fhorbairt maidir le costais cúnaimh dhlíthiúil d’aosaigh atá faoi choimircíocht in iarratais ar scaoileadh amach, mar a fhoráiltear dó san Acht um Chinnteoireacht Chuidithe (Cumas). Tá níos mó soiléire ag teacht chun cinn anois maidir le costais den sórt sin, rud a gcuirtear fáilte roimhe.

Agus comhthéacs níos leithne á chur leis an taighde leanúnach ina scrúdaítear próiseas agus eispéiris na ndaoine atá ag teacht amach as coimircíocht, d’ullmhaigh ÚNM freisin

páipéar cúlra ar aistear na hÉireann ó choimircíocht chuig cinnteoireacht faoi thacaíocht ó thaobh UNCRPD de. Go háirithe, déantar breithniú sa pháipéar ar an dul chun cinn atá déanta ag Éirinn maidir le comhlíonadh a dhéanamh ar cheanglais Airteagal 12 de UNCRPD maidir le haitheantas comhionann os comhair an dlí, agus ar an treoir ó Choiste na Náisiún Aontaithe maidir leis an topaic sin, trí chomparáid a dhéanamh idir an seanchóras coimircíochta agus an creat nua cinnteoireachta faoi thacaíocht faoin Acht um Chinnteoireacht Chuidithe (Cumas). Foilseofar an páipéar i dtús na bliana 2025.

Chomhroinn ÚNM réamhfhionnachtana ag deireadh na bliana 2024 leis an nGrúpa Comhairleach Taighde, leis an gCoiste Eitice Taighde agus le roinnt príomh-gheallsealbhóirí eile. Bhí comhdhearcadh láidir ann gur cheart leanúint leis an taighde chun go n-áireofaí níos mó Coimircithe Cúirte agus a gCoistí agus níos mó geallsealbhóirí eile leis chun a chinntiú go ngabhfaí dearcthaí níos leithne. Leanfar leis an taighde sa bhliain 2025.

## An Scéim Cur Chun Cinn Taighde 2023-2024

Riarann ÚNM Scéim Cur Chun Cinn Taighde thart ar gach dhá bhliain, faoi réir buiséad a bheith ar fáil.

Ba é téama na Scéime Cur Chun Cinn Taighde don tréimhse 2023-2024 'Míchumas i nGrúpaí agus Pobail Imeallaithe'. Iarradh ar eagraíochtaí do dhaoine faoi mhíchumas trácht a dhéanamh ar liosta téamaí beartaithe, agus cuireadh a gcuid barúlacha san áireamh agus an téama deiridh á roghnú. Ba é an aidhm atá leis seo taighde a chistiú ina scrúdaítear an trasnaíocht a bhaineann le duine a bheith ina b(h)all faoi mhíchumas de ghrúpaí imeallaithe. Den chéad uair riamh, tháinig Saineolaí de bharr Taithí leis an bhfoireann athbhreithniúcháin chun iarratais a mheasúnú agus chun na hiarratasóirí rathúla a roghnú.

Ba iad seo a leanas na tionscadail atá á gcistiú faoin scéim don tréimhse 2023-2024:

1. Ollscoil na Gaillimhe agus Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath: Rinne an tOllamh Eilionóir Flynn agus a foireann scrúdú ar na bacainní atá roimh dhaoine faoi mhíchumas a bhfuil ilfhéiniúlachtaí imeallaithe acu a mhéid a bhaineann le hiarrthóireacht pholaitiúil nó le hoifig thofa a shealbhú.
2. Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath: Rinne an Dr Julie Broderick agus a foireann imscrúdú ar scála agus tionchar an mhíchumais fhisiciúil ar dhaoine atá gan dídean go fadtéarmach in Éirinn.

Foilsíodh an chéad tuarascáil i dtús na bliana 2025. Ba é 'Míchumas, Éagsúlacht agus Féiniúlacht i dToghcháin Áitiúla agus Eorpacha na hÉireann 2024' teideal na tuarascála sin. Fuarthas dréacht den dara tuarascáil agus foilseofar an tuarascáil sin i lár na bliana 2025.

## An Tionscadal Comhpháirtíochta atá ar bun le ESRI

Thug ÚNM agus an Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta (ESRI) faoi chlár taighde comhpháirtíochta ar nithe a bhaineann le míchumas le blianta beaga anuas. Is é an phríomhsprioc atá leis an gclár eolas a chruthú agus a fheabhsú ar réimsí sonracha beartais a bhaineann le saol daoine faoi mhíchumas. An tionscadal atá fágtha

ón gcomhpháirtíocht sin is ea taighde a dhéanamh ar an tionchar atá ag paindéim COVID-19 ar an margadh saothair chun tuiscint níos fearr a fháil ar na héifeachtaí a bhí ag an bpaindéim ar na torthaí fostaíochta do dhaoine a bhfuil míchumas orthu. Bhí roinnt fadhbanna ann maidir le sonraí ón Suirbhé ar an Lucht Saothair ón bPríomh-Oifig Staidrimh a rochtain agus a anailísiú, rud a chuir moill ar an tionscadal sin. Fuarthas dréacht-anailís ag deireadh na bliana 2024 ar ar a bonn a soláthraíodh aiseolas, agus oibreoimid le ESRI chun an obair sin a thabhairt chun críche i dtús na bliana 2025.

**Fionnachtana taighde agus anailís beartais a aistriú ina gcomhairle phraiticiúil inghníomhaithe beartais don rialtas agus do chomhlachtaí earnála poiblí, bunaithe ar chomhairliúchán le daoine a bhfuil míchumas orthu agus le geallsealbhóirí iomchuí eile**

## Príomhaighneachtaí ó ÚNM

Rinne ÚNM 22 aighneacht chuig raon leathan comhairliúchán le linn na bliana 2024. Tugtar breac-chuntas ar roinnt príomhaighneachtaí thíos, agus tá an chuid eile liostaithe in Aguisín 4.

## Aighneachtaí chuig Coimisiún na Meán

Rinne ÚNM trí aighneacht chuig Coimisiún na Meán, a bhain leis na topaicí seo a leanas:

- Dréacht-Rialacha Rochtana ina bhfuil spriocanna ceangailteacha nuashonraithe le haghaidh sheirbhísí ateangaireachta, fotheidealaithe agus clostuairisce Theanga Chomharthaíochta na hÉireann agus atá dírithe ar fheabhas a chur ar a inrochtana a bhíonn cláir do dhaoine a bhfuil míchumas orthu.
- Dréacht-Chód agus Dréacht-Rialacha le haghaidh Seirbhísí Meán Closamhairc ar Éileamh, lena dtugtar isteach oibleagáidí ar sholáthraithe seirbhísí físe ar éileamh a gcuid clár a dhéanamh inrochtana de réir a chéile do dhaoine a bhfuil míchumas orthu.
- Cóid agus Rialacha Craolacháin Athbhreithnithe do chraoltóirí raidió agus teilifíse.

Tharraing ÚNM aird ar roinnt saincheisteanna sna haighneachtaí uaidh. Áiríodh leo sin an tábhacht a bhaineann le dul i gcomhairle le heagraíochtaí do dhaoine faoi mhíchumas, an gá atá le feabhas a chur ar an bhfaireachán ar cháilíocht na seirbhísí rochtana, cur chun feidhme na bhfionnachtana ón athbhreithniú a rinne ÚNM ar an Acht um Theanga Chomharthaíochta na hÉireann, 2017, agus an ábharthacht atá ag UNCRPD agus ag an Ionstraim Eorpach um Inrochtaineacht. Cuireadh roinnt gnéithe den chomhairle ó ÚNM ar áireamh sna leaganacha tugtha chun críche de rialacha agus de chóid.

## Aighneacht chuig an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige maidir le straitéisí comhionannais

Agus an tábhacht a bhaineann le cur chuige trasnach i leith ár gcuid oibre á léiriú, rinne ÚNM aighneachtaí chuig comhairliúcháin a bhí mar bhonn eolais faoi fhorbairt an chéad leagain eile den Straitéis Náisiúnta um Chuimsiú Daoine LADTI+ agus de Straitéis Náisiúnta na mBan agus na gCailíní. Shainaithníomar gníomhartha sonracha agus saincheaptha chun aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna trasnacha a mbíonn daoine LADTI+ atá faoi mhíchumas agus ag mná atá faoi mhíchumas ag dul i ngleic leo, agus aird ar leith á tarraingt ar na hábhair imní agus na moltaí a chuir an dá ghrúpa in iúl le linn an chomhairliúcháin ar an Straitéis Náisiúnta Míchumais nua.

Le linn ár gcomhairliúcháin sa bhliain 2024, leag daoine LADTI+ atá faoi mhíchumas béim ar na dúshláin a bhaineann le hinrochtaineacht, le hidirdhealú, agus le tuiscint agus rochtain á fáil acu ar chúram sláinte; ar an easpa tacaí meabhairshláinte, go háirithe do dhaoine trasinscneacha; agus ar an easpa oideachas gnéis cuimsitheach, ar oideachas é a dhíríonn go príomha ar na heispéiris a bhíonn ag daoine heitrighnéasacha agus ag daoine nach bhfuil faoi mhíchumas. Idir an dá linn, d'iarr mná faoi mhíchumas go ndéanfaí bearta feabhsaithe chun aghaidh a thabhairt ar fhoréigean agus ar mhí-úsáid, ar ghnéithe inscne an chúraim agus ar shláinte ghnéasach agus atáirgthe do mhná a bhfuil míchumas orthu. Moladh freisin san aighneacht ó ÚNM ar an gcéad leagan eile de Straitéis Náisiúnta na mBan agus na gCailíní go dtabharfaí níos mó tacaí do mhná a bhfuil fadhbanna meabhairshláinte acu, agus iarradh inti freisin go ndéanfaí taighde ar na cúiseanna atá leis an ngann-sainaithint ban agus cailíní a bhfuil uathachas orthu i gcomhthéacs na hÉireann.

## Ráitis Straitéise

Rinne ÚNM aighneachtaí chun bonn eolais a chur faoin obair forbartha a bhí á déanamh ar shraith Ráiteas Straitéise. Áiríodh leo sin Ráitis Straitéise don Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta, don Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta, don tSeirbhís Chúirteanna agus do Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas. De bhreis ar shaincheisteanna a bhaineann go sonrach leis na ranna agus gníomhaireachtaí sin, leagadh béim i ngach ceann de na haighneachtaí ó ÚNM ar an tábhacht a bhaineann le dul i gcomhairle le daoine faoi mhíchumas trí eagraíochtaí do dhaoine faoi mhíchumas agus ar an tábhacht a bhaineann le comhlíonadh UNCRPD agus oibleagáidí reachtúla eile, lena n-áirítear an tAcht um Míchumas 2005, an Treoir maidir le hInrochtaineacht Gréasáin agus an tAcht um Theanga Chomharthaíochta na hÉireann, 2017.

## An Páipéar Uaine maidir le hAthchóiriú Íocaíochtaí Míchumais

Rinne ÚNM aighneacht i dtús na bliana 2024 maidir leis an bPáipéar Uaine maidir le hAthchóiriú Íocaíochtaí Míchumais ón Roinn Coimirce Sóisialaí. I bprionsabal, d'fháiltigh ÚNM roimh an mbeart chun íocaíochtaí leasa shóisialaigh a bhaineann le míchumas a athchóiriú chun torthaí a fheabhsú do dhaoine a bhfuil míchumas orthu.  Mar sin féin, leagamar amach ár n-ábhair imní láidre maidir le haistriú féideartha i dtreo córas leasa shóisialaigh lena ngabhann coinníollacht tacaí atá bunaithe ar chumas an duine aonair chun obair. Go sonrach, mheas ÚNM go raibh fadhb ag baint leis an moladh go mbainfí úsáid as an measúnú cumais mar uirlis chun leibhéal na n-íocaíochtaí míchumais a ríomh. Chomh maith leis sin, tháinig ÚNM ar an tuairim go raibh easpa soiléire ann sa Pháipéar Uaine maidir le hoibríochtú an phríomhcholúin sin de chuid an athchóirithe, cé gur soláthraíodh leis an gcóras cisealach a moladh comhthéacs le haghaidh tacaí a spriocdhíriú. Moladh san aighneacht go nglacfaí cur chuige níos ceartabhunaithe i leith cumas a mheasúnú dá rachfaí ar aghaidh leis na tograí, agus go gcaithfí coimircí a chur ar áireamh. Comhroinneadh samplaí de na cineálacha cur chuige ó dhlínsí eile a d'fhéadfadh cur chuige níos cothroime a sholáthar i leith íocaíochtaí míchumais.

Leag ÚNM béim freisin ar an ngá atá le tacaí oibre a fhorbairt, agus breac-chuntas á thabhairt aige ar an ngá atá le seirbhísí cuimsitheacha Intreo agus le conair náisiúnta athshlánúcháin gairme chun tacú le daoine a bhfuil míchumas orthu fostaíocht a rochtain agus a choinneáil.

Maidir leis an tsaincheist a bhaineann le haois rochtana an Liúntais Míchumais a ardú go 18 mbliana d'aois, d'aithin ÚNM fiúntas leis an athrú sin, ach luaigh sé nach rachadh

an t-athrú chun tairbhe do dhaoine aonair ach amháin dá mbeadh siad ar chonair indibhidiúlaithe shlán chun na hoibre nó chun an bhreisoideachais agus dá mbeadh tacaí iomchuí ar fáil. Cé nár breithníodh saincheist na sochar tánaisteach sa Pháipéar Uaine, luaigh ÚNM a thuairim go raibh sé ríthábhachtach go gcuirfí sochair thánaisteacha agus an ról atá acu i ndreasachtaí chun obair nó chun obair a sheachaint a chruthú san áireamh agus go dtabharfaí tuilleadh athchóirithe isteach chun a chinntiú gur fiú obair. Ar deireadh, thug ÚNM comhairle maidir le conas is féidir athchóirithe beartaithe amach anseo a chur in iúl ar bhealach níos fearr do dhaoine faoi mhíchumas agus ar an tábhacht a bhaineann le próiseas comhdheartha a ghlacadh.

I mí Aibreáin 2024, d'fhógair an Roinn Coimirce Sóisialaí nach rachadh sí ar aghaidh le tograí an Pháipéir Uaine ach go scrúdódh sí an méid a foghlaimíodh ó na haighneachtaí a fuarthas.

### Aighneacht chuig an Roinn Iompair maidir leis an tuarascáil uaithi ar Mhoil Soghluaisteachta Comhroinnte

I mí na Bealtaine, d'ullmhaigh baill foirne ón Lárionad Sármhaitheasa aighneacht chuig an Roinn Iompair maidir leis an tuarascáil uaithi ar Mhoil Soghluaisteachta Comhroinnte. Cuireadh an Roinn Iompair ar an eolas san aighneacht faoi na hoibleagáidí atá uirthi a chinntiú go ndéanfaí a moil a thógáil agus a dhearadh le haghaidh úsáid uilíoch, agus cuireadh ar an eolas í freisin inti faoi roinnt acmhainní atá ar fáil chun cabhrú lena comhairliúchán ar na moil agus le dearadh na mol.

### Aighneacht ó ÚNM chuig an Roinn Iompair maidir leis an gcomhairliúchán poiblí ar an dréachtstraitéis agus an dréachtphlean cur chun feidhme 'Bogadh le Chéile'

Rinne ÚNM aighneacht maidir leis an gcomhairliúchán thuas lenar clúdaíodh an straitéis agus an plean cur chun feidhme araon go huathúil, ar doiciméid iad a foilsíodh i gcomhthráth. Tá an Roinn ag díriú go mór ar réimsí an dícharbónaithe agus na hinbhuanaitheachta agus is beag tagairt a dhéantar don tríú colún arb éard é an tionchar sóisialta. Is iad na príomhphointí a tarraingíodh anuas san aighneacht uainn ná na freagrachtaí reachtúla a cheanglaítear ar an Roinn a chur chun feidhme agus go háirithe caidreamh le heagraíochtaí do dhaoine faoi mhíchumas agus le daoine faoi mhíchumas. Iarradh iontu tacaíocht maidir le conas na doiciméid a dhéanamh inrochtana agus maidir le conas caidreamh a dhéanamh le heagraíochtaí do dhaoine faoi mhíchumas agus le daoine faoi mhíchumas, rud a sholáthraíomar freisin.

## Obair ar fud na hearnála poiblí chun tacú le beartas míchumais a chomhordú agus éascú agus treoir neamhspleách a sholáthar chun réitigh a bhrú chun cinn ar dhúshláin trasearnála

### Athbhreithniú ar mhodhanna measúnachta

Trí Ghrúpa na nOifigeach Sinsearach um Iompar, d'iarr oifig an Taoisigh ar ÚNM grúpa oibre a thionól chun scrúdú a dhéanamh ar an bhféidearthacht go ndéanfaí measúnú coiteann ar an modheolaíocht míchumais ar fud na hearnála poiblí. Chun bonn eolais a chur faoin obair sin, rinne ÚNM athbhreithniú scóipe ar chleachtais measúnachta míchumais chun iniúchadh a dhéanamh ar an dóigh a ndéantar measúnú ar stádas míchumais faoi láthair, ar threochtaí agus cineálacha cur chuige idirnáisiúnta, agus ar scrúdú ar chur chuige um chearta an duine i leith measúnuithe míchumais. Reáchtáladh dhá chruinniú den ghrúpa oibre agus, idir na cruinnithe, bhuail ÚNM leis na ranna

éagsúla ar an ngrúpa stiúrtha ar leithligh chun tuiscint níos fearr a ghnóthú ar na modhanna measúnachta míchumais a úsáideann siad. Chinn an grúpa ar dhá aschur, atá mar seo a leanas:

- Páipéar ina scrúdaítear na sineirgí féideartha i modhanna measúnachta míchumais roghnaithe atá ann cheana;
- Páipéar ina scrúdaítear na roghanna le haghaidh Cárta Míchumais Eorpach a thabhairt isteach.

Bhí ÚNM i gceannas ar fhorbairt na bpáipéar sin, a cuireadh faoi bhráid Roinn an Taoisigh.

Bunaíodh foghrúpa ar leith freisin a dhéanfadh iniúchadh sonrach ar athchóirithe a d'fhéadfaí a dhéanamh ar an Scéim Tiománaithe agus Paisinéirí faoi Mhíchumas. Thug ÚNM ionchur fairsing don ghrúpa sin freisin.

## An Cárta Míchumais Eorpach

I dtús mhí Feabhra, tháinig Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle Eorpach ar chomhaontú polaitiúil maidir leis an gCárta Míchumais Eorpach a thabhairt isteach. Feidhmeoidh an Cárta Míchumais Eorpach mar chruthúnas ar 'stádas míchumais' nuair atáthar ag tabhairt cuairt ar thír eile den Aontas Eorpach (AE). Tabharfar rochtain chothrom do shealbhóirí an chárta ar dhálaí speisialta agus ar chóra fabhracha áit ar bith san Aontas Eorpach agus iad ag úsáid iompar poiblí, ag freastal ar imeachtaí cultúrtha agus ag tabhairt cuairt ar mhúsaeim, ar ionaid fóillíochta agus spóirt agus ar pháirceanna siamsaíochta, agus go leor eile.

Tháinig an Treoir ón Aontas Eorpach lena mbunaítear an Cárta Míchumais Eorpach i bhfeidhm i mí na Samhna 2024. Beidh dhá bhliain go leith ón dáta sin ag Ballstáit AE, Éire san áireamh, chun a reachtaíocht náisiúnta a chur in oiriúint agus beidh trí bliana go leith acu chun an Treoir a chur i bhfeidhm agus chun tús a chur leis na Cártaí a eisiúint. Rinne ÚNM doiciméad ceisteanna coitianta a ullmhú agus a fhoilsiú maidir leis an gCárta. An páipéar atá luaite thuas maidir le roghanna le haghaidh Cárta Míchumais Eorpach a thabhairt isteach in Éirinn, cabhróidh sé freisin le seasamh na hÉireann a threorú agus í ag obair chun nósanna imeachta a fhorbairt maidir le cárta a eisiúint.

## An Bord Comhairleach nuabhunaithe um Chomhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú de chuid na Seirbhíse um Cheapacháin Phoiblí

Ghlac ÚNM leis an gcuireadh ón tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí chun a bheith ar a Bord Comhairleach nuabhunaithe um Chomhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú. Tagann an Bord Comhairleach le chéile dhá uair sa bhliain chun saineolas neamhspleách, dearcthaí úra, agus rochtain ar líonraí agus acmhainní seachtracha a sholáthar. Déanann an Bord measúnú neamhspleách ar thionscnaimh, tionscadail agus taighde atá ann cheana sa réimse um Chomhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú, agus é ag soláthar aiseolas oibiachtúil agus moltaí le haghaidh feabhais. Ina theannta sin, cabhraíonn an Bord le hiarrachtaí na Seirbhíse um Cheapacháin Phoiblí sa réimse um Chomhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú a thagarmharcáil i gcoinne caighdeáin earnála agus dea-chleachtais earnála, rud a chabhraíonn le heolas a dhéanamh dá cuid oibre amach anseo.

## Ceardlann leis an Roinn Iompair

I mí Dheireadh Fómhair, thug an Roinn Iompair cuireadh don Lárionad Sármhaitheasa, mar ghníomh leantach de bhun na haighneachta uainn, chun freastal ar cheardlann

le geallsealbhóirí chun roinnt de na príomh-shaincheisteanna a bhfuil tábhacht leo maidir le moil soghluaisteachta comhroinnte a fhorbairt a bhreithniú. Rud sonrach, chuir an Roinn freagraí ar a comhairliúchán poiblí i láthair. Leagadh amach iontu an réasúnaíocht ba bhun le soghluaisteacht chomhroinnte agus le moil soghluaisteachta comhroinnte a fhorbairt i gcomhthéacs spriocanna na hÉireann maidir le hastaíochtaí a laghdú. Rinneadh an obair sin chun eolas a thabhairt don Rannán um Shoghluaisteacht Inbhuanaithe a Bhainistiú agus a Chur Chun Feidhme agus é ag forbairt Ráiteas Beartais Náisiúnta maidir le Soghluaisteacht Chomhroinnte, ar aon dul le gealltanais atá leagtha amach sa Phlean Gníomhaithe ar son na hAeráide 2024 agus sa Bheartas Náisiúnta maidir le Soghluaisteacht Inbhuanaithe chun an fháil ar roghanna soghluaisteachta comhroinnte in Éirinn a leathnú. Tá sé mar aidhm leis an ráiteas beartais príomh-shaincheisteanna a iniúchadh i gcomhthéacs na hÉireann, lena n-áirítear breithniúcháin a bhaineann le rialachas, le hoibríochtaí, le sonraí, le cumarsáid, le hinrochtaineacht, le sábháilteacht agus le cuimsiú. D'athdhearbhaigh foireann an Lárionaid Sármhaitheasa na hábhair imní agus na fadhbanna a bhíonn ag daoine a bhfuil míchumas orthu agus ag daoine scothaosta agus iad i spásanna comhroinnte, ar ábhair imní agus fadhbanna iad ba ghá a bhreithniú sa bheartas nua.

## Cruinniú leis an Údarás Náisiúnta Iompair

I mí Dheireadh Fómhair, thug baill den Lárionad Sármhaitheasa cuairt ar an Ionad Aimsiú Bealaigh le haghaidh cruinniú réamhchomhairliúcháin de chuid an Ghrúpa Oibre Theicniúil a bhunaigh ÚNM chun plé a dhéanamh ar dhearadh stadanna bus atá in aice le rianta rothaíochta, ar dhearaí atá ann cheana, ar ábhair imní aitheanta agus ar bhonneagar is féidir a fhorbairt nó a thástáil ag ceardlanna amach anseo. An chéad chéim eile is ea cuireadh a thabhairt d'eagraíochtaí do dhaoine faoi mhíchumas, do dhaoine a bhfuil míchumas orthu, do dhaoine scothaosta, do rothaithe agus do choisithe chun freastal ar thuilleadh ceardlann chun dearaí a phlé agus chun aiseolas a sholáthar. Tar éis an chruinnithe, rinne an Lárionad Sármhaitheasa athbhreithniú ar na téarmaí tagartha don Ghrúpa Oibre Teicniúil agus chomhroinn sé liosta de mhionsonraí teagmhála d'eagraíochtaí do dhaoine faoi mhíchumas. Táthar le leanúint leis an obair sin sa bhliain 2025.

## Láithreoireacht d'Oifigigh Rochtana RLCMLÓ

Rinne an tOifigeach Idirchaidrimh do Dhaoine faoi Mhíchumas sa Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige (RLCMLÓ) iarraidh chuig an Lárionad Sármhaitheasa go dtabharfaí láithreoireacht dá hOifigigh Rochtana ar an Treoir Oifigigh Rochtana do Chomhlachtaí Poiblí, atá ar fáil ar shuíomh Gréasáin ÚNM.

Thug an Lárionad Sármhaitheasa an láithreoireacht sin do sheisear d'Oifigigh Rochtana RLCMLÓ agus dá Oifigeach Idirchaidrimh do Dhaoine faoi Mhíchumas i mí Iúil 2024. Chlúdaigh an Lárionad Sármhaitheasa na nithe seo a leanas sa láithreoireacht sin:

- Na Freagrachtaí atá ar Chomhlachtaí Poiblí
- Na Freagrachtaí atá ar an Oifigeach Rochtana
- Conas is féidir le Cur Chuige Deartha Uilíoch a bheith ina chabhair
- Acmhainní úsáideacha

Rinne Oifigeach Rochtana ón Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta láithreoireacht freisin ar iarraidh a fháil ón Lárionad Sármhaitheasa, agus labhair siad faoina n-eispéireas mar oifigeach rochtana, faoi conas a chomhlíonann siad a ról, faoi nascadh le hOifigigh Rochtana ina Roinn agus faoi shamplaí de roinnt iarrataí a fuair siad roimhe seo.

Tá an Lárionad Sármhaitheasa i mbun athbhreithniú agus nuashonrú a dhéanamh anois ar an doiciméad treorach atá ar fáil d'Oifigigh Rochtana ar shuíomh Gréasáin ÚNM agus tá sé mar aidhm aige é sin a fhoilsiú sa chéad ráithe den bhliain 2025.

**Cóid Chleachtais agus treoir a fhorbairt, agus rannchuidiú le caighdeáin lena bhféadtar tacú le reachtaíocht, beartais agus cláir a chur chun feidhme ar fud na hearnála poiblí**

## Caighdeáin a fhorbairt atá le comhchuibhiú leis an Ionstraim Eorpach um Inrochtaineacht



Leanann an Lárionad Sármhaitheasa le cur le forbairt caighdeán atá le comhchuibhiú leis an Ionstraim Eorpach um Inrochtaineacht, rud a trasuíodh i rialacháin na hÉireann mar I.R. Uimh. 636/2023. Glacann an Lárionad Sármhaitheasa páirt san obair sin trí chomhoibriú leis an Údarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann (NSAI) mar shaineolaí mar chuid de Choiste Teicniúil 23 de chuid NSAI agus ar an leibhéal Eorpach trí choistí caighdeán CEN/CENELEC.

Ag obair dó le hionchur saineolach ó bhaill foirne an Lárionaid Sármhaitheasa, tá an coiste sin ag rannchuidiú leis an obair ar roinnt caighdeán. Áirítear leo sin:

- Iarraidh ar Chaighdeánú (M/587) ón gCoimisiún Eorpach chuig CEN/CENELEC/ETSI chun roinnt caighdeán nua a fhorbairt chun tacú le Treoir (AE) 2019/882 i ndáil le ceanglais inrochtaineachta le haghaidh táirgí agus seirbhísí.
- EN 17161:2019 'Dearadh do Chách – Inrochtaineacht ar aon dul le cur chuige 'Dearadh do Chách' i dtáirgí, earraí agus seirbhísí – An raon úsáideoirí a leathnú' a leasú.
- EN 301 549 V3: An Caighdeán Eorpach comhchuibhithe um Inrochtaineacht TFC a leasú

Bhí an Lárionad Sármhaitheasa rannpháirteach san obair caighdeánaithe sin trí thuairimí a dhréachtú agus trí fhreastal ar chruinnithe maidir le leasú na gcaighdeán agus trí athruithe a chur faoi bhráid an choiste náisiúnta lena n-athbhreithniú agus lena gcomhaontú ar mhaithe le hiad a chur ar aghaidh chuig na coistí Eorpacha éagsúla um chaighdeánú.

## Údaráis Náisiúnta um Fhaireachas Margaidh

Faoi cheanglais na hIonstraime Eorpaí um Inrochtaineacht agus faoi cheanglais rialachán náisiúnta I.R. Uimh. 636/23, tá baill foirne ÚNM i mbun tacaíocht a thabhairt do na sé údarás um fhaireachas margaidh maidir le tuiscint níos fearr a ghnóthú ar 'inrochtaineacht' mar atá an téarma sin mínithe sa rialachán. Tá baill foirne ÚNM ag ullmhú treoir shaincheaptha chun tacú leis na gníomhaireachtaí sin roimh an spriocdháta cur chun feidhme, mar atá mí an Mheithimh 2025.

## Seimineár Gréasáin ar an Ionstraim Eorpach um Inrochtaineacht a Thuiscint

D'óstáil ÚNM seimineár Gréasáin ar líne i mí na Nollag 2024 dar teideal "An Ionstraim Eorpach um Inrochtaineacht a thuiscint agus a Ceanglais Inrochtaineachta a dhíchódú",

ar lena linn a tugadh forbhreathnú ar an Ionstraim Eorpach um Inrochtaineacht, agus a chuimsigh ionchur ó bhaill foirne agus ó gheallsealbhóirí seachtracha araon. Bhí áthas ar leith orainn gur ghlac Inmaculada Placencia Porrero, duine de phríomhailtirí na hIonstraime Eorpaí um Inrochtaineacht, páirt sa seimineár Gréasáin agus gur chuir sí dearcadh Choimisiún an Aontais Eorpaigh i láthair agus gur fhreagair sí ceisteanna ón lucht freastail. Bhí áthas orainn freisin ionchur a fháil ó chomhaltaí de Ghrúpa Líonraithe Inrochtaineachta na hÉireann, a thug léargais ó thaobh na tráchtála de agus ó thaobh eispéireas fíorshaoil na ndaoine a bhfuil míchumas orthu de. Bhí thart ar 250 duine i láthair i gcáil hibrideach. Reáchtáladh an t-imeacht i gcomhar le AccessibleEU.

### Aighneacht maidir leis an dréacht-Chód Cleachtais maidir le Foirgnimh Phoiblí Inrochtana

Ar iarraidh a fháil ón Aire, rinne ÚNM ar fud na mblianta 2023 agus 2024, agus trí obair i ndlúthchomhar le coiste teicniúil ar a raibh oifigigh rialtais agus ionadaithe ó phríomhchomhlachtaí gairmiúla ar nós Institiúid Ríoga Ailtirí na hÉireann agus eagraíochtaí do dhaoine faoi mhíchumas, dréacht a fhorbairt. Scaipeadh an dréacht sin go forleathan ansin le haghaidh comhairliúchán poiblí. Cuireadh an dréacht deiridh den Chód Cleachtais maidir le Foirgnimh Phoiblí Inrochtana faoi bhráid an Aire O'Gorman agus an Aire Rabbitte lena cheadú an 30 Meán Fómhair. Tá ÚNM ag fanacht go dtí go mbeidh an Cód Cleachtais tugtha chun críche sula dtosóidh sé ar fhaireachán a dhéanamh ar inrochtaineacht foirgneamh poiblí.

### Dul chun cinn ar Chaighdeán Éireannach nua do Theaghaisí Deartha Uilíoch – ceanglais agus moltaí

Céim shuntasach chun an glacadh le Dearadh Uilíoch agus an tuiscint air a mhéadú a mhéid a bhaineann sé le teaghaisí is ea caighdeán náisiúnta comhthola a fhorbairt maidir le Teaghaisí Deartha Uilíoch. Tá raon leathan geallsealbhóirí i mbun na hoibre sin. Eisíodh an chéad dréacht iomlán den chaighdeán chuig Grúpa Oibre NSAI i mí Lúnasa 2024 le haghaidh tuairimí a fháil. Tá comhairliúchán poiblí le cur ar siúl anois sa chéad ráithe den bhliain 2025 agus tá an caighdeán le foilsiú sa cheathrú ráithe den bhliain 2025.

### Aighneacht chuig Comhairle Contae na Mí maidir le hAthrú Beartaithe ar Phlean Forbartha Contae na Mí

I mí na Samhna 2024, rinne ÚNM aighneacht maidir le hathrú beartaithe ar Phlean Forbartha Contae na Mí, lenar áiríodh sainspriocanna céatadánacha do sholáthar tithe aoisbhácha inoiriúnaithe ar feadh an tsaoil i bhforbairtí nua tithíochta, agus iad deartha i gcomhréir leis an bhfoilseachán ó ÚNM dar teideal 'Treoirlínte Deartha Uilíoch do Thithe in Éirinn' (2015). Bhí an sprioc chéatadánach 30% ailínithe le Gníomh 4.6 den Ráiteas Beartais 'Roghanna Tithíochta dár nDaonra Aosaithe'. San aighneacht sin, tacaíodh leis an éagsúlacht ach tugadh aiseolas inti ar threisiú leis an teanga sa phlean trí thagairt a dhéanamh do bheartais san earnáil aosaithe agus san earnáil míchumais araon. Áiríodh léi freisin comhairle maidir le téarmaíocht agus tagairt d'fhoilseacháin ó ÚNM.

### Aighneacht ó ÚNM mar fhreagra ar an gcomhairliúchán poiblí ar an Straitéis don Oidhreacht Dhomhanda in Éirinn 2024-2034

Rinne ÚNM aighneacht mar fhreagra ar chomhairliúchán poiblí ar an Straitéis don Oidhreacht Dhomhanda in Éirinn 2024-2034. Mhol ÚNM go bhféadfaí béim níos láidre a leagan sa straitéis ar an tábhacht a bhaineann le feabhas a chur ar inrochtaineacht

maidir le Láithreáin Oidhreachta Domhanda a fhorbairt agus a bhainistiú. Luaigh sé na hoibleagáidí atá ar chomhlachtaí poiblí faoi alt 29 den Acht um Míchumas láithreáin oidhreachta a dhéanamh inrochtana agus an treoir atá ar fáil sa Chód Cleachtais maidir le Láithreáin Oidhreachta Inrochtana. Tá ÚNM ag obair ar leasú a dhéanamh sa bhliain 2025 ar an gCód Cleachtais maidir le Láithreáin Oidhreachta Inrochtana, agus tá an leagan leasaithe le foilsiú faoin gceathrú ráithe den bhliain 2025.

## Treonna Nua: Córas faireacháin Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS) atá dírithe ar thorthaí do Sheirbhísí Lae d'Aosaigh

Ón tríú ráithe den bhliain 2023 i leith, tá ÚNM ag tacú le córas faireacháin atá dírithe ar thorthaí a fhorbairt chun tacú le cur chun feidhme 'Treonna Nua' i Seirbhísí Lae d'Aosaigh. D'oibrigh ÚNM i gcomhpháirt le FSS roimhe sin chun tacú le forbairt a dhéanamh ar 'Treonna Nua: Caighdeáin Eatramhacha' (a foilsíodh sa bhliain 2015) agus ar uirlis ghaolmhar féinmheasúnaithe agus feabhsú cáilíochta darb ainm 'Meastóireacht, Gníomhaíocht, agus Feabhsú Seirbhíse', a foilsíodh sa bhliain 2019, chun cabhrú le seirbhísí measúnú a dhéanamh ar a ndul chun cinn i dtreo na caighdeáin sin a chomhlíonadh. Chun an méid sin a chur ar aghaidh, chuir FSS tús le tionscadal chun córas faireacháin atá oibiachtúil agus atá dírithe ar thorthaí a fhorbairt chun measúnú a dhéanamh ar an dul chun cinn atá déanta ag seirbhísí lae i dtreo 'Treonna Nua: Caighdeáin Eatramhacha' a chomhlíonadh. Tá ÚNM ina chomhalta de Ghrúpa Stiúrtha an tionscadail, agus tá sé ina chathaoirleach ar an nGrúpa Oibre atá dírithe ar Thorthaí, ar grúpa é a soláthraíonn sé tacaíocht tionscadail dó freisin.

Sa bhliain 2024, bhí ÚNM i gceannas ar roinnt comhairliúchán le bainisteoirí soláthraithe seirbhíse agus le baill foirne tacaíochta túslíne. Chuaigh FSS (trí shainchonraitheoir) i gcomhairle le daoine a fhreastalaíonn ar Sheirbhísí Lae d'Aosaigh agus d'óstáil FSS (trí bhratchomhlacht) suirbhé teaghlaigh, a bhfuil anailís déanta ag ÚNM ar na sonraí uaidh. D'ullmhaigh ÚNM trí thuarascáil chomhairliúcháin agus tuarascáil achoimre. Thug ÚNM láithreoireacht do chruinniú de chuid an Ghrúpa Stiúrtha ar fhionnachtana na gcomhairliúchán agus ar thogra le haghaidh páirt a thabhairt do shaineolaithe trí thaithí agus do shainchomhairleoirí san fhoireann faireacháin.

Rinne ÚNM dul chun cinn ar na modheolaíochtaí faireacháin a fhorbairt. Áiríodh leo sin na Buan-Nósanna Imeachta Oibriúcháin, na treoirlínte, na doiciméid agus na hábhair oiliúna uile is gá. D'fhreastail ÚNM ar na sé chuairt faireacháin a tugadh sa tréimhse idir mí na Samhna agus mí na Nollag chun tacú le hoiliúint leanúnach a chur ar na measúnóirí. Déanfar obair sa bhliain 2025 ar an bpróiseas measúnachta a bheachtú, lena n-áirítear oiliúint a chur ar shaineolaithe trí thaithí chun go mbeidh siad in ann páirt a ghlacadh sna foirne measúnachta.

## Ardoideachas

Lean ÚNM le comhairle agus tacaíocht a thabhairt don Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta (RBATNE) maidir leis na tacaí a theastaíonn ó dhaoine faoi mhíchumas chun ardoideachas a rochtain agus chun fanacht ann. Thacaigh ÚNM le cuairt a thug an tAire O'Donovan ar Choláiste na hOllscoile, Corcaigh, chun eispéiris na mac léinn a chloisteáil go pearsanta agus thacaigh ÚNM le himeacht níos leithne ina dhiaidh sin, 'An Comhrá a Thosú – Tacaí Míchumais san Oideachas Treasach' i mí Dheireadh Fómhair. I measc na bpríomhbhacainní a pléadh

bhí an easpa leanúnachais i seirbhísí Cúntóirí Pearsanta, an easpa gairmthreorach, agus an easpa tacaíocht struchtúrtha don aistriú.

Tá sé beartaithe ag an Roinn páipéar bán a fhorbairt maidir le 'Tacaí Míchumais san Oideachas Treasach – lena ngabhann Díriú ar an bhFostaíocht' agus rannchuideoidh ÚNM leis sin de réir mar is cuí.

## An Clár um Rochtain ar Ardoideachas

D'eisigh an tÚdarás um Ard-Oideachas glao le haghaidh tograí chuig institiúidí ardoideachais faoi Shnáithe 4 de Chiste an Chláir um Rochtain ar Ardoideachas (PATH). Ba é a bhí i gceist le Céim 2 (2023-2025) tograí le haghaidh soláthar cúrsaí do Mhic Léinn a bhfuil Míchumas Intleachta orthu. Chabhraigh foireann ÚNM/ an Lárionaid Sármhaitheasa leis an Údarás um Ard-Oideachas leis an nglao é féin agus rinne baill foirne ó ÚNM, ón Lárionad Sármhaitheasa agus ón Údarás um Ard-Oideachas agus beirt saineolaithe ó Stáit Aontaithe Mheiriceá agus ón Afraic Theas athbhreithniú agus measúnú neamhspleách ar na tograí a fuarthas.

Roimhe sin, thacaigh ÚNM le Céim 1 de shnáithe cistiúcháin PATH 4, inar díríodh ar chistiú a sholáthar chun tacú le timpeallachtaí ardoideachais atá cuimsitheach agus deartha go huilíoch do chách. Scaipeadh an cistiú ar Institiúidí Ardoideachais ar bhonn pleananna tionscadail ceadaithe a sholáthar.

Tá sé mar aidhm leis an dá shnáithe de chistí PATH tacú le leabú a dhéanamh ar chineálacha cur chuige Deartha Uilíoch agus cleachtais chuimsitheacha in institiúidí ardoideachais, rud a rachaidh chun tairbhe do na mic léinn uile, agus go háirithe do mhic léinn a bhfuil uathachas orthu, agus a chumasóidh tógáil acmhainne in institiúidí ardoideachais le haghaidh rannpháirtíocht níos mó san ardoideachas ag mic léinn a bhfuil míchumas intleachta orthu. Ba é a bhí i gceist le Céim 2, a raibh baint ag ÚNM léi le linn na mblianta 2022 agus 2023, ná treoirthionscadal fionnachtana trí bliana chun tacú le soláthar cúrsaí a fheabhsú do mhic léinn a bhfuil míchumas intleachta orthu agus chun bonn eolais a chur faoi bhreithniúcháin bheartais amach anseo do mhic léinn a bhfuil míchumas intleachta orthu. D'aithin an tAire agus RBATNE an t-ionchur agus an tacaíocht a fuarthas ó ÚNM le haghaidh an tionscnaimh sin. Leanfaidh ÚNM le comhairle agus tacaíocht a thabhairt don Údarás um Ard-Oideachas de réir mar a chuirtear na cláir sin chun feidhme.

## Láithreoireacht don Údarás um Ard-Oideachas

D'óstáil an tÚdarás um Ard-Oideachas comhdháil um Chomhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú i mí Aibreáin 2024. Tugadh cuireadh do ÚNM chun fionnachtana na hanailíse tánaistí ó ÚNM ar an Suirbhé Náisiúnta ar Eispéiris Mac Léinn ar Fhoréigean Gnéasach agus ar Chiapadh in Institiúidí Ardoideachais na hÉireann (2021) a chur i láthair agus chun páirt a ghlacadh i bplé painéil dar teideal 'Cur Chuige Trasnach maidir le Comhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú a chur chun cinn in Institiúidí Ardoideachais'. Thagair ÚNM don tábhacht a bhaineann le sonraí comhionannais a bhailiú agus don tábhacht a bhaineann le cur chuige deartha uilíoch i leith foilsiú faisnéise, agus i leith soláthar seirbhísí, a mhéid a bhaineann le mí-iompar gnéasach.

## Ar an nGearrliosta le haghaidh Ghradaim Shármhaitheasa agus Nuálaíochta na Státseirbhíse

Rinneadh an Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta (RBATNE), i dteannta an Údaráis um Ard-Oideachas agus ÚNM, a chur ar an ngearrliosta don 9ú bliain de Ghradaim Shármhaitheasa agus Nuálaíochta na Státseirbhíse, ar gradaim bhliantúla iad, as a n-obair chomhoibríoch ar chéim comhairliúcháin an Phlean Rochtana Náisiúnta, inar sainaithníodh go raibh tearcionadaíocht ag mic léinn a bhfuil míchumas intleachta orthu san Ardoideachas. Bhí sé sin faoin gcatagóir d'Fhorbairt Beartais Straitéisigh, Cinnteoireacht Léargasbhunaithe agus Sármhaitheas trí Chomhoibriú.

Bhí sé mar aidhm leis an bPlean Rochtana Náisiúnta bearta a dhéanamh chun leibhéil rochtana agus rannpháirtíochta a mhéadú don chohórt mac léinn sin agus, dá réir sin, a gcuid deiseanna saoil a athrú ó bhonn. Cé nár buadh gradam mar thoradh ar an obair sin, b'aitheantas tábhachtach é dá luachmhaire atá comhairliúchán agus dá chumas chun eolas a dhéanamh don treo beartais.

## An Seicliosta Vótála Inrochtana

Roimh na toghcháin áitiúla agus Eorpacha i mí an Mheithimh 2024, d'oibrigh ÚNM leis an Aonad Toghchórais sa Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta chun nuashonruithe ar an Seicliosta Vótála Inrochtana a chomhaontú. Leasaíodh an Seicliosta chun go léireofaí ann an dea-chleachtas reatha maidir le hinrochtaineacht fhisiciúil na stáisiún vótála. Áiríodh le nuashonruithe eile tagairt do Theimpléid Páipéir Ballóide Braille a sholáthar agus a úsáid ar lá na vótála. Scaip an Roinn an seicliosta leasaithe ar na Cinn Chomhairimh uile mar chuid dá lámhleabhar le haghaidh thoghcháin mhí an Mheithimh.

Tar éis na hoibre sin bhí cuireadh ón Roinn chun bualadh le Cinn Chomhairimh agus láithreoireacht a thabhairt dóibh chun comhairle a thabhairt dóibh maidir le conas is féidir leo eispéireas lá na vótála a dhéanamh chomh hinrochtana agus is féidir don oiread vótálaithe agus is féidir. Tugadh le fios san aiseolas ón Roinn gur glacadh go maith leis an láithreoireacht. Lean ÚNM le comhairle a chur ar an Roinn maidir le hinrochtaineacht na vótála agus na faisnéise do vótálaithe trína bhallraíocht den Ghrúpa Oibre um Vótáil Inrochtana. D'fhéadfaí taighde a rinne an Coimisiún Toghcháin le déanaí mar chuid de thoghcháin agus reifrinn na bliana 2024 a úsáid freisin chun bonn eolais a chur faoi thuilleadh leasuithe ar an seicliosta.

## Leanúint le bailiú agus úsáid sonraí míchumais a bhrú chun cinn agus a chothú ar mhaithe le bonn eolais a chur faoi chinntí beartais

## Páipéar ar spriocanna fostaíochta

Faoi Airteagal 27 de UNCRPD, tá sé de cheart ag daoine faoi mhíchumas fostaíocht a fháil ar bhonn comhionann le daoine eile i margadh saothair atá cuimsitheach agus inrochtana. Is amhlaidh ar fud an domhain agus in Éirinn, áfach, atá daoine faoi mhíchumas fostaithe ag rátaí atá i bhfad níos ísle ná mar atá daoine nach bhfuil míchumas orthu. Shocraigh Rialtas na hÉireann spriocanna roimhe seo chun leibhéil fostaíochta daoine faoi mhíchumas a mhéadú mar chuid dá mhórspriocanna comhionannais. Ós rud é go bhfuil Straitéis Náisiúnta Míchumais nua á forbairt sa

tréimhse 2024-2025, measadh go raibh sé tráthúil machnamh a dhéanamh ar spriocanna nua a shocrú. Sa phlépháipéar sin, tugadh treoir maidir le conas a d'fhéadfaí iad sin a shocrú.

Iniúchadh sa pháipéar na spriocanna fostaíochta náisiúnta san am atá thart do dhaoine faoi mhíchumas in Éirinn, faoi mar atá leagtha amach i straitéisí agus pleananna náisiúnta éagsúla. Cuireadh síos ann ar threochtaí fostaíochta agus ar leibhéil reatha fostaíochta i measc daoine a bhfuil míchumas orthu agus daoine nach bhfuil míchumas orthu in Éirinn agus i dtíortha inchomparáide. Rinneadh athbhreithniú ann ar an mbealach is fearr ar féidir leibhéil fostaíochta daoine a bhfuil míchumas orthu a thomhas agus ar na foinsí éagsúla sonraí atá ar fáil chun faireachán a dhéanamh ar an dul chun cinn i dtreo spriocanna a bhaint amach. Scrúdaíodh sa pháipéar freisin na scéimeanna cuóta fostaíochta i dtíortha eile atá dírithe ar leibhéil fostaíochta daoine faoi mhíchumas a mhéadú. Ag deireadh an pháipéir sin, tugadh sraith moltaí maidir le spriocanna fostaíochta náisiúnta nua do dhaoine faoi mhíchumas in Éirinn a shocrú. Is féidir an páipéar sin a úsáid chun bonn eolais a chur faoi spriocanna sa Straitéis Náisiúnta Míchumais nua.

## Daonáireamh 2027

Rinne ÚNM caidreamh le grúpa comhairleach Daonáirimh na Príomh-Oifige Staidrimh le linn na bliana 2024 maidir le ceisteanna a d'fhéadfaí a chur ar áireamh i dtriail le haghaidh Dhaonáireamh 2027. Rinneadh roinnt aighneachtaí ar na ceisteanna a bhaineann le míchumas. Chuir ÚNM comhairle ar an bPríomh-Oifig Staidrimh maidir le comhairliúchán le heagraíochtaí do dhaoine faoi mhíchumas agus maidir le cinneadh deiridh ar na ceisteanna. Rinneadh Daonáireamh 2027 a thriail le linn na bliana agus chabhraigh ÚNM le scaipeadh na trialach.

# Tosaíocht Straitéiseach 2

# Tosaíocht Straitéiseach 2:

**“Measúnú, faireachán agus meastóireacht neamhspleách a dhéanamh ar an dul chun cinn a bhíonn á dhéanamh ar bheartais, straitéisí agus cóid chleachtais ar fud an rialtais”.**

**Faireachán agus tuairisciú a dhéanamh ar chur chun feidhme straitéisí agus beartas náisiúnta a bhaineann le míchumas, chun sainaithint a dhéanamh ar réimsí ar gá tuilleadh airde a thabhairt orthu, lena n-áirítear an Straitéis Náisiúnta um Chuimsiú Míchumais agus an Straitéis Chuimsitheach Fostaíochta, agus ar sholáthar in aghaidh spriocanna Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas**

## Faireachán a dhéanamh ar Chuid 5 den Acht um Míchumas 2005

Tá ról reachtúil ag ÚNM i bhfaireachán agus tuairisciú bliantúil a dhéanamh ar an dul chun cinn atá á dhéanamh ag comhlachtaí poiblí chun a n-oibleagáidí faoi Chuid 5 den Acht um Míchumas 2005 maidir le fostú daoine a bhfuil míchumas orthu a chomhlíonadh.

## Tuarascáil ar Chomhlíonadh Chuid 5 den Acht um Míchumas 2005 do 2023

Is í sin an t-ochtú tuarascáil déag ó ÚNM ar fhostú daoine a bhfuil míchumas orthu san earnáil phoiblí.

Is iad seo a leanas na príomhfhionnachtana ón tuarascáil:

- Ag deireadh na bliana 2023, b’ionann an líon iomlán fostaithe sna comhlachtaí iomchuí earnála poiblí agus 273,747 bhfostaí. Is méadú 13,313 fhostaí (+5.1%) é sin i gcomparáid le figiúirí na bliana 2022.
- Ba mhó ná 4% den dara bliain i ndiaidh a chéile an céatadán d’fhostaithe a thuairiscigh míchumas. Tháinig méadú ar an líon fostaithe a thuairiscigh míchumas, ó 10,631 fhostaí sa bhliain 2022 go 11,254 fhostaí sa bhliain 2023 (méadú 623 fhostaí, nó méadú 5.9%). Mar sin féin, d’fhan an céatadán d’fhostaithe a thuairiscigh míchumas ag 4.1%, an céatadán céanna a bhí ann sa bhliain 2022. Tá sé sin amhlaidh mar gheall ar an méadú suntasach sa líon iomlán fostaithe san earnáil phoiblí sa bhliain 2023 (méadú 13,313 fhostaí, nó méadú 5.1%) agus toisc gur tháinig laghdú ar an líon agus ar an gcéatadán d’fhostaithe a thuairiscigh míchumas in FSS ó 2,331 fhostaí (2.3%) go 1,735 fhostaí (1.6%) sa bhliain 2023.
- Sa bhliain 2023, chomhlíon 160 comhlacht poiblí (76.2%) an sprioc 4.5%, i gcomparáid le 141 chomhlacht phoiblí (66.2%) sa bhliain 2022.
- Sa bhliain 2023, chomhlíon 110 comhlacht poiblí (52.4%) an sprioc 6%, i gcomparáid le 103 chomhlacht phoiblí (48.4%) sa bhliain 2022.

Sa chéad ráithe den bhliain 2024, agus tar éis dó dul i gcomhairle le Coistí Faireacháin, le comhlachtaí poiblí, le heagraíochtaí do dhaoine faoi mhíchumas agus le geallsealbhóirí míchumais, thug ÚNM isteach ceisteanna níos cáilíochtúla faoi na bearta atá i bhfeidhm ag comhlachtaí poiblí chun na hoibleagáidí atá orthu faoi Chuid 5 a chomhlíonadh. Tá achoimre ar na bearta sin le fáil sa Tuarascáil don bhliain 2023.

Cuireadh na leaganacha Béarla agus Gaeilge den tuarascáil sin faoi bhráid an Aire Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige agus an Aire Stáit le freagracht as Míchumas roimh an spriocdháta reachtúil, mar a bhí an 30 Samhain 2024. Tá ÚNM ag fanacht le ceadú an Aire sula bhfoilseofar an tuarascáil ar shuíomh Gréasáin ÚNM.

## Méadú san íos-sprioc reachtúil don Tuarascáil ar Chomhlíonadh Chuid 5 den Acht um Míchumas 2005 do 2024

Cuireann ÚNM in iúl don earnáil phoiblí arís agus arís eile go dtiocfaidh méadú ar an íos-sprioc reachtúil fostaíochta ó 3% go 4.5% don Tuarascáil ar Chomhlíonadh Chuid 5 den Acht um Míchumas 2005 do 2024. Tugann ÚNM dá aire gur ag méadú gach bliain a bheidh an líon fostaithe agus an céatadán d'fhostaithe a chomhlíonann na spriocanna 4.5% agus 6% atá le teacht. Má tá an earnáil phoiblí chun na spriocanna sin a bhaint amach ar bhealach tráthúil, áfach, beidh ar chomhlachtaí poiblí tógáil ar an dul chun cinn atá déanta acu go dtí seo agus tús áite a thabhairt dá bhfeidhmíocht faoi Chuid 5 a fheabhsú.

## Comhlíonadh Chuid 5 ag FSS

Fuair an tAire Sláinte agus FSS comhfhreagras ó ÚNM á rá nach bhfuair FSS aon dréachtchinneadh maidir le neamhchomhlíonadh do na blianta 2021 agus 2022. Thug FSS fianaise shuntasach á léiriú gurbh amhlaidh sa bhliain 2021 a bhí paindéim COVID-19 ina cur isteach gan fasach fós ar oibríochtaí laethúla an chomhlachta phoiblí seo, faoi mar a bhí sa chibirionsaí a tharla sa bhliain 2021.

Sna blianta 2021 agus 2022, thaispeáin FSS feabhas ina fheidhmíocht freisin agus thuairiscigh sé méadú ar an líon fostaithe agus ar an gcéatadán d'fhostaithe a thuairiscigh míchumas, ó 514 fhostaí (0.6%) sa bhliain 2020 go 1,508 bhfostaí (1.6%) sa bhliain 2021. Sa bhliain 2022, thuairiscigh FSS gur thuairiscigh 2,331 duine dá fhostaithe (2.3%) míchumas.

Ós rud é nár shroich FSS an íos-sprioc 3% sa bhliain 2022 ná sa bhliain 2023, sheol ÚNM iarraidh alt 49 chuig FSS i leith na tréimhse dhá bhliain sin i mí na Samhna 2025. Beimid ag athbhreithniú an fhreagra uaidh sa bhliain 2025.

I mí na Nollag 2024, bhí cruinniú an-torthúil ag Cathaoirleach Údarás ÚNM agus ag Feidhmeannas ÚNM le Cathaoirleach Bhord FSS, le comhalta de Bhord FSS agus le hionadaithe ó oifig Acmhainní Daonna Náisiúnta FSS maidir le conas is féidir le FSS agus lena shé limistéar sláinte réigiúnacha nua cur leis an dul chun cinn atá déanta go dtí seo chun a fheidhmíocht a fheabhsú faoi Chuid 5.

## Feidhmíocht na gcomhlachtaí poiblí faoi Chuid 5

I mí na Bealtaine 2024, d'athbhreithnigh Údarás ÚNM an tuarascáil ar fheidhmíocht na gceithre chomhlacht phoiblí seo a leanas nár bhain an íos-sprioc 3% amach sa bhliain 2021 ná sa bhliain 2022:

- Ollscoil Teicneolaíochta an Atlantaigh, Gaillimh-Maigh Eo
- Bord Bia
- An Ghníomhaireacht um Fhorbairt Talún
- An Chomhairle Ealaíon

Tar éis dó athbhreithniú a dhéanamh ar na himthosca aonair a bhain le gach ceann de na comhlachtaí le linn na tréimhse dhá bhliain a bhí i gceist, chinn an tÚdarás nach raibh údar ann le dréachtchinneadh maidir le neamhchomhlíonadh a eisiúint chuig aon cheann de na comhlachtaí poiblí sin don bhliain 2021 ná don bhliain 2022. Thug gach ceann de na comhlachtaí poiblí sin fianaise á léiriú go raibh bearta i bhfeidhm acu chun a n-oibleagáidí faoi Chuid 5 a chomhlíonadh. Chuir gach ceann de na comhlachtaí poiblí sin feabhas ar a bhfeidhmíocht sa bhliain 2023. Scríobh ÚNM chuig na comhlachtaí poiblí sin chun iad a chur ar an eolas faoin gcinneadh ón mBord, agus an t-eolas is deireanaí á iarraidh aige ar conas atá dul chun cinn á dhéanamh ar na bearta a leagadh amach.

## Tuarascáil táscairí faoin Straitéis Chuimsitheach Fostaíochta

Sa tuarascáil deiridh seo ar an Straitéis Chuimsitheach Fostaíochta do Dhaoine faoi Mhíchumas 2015-2024, tairgtear anailís chuimsitheach ar na hiarrachtaí atá déanta ag Éirinn sna deich mbliana atá imithe thart deiseanna fostaíochta a fheabhsú do dhaoine a bhfuil míchumas orthu. Déantar meastóireacht sa tuarascáil ar an dul chun cinn, ar na héachtaí agus ar na bearnaí maidir leis an Straitéis Chuimsitheach Fostaíochta a chur chun feidhme.

San athbhreithniú deiridh, scrúdaíodh tacar táscairí a bhí comhdhéanta de mheascán de tháscairí próisis agus de tháscairí toraidh inar baineadh leas as raon leathan foinsí sonraí. Scrúdaíodh san athbhreithniú freisin an tsraith tuarascálacha measúnaithe neamhspleácha bliantúla ar an Straitéis Chuimsitheach Fostaíochta ar fhorbair ÚNM í. Lorgaíodh tuairimí maidir le príomhéachtaí na straitéise agus maidir le réimsí a raibh tuilleadh dírithe agus forbartha ag teastáil iontu ó bhaill de Ghrúpa Cur Chun Feidhme na Straitéise Cuimsithí Fostaíochta agus ó ranna agus gníomhaireachtaí a bhfuil freagrachtaí orthu as gníomhartha a sheachadadh faoin straitéis a chomhlíonadh. Áiríodh freisin fionnachtana ó theagmhálacha le daoine faoi mhíchumas a bhain leis an bhfostaíocht.

Socraíodh sprioc sa Straitéis Chuimsitheach Fostaíochta chun an céatadán de dhaoine idir 20 bliain d'aois agus 64 bliana d'aois a bhfuil míchumas orthu agus atá fostaithe a mhéadú ó 33% i nDaonáireamh 2011 go 38% faoin mbliain 2024. Faoi Dhaonáireamh 2016, tháinig méadú ar an ráta fostaíochta daoine faoi mhíchumas go 36.5% agus measadh go raibh an sprioc fostaíochta fhoriomlán don bhliain 2024 le baint amach. Fágann athruithe ar cheisteanna an daonáirimh óna ndíorthaítear sonraí faoi chúrsaí míchumais nach féidir comparáid dhíreach a dhéanamh idir leibhéil fostaíochta daoine faoi mhíchumas sa bhliain 2022 agus sa bhliain 2016. Mar sin féin, is mór fós in Éirinn atá an difríocht sa ráta fostaíochta idir daoine a bhfuil míchumas orthu agus daoine nach bhfuil míchumas orthu, agus is dócha gur táscaire níos fearr le scrúdú é sin ná an céatadán de dhaoine faoi mhíchumas atá fostaithe. Tá an bhearna fostaíochta do dhaoine faoi mhíchumas in Éirinn ar cheann de na bearnaí is mó san Aontas Eorpach go fóill. Níor tháinig aon laghdú suntasach ar an mbearna fostaíochta do dhaoine faoi mhíchumas thar shaolré na Straitéise Cuimsithí Fostaíochta, de réir na sonraí ón Suirbhé ar Ioncam agus Dálaí Maireachtála (SILC). Cé gurb ísle an ráta sa bhliain 2022 ná mar a bhí sé sa bhliain 2015, fágann luaineachtaí ó bhliain ar bhliain nár cheart é sin a mheas a bheith mar fhianaise ar threocht mharthanach anuas.

Thar thréimhse feidhme na Straitéise Cuimsithí Fostaíochta, tugadh roinnt forbairtí dearfacha i gcrích i réimsí éagsúla. Leis an Straitéis Chuimsitheach Fostaíochta, rinneadh roinnt bunobair thábhachtach chun tírdhreach cuimsitheach fostaíochta a chruthú do dhaoine faoi mhíchumas in Éirinn. Tá dúshláin shuntasacha ann fós, áfach, mar is léir ón mbearna leanúnach fostaíochta do dhaoine faoi mhíchumas agus ón ilroinnt leantach i seirbhísí tacaíochta agus ó dholúbthacht na seirbhísí sin, dar le daoine faoi mhíchumas i gcomhairliúcháin go minic. I measc na ndúshlán a bhí ann bhí bearnaí i gclár fostaíochta faoi thacaíocht, bearnaí san fhaisnéis agus i dtacaí d'fhostóirí, agus bearnaí i soláthar na gairmthreorach, cé go bhfuil feabhas ag teacht ar sholáthar na gairmthreorach.

Trí cheachtanna a foghlaimíodh ón Straitéis Chuimsitheach Fostaíochta a leabú isteach sa Straitéis Náisiúnta Míchumais atá le teacht, is féidir le hÉirinn leanúint le dul chun cinn a dhéanamh i dtreo fórsa saothair agus sochaí atá níos cuimsithí. Mhol ÚNM gur cheart é a bheith mar thosaíocht ag an straitéis nua córas cuimsitheach fostaíochta faoi thacaíocht a fhorbairt lena bhfreastalófaí ar riachtanais na ndaoine sin a bhfuil ardriachtanais tacaíochta acu agus ar riachtanais na ndaoine sin a dtagann míchumas orthu le linn a saoil oibre. Ceacht tábhachtach eile a foghlaimíodh is ea go bhfuil sé ríthábhachtach go ndéanfaí obair chomhoibríoch a mbeadh próiseas struchtúrtha faireacháin agus cur chun feidhme i gceist léi chun go n-éireodh le cur chuige uile-rialtais i leith aghaidh a thabhairt ar an mbearna fostaíochta do dhaoine faoi mhíchumas. Chun an méid sin a dhéanamh, teastaíonn tacaíocht, acmhainní agus caidreamh gníomhach ó gach roinn rialtais iomchuí agus óna ngníomhaireachtaí.

Tá an tuarascáil deiridh ar dhul chun cinn á tabhairt chun críche faoi láthair agus foilseofar í i dtús na bliana 2025.

**Faireachán agus tuairisciú a dhéanamh ar chomhlíonadh reachtaíochta agus cód cleachtais, lena n-áirítear an tAcht um Theanga Chomharthaíochta na hÉireann, an Treoir maidir le hInrochtaineacht Gréasáin, agus Cuid 3 agus Cuid 5 den Acht um Míchumas, chun measúnuithe neamhspleácha láidre a sholáthar ar dhul chun cinn**

## An Treoir ón Aontas Eorpach maidir le hInrochtaineacht Gréasáin – Faireachán

Chuir ÚNM an faireachán i gcrích don bhliain 2024, agus is é seo an tríú ceann de thrí thuarascáil bhliantúla a chomhlíonann oibleagáidí faireacháin agus tuairiscithe ÚNM don tréimhse 2022-2024 faoin Treoir de réir Chinneadh Cur Chun Feidhme 2018/1524.

Léiríodh i dtuarascáil na bliana 2024 feabhas suntasach ar leibhéil chomhlíonta ar fud cohóirt áirithe comhlachtaí poiblí. Cé gur thug formhór na nÚdarás Áitiúil aghaidh ar shaincheisteanna inrochtaineachta a sainaithníodh sna tástálacha uathoibrithe faoina nAthbhreithniú Simplithe, tá an méid sin le déanamh fós ag mionlach suntasach Údarás Áitiúil. Ba cheart d'Údaráis Áitiúla agus do chomhlachtaí poiblí eile atá faoi réir Athbhreithniú Simplithe na torthaí sin a mheas a bheith mar thús a n-aistir inrochtaineachta. Is gá caidreamh a dhéanamh le fíorúsáideoirí agus aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna a sainaithníodh sa tástáil láimhe chun fíor-inrochtaineacht a chinntiú agus chun comhlíonadh na Treorach a bhaint amach. Ghabh ÚNM air féin gné éigin de thástáil láimhe a chur ar áireamh ina mhodheolaíocht Athbhreithnithe Shimplithe

le haghaidh roinnt láithreán sa bhliain 2025, rud a chabhróidh le comhlachtaí poiblí bogadh níos faide ná díriú ar thorthaí tástála uathoibrithe agus orthu sin amháin.

Tá sé feicthe ag ÚNM gurb amhlaidh, tríd is tríd, a bhíonn feabhsuithe leanúnacha ina gcomhlíonadh á léiriú ag na comhlachtaí poiblí sin a oibríonn lena dtorthaí faireacháin agus a dhéanann teagmháil le ÚNM agus le foinsí eile faisnéise údarásaí chun treoir a fháil agus a chomhroinnt. Feiceann ÚNM dea-threocht chomhsheasmhach i measc comhlachtaí poiblí maidir le haghaidh a thabhairt ar inrochtaineacht i bhforbairt suíomhanna Gréasáin agus aipeanna móibíleacha atá nua nó atá ann cheana. Tá sé ríthábhachtach freisin go leanfadh comhlachtaí poiblí le hinrochtaineacht a chur san áireamh agus ábhar á fhoilsiú acu ar a suíomh Gréasáin agus nach bhfoilseodh siad comhaid neamh-inrochtana PDF mar ghnáthamh.

Chuir foireann faireacháin ÚNM ullmhú na tuarascála náisiúnta don bhliain 2024 ar fhaireachán ar an Treoir maidir le hInrochtaineacht Gréasáin agus an tuarascáil trí bliana a bhí le cur faoi bhráid an Choimisiúin Eorpaigh i gcrích. Cuireadh an dá thuarascáil faoi bhráid an Aire Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide agus an Aire Iompair i mí na Nollag.

## Seimineár Gréasáin ar an Treoir maidir le hInrochtaineacht Gréasáin i gcomhpháirt leis an Mol AccessibleEU

Ag obair di i gcomhpháirt le Cumann Ríomhaireachta na hÉireann agus leis an Mol AccessibleEU, thionóil foireann na Treorach maidir le hInrochtaineacht Gréasáin seimineár faisnéise hibrideach i mí an Mheithimh. Bhí an seimineár Gréasáin dar teideal ‘Ó Chomhlíonadh go Sármhaitheas – an inrochtaineacht a úsáid chun seirbhísí digiteacha iontacha a chruthú do chách’ agus bhí John Barron, Príomhoifigeach Faisnéise, na Coimisinéirí Ioncaim, Karen Whooley, Ceannaire Digiteach, Tithe an Oireachtais, agus Aoife Geoghegan, Ceann Deartha agus Inneachair do GOV.ie, i measc na gcainteoirí agus na mball den phainéal. Tarraingíodh na baill den phainéal ón earnáil teicneolaíochta agus ó chomhlachtaí poiblí atá faoi réir faireacháin. D’fhreastail 140 rannpháirtí go pearsanta agus ar líne ar an seimineár agus clúdaíodh leis topaicí amhail dearadh agus forbairt suíomhanna Gréasáin inrochtana agus tógáil cláir inrochtaineachta digití in eagraíochtaí. Bhí na rannpháirtithe an-díograiseach faoin deis bualadh le chéile agus eispéiris a chomhroinnt lena chéile, comhairle a thabhairt agus inrochtaineacht a leabú ina n-eagraíocht. Sheol foireann na Treorach maidir le hInrochtaineacht Gréasáin píosa nua treorach maidir le “Soláthar poiblí suíomhanna Gréasáin inrochtana agus aipeanna móibíleacha inrochtana” ag an ócáid freisin.

**Meastóireacht láidir a dhéanamh ar an tionchar atá ag beartais agus ag cláir chun a chinntiú go bhfuil na cuspóirí beartaithe á mbaint amach acu**

## Athbhreithniú ar Shamhail Seirbhíse na bhFoirne Líonra Míchumais Leanaí

Choimisiúnaigh ÚNM FSS chun athbhreithniú a dhéanamh ar Shamhail Seirbhíse na bhFoirne Líonra Míchumais Leanaí. Ba é Dul Chun Cinn a Dhéanamh ar Sheirbhísí Míchumais an téarma a úsáideadh le haghaidh seirbhísí míchumais do leanaí a athchumrú. Ós rud é go bhfuil an t-athchumrú déanta, is trí Shamhail Seirbhíse na bhFoirne Míchumais Leanaí a oibrítear seirbhísí míchumais do leanaí anois. Is ar an 12

phrionsabal um Dhul Chun Cinn a Dhéanamh ar Sheirbhísí Míchumais atá an tsamhail sin bunaithe agus is ar an 12 phrionsabal sin a bheidh an t-athbhreithniú ar Shamhail Seirbhíse na bhFoirne Míchumais Leanaí bunaithe. Bainfear úsáid as roinnt modhanna san athbhreithniú. Bainfear úsáid as suirbhéanna, as agallaimh agus as fócasghrúpaí chun eispéiris agus tuairimí a bhailiú ó thuismitheoirí le leanaí a bhfuil míchumas orthu, ó leanaí a bhfuil míchumas orthu, ó bhaill foirne, ó bhainisteoirí agus ó gheallsealbhóirí iomchuí. Déanfar anailís ar mhéadracht mhíosúil na bhFoirne Míchumais Leanaí. Is ann do ghnéithe eile den athbhreithniú atá á bhforbairt faoi láthair, lena n-áirítear ualach oibre barrmhaith na foirne a shainaithint agus cumraíocht na bhfoirne a shainaithint chun éifeachtúlacht agus éifeachtacht na n-oibríochtaí a uasmhéadú.

Le linn na bliana 2024, bhí pléití ar bun le FSS agus le RLCMLÓ agus bhí ionchur á fháil ón gceardchumann chun an cur chuige a chomhaontú. Tá sé sin comhaontaithe anois agus tá an t-athbhreithniú le tosú i dtús na bliana 2025.

Caitheadh an bhliain 2024 freisin ag forbairt uirlisí suirbhéireachta agus ag tiomsú athbhreithnithe litríochta chun eolas a dhéanamh don athbhreithniú. Rinneadh na sonraí míosúla ar bhailigh Foirne Líonra Míchumais Leanaí iad a chomhcheangal le háireamh foirne Fhoirne Líonra Míchumais Leanaí FSS 2023 agus le sonraí Dhaonáireamh 2022 chun sraith bhonnlíne méadrachta a sholáthar chun faireachán a dhéanamh ar an dul chun cinn sna Foirne Líonra Míchumais Leanaí.

## Uirlis intleachta saorga le haghaidh faireacháin

Tionscnaíodh treoirthionscadal chun soláthraí táirgí seirbhísí TFC atá cáilithe agus a bhfuil taithí aige a fhostú chun uirlis shaincheaptha intleachta saorga a sholáthar chun sonraí a aimsiú agus a bhaint as suíomhanna Gréasáin na ranna rialtais agus na gcomhlachtaí rialtais atá faoi choimirce ÚNM chun faireachán a dhéanamh ar Chuid 3 den Acht um Míchumas. Moladh go ndéanfadh an soláthraí an uirlis a dhearadh i gcomhar le ÚNM agus go mbeadh sé i gceannas ar threoirstaidéir a chur chun feidhme chun an uirlis sin a mheasúnú. Is é an aidhm atá leis an staidéar sin agus leis an tuarascáil a ghabhann leis eolas a dhéanamh don chinnteoireacht amach anseo maidir le huirlisí intleachta saorga a úsáid le haghaidh gníomhaíochtaí faireacháin in ÚNM/sa Lárionad Sármhaitheasa. Rinneadh dul chun cinn ar an uirlis i gcomhar leis an gconraitheoir seachtrach trí phróiseas atriallach. Tá an treoirchlár le cur i gcrích faoin gcéad ráithe den bhliain 2025. Áireofar leis sin a mheas an próiseas agus réiteach é sin ar féidir tuilleadh dul chun cinn a dhéanamh air agus ar féidir é a leathnú tuilleadh sa bhliain 2025.

# Tosaíocht Straitéiseach 3

# Tosaíocht Straitéiseach 3:

**"Gníomhaíochtaí a chur ar aghaidh chun feasacht ar Dhearadh Uilíoch, agus an mórghlacadh le Dearadh Uilíoch, a chur chun cinn ar fud na hÉireann"**

## Oiliúint Feasachta ar Dhearadh Uilíoch do Chomhpháirtithe Straitéiseacha Fháilte Éireann

I mí Dheireadh Fómhair, rinne baill foirne an Lárionaid Sármhaitheasa, ag obair dóibh in éineacht le Stephen Cluskey ó Mobility Mojo, ceardlann a sholáthar do na heagraíochtaí agus na húdaráis áitiúla atá ag obair i gcomhpháirt le Fáilte Éireann chun feabhas a chur ar a mbonneagar turasóireachta, ar a saoráidí turasóireachta agus ar a n-eispéiris do chuairteoirí trí chistiú ón gCiste um Aistriú Cóir. Ba é **'Turasóireacht Chuimsitheach: Cur Chuige Deartha Uilíoch a ghlacadh'** teideal na ceardlainne. Ba iad na daoine a d'fhreastail ar an gceardlann ná baill foirne ó údaráis áitiúla, ó Choillte, ó Bhord na Móna, ó Uiscebhealaí Éireann agus ó Oifig na nOibreacha Poiblí.

Sa cheardlann sin, tugadh tús eolais ar Dhearadh Uilíoch chun turasóireacht chuimsitheach a bhaint amach san eispéireas do chuairteoirí. Le linn na ceardlainne, cuireadh i láthair raon carachtar difriúil a bhí gafa le cásanna éagsúla. B'an-dearfach a bhí an t-aiseolas ó shuirbhé meastóireachta ar an gceardlann.

**An glacadh le prionsabail Deartha Uilíoch agus comhlíonadh prionsabal Deartha Uilíoch a spreagadh agus cur chun feidhme an dea-chleachtais a chothú**

## Tuarascálacha ar Iniúchtaí Insiúltachta

D'oibrigh an Lárionad Sármhaitheasa i gcomhar le hAoisbhá Éireann chun achoimre thuairisciúil a fhorbairt ar shraith tuarascálacha ar iniúchtaí insiúltachta. Baineadh sonraí as 48 dtuarascáil ó Aoisbhá Éireann inar díríodh ar bhailte i 14 chontae, agus ar fhoirgnimh agus ar spásanna amuigh faoin spéir amhail trá, páirc phoiblí agus eastát tithíochta. Leagadh díriú sna haschuir ar na cúig bhacainn ba mhó ar thángthas orthu i mbailte agus i bhfoirgnimh phoiblí araon. Áiríodh leo sin gnéithe amhail cosáin a raibh droch-chothabháil déanta orthu, aimsiú bealaigh, agus trasrianta bóthair. Tá sé mar aidhm leis an tuarascáil sin bonn eolais a chur faoi obair bhreise ar uirlis iniúchóireachta eispéireas úsáideora a fhorbairt chun ailíniú leis an bhfaireachán leanúnach ar an gCód Cleachtais maidir le Seirbhísí Poiblí agus Faisnéis Inrochtana arna sholáthar ag Comhlachtaí Poiblí.

## Seoladh na dTreoirlínte Deartha Uilíoch do Leithris is Áiteanna Feistis

Tá na Treoirlínte Deartha Uilíoch do Leithris is Áiteanna Feistis dírithe ar dhearthóirí, ar bhainisteoirí foirgneamh agus ar úinéirí saoráidí. Tá siad dírithe freisin ar chliaint, ar ghairmithe tionscail agus ar gheallsealbhóirí míchumais. Is iad seo a leanas na cuspóirí atá leis na treoirlínte:

- treoir dea-chleachtais a sholáthar maidir le suíomh na Leithreas is Áiteanna Feistis, agus aird á tabhairt ar úsáid foirgnimh agus ar oibriú foirgnimh

- treoir dea-chleachtais a sholáthar maidir le Leithris is Áiteanna Feistis a sholáthar agus a dhearadh
- treoir dea-chleachtais a sholáthar maidir le Leithris is Áiteanna Feistis a bhainistiú agus a chothabháil
- cur chun feidhme na Rialachán Foirgníochta (Leasú Chuid M), 2022, a chomhlánú, ar Rialacháin iad lena ndéantar foráil do Leithris is Áiteanna Feistis, agus aird á tabhairt ar úsáid foirgnimh agus ar mhéid foirgnimh.

Tá na treoirlínte agus na doiciméid achoimre ar fáil le híoslódáil i bhformáidí éagsúla.

Sheol an tAire Anne Rabbitte na Treoirlínte Deartha Uilíoch do Leithris is Áiteanna Feistis go foirmiúil an 27 Meitheamh ag ócáid seolta de chuid an Lárionaid Sármhaitheasa, rud a reáchtáladh i gcomhpháirt le AccessibleEU. I measc na gcainteoirí ag an ócáid bhí ionadaithe ó Independent Living Movement Ireland, ó Changing Places Ireland, ón Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta, ón Lárionad Sármhaitheasa agus ó O'Herlihy Access Consultancy, chomh maith le Mark Trieglaff, saineolaí idirnáisiúnta ó Stáit Aontaithe Mheiriceá. Tá físeáin den ócáid seolta ar fáil ar ár suíomh Gréasáin.




## Rochtain ar Leithris is Áiteanna Feistis

Bhuail an Lárionad Sármhaitheasa le Changing Places Ireland i mí Dheireadh Fómhair, in éineacht le Catherine Dollard, ailtire i gComhairle Contae Luimnigh agus ball de Thascfhórsa Deartha Uilíoch Institiúid Ríoga Ailtirí na hÉireann. D'iarr Comhairle Contae Luimnigh an cruinniú chun plé a dhéanamh ar an bhféidearthacht a bhaineann le cistiú nuálaíochta seirbhíse poiblí chun cur chuige oiriúnach a thriail le haghaidh rochtain éasca a sholáthar ar Leithris is Áiteanna Feistis a bhíonn faoi ghlas ar chúiseanna slándála. Pléadh cineálacha éagsúla cur chuige chun aiseolas úsáideoirí a fháil ó Changing Places Ireland. Thairg Comhairle Contae Luimnigh iarratas a dhéanamh ar chistiú chun cur chuige comhaontaithe a thriail d'fhonn é a rolladh amach ar fud na tíre má aimsítear cur chuige oiriúnach.

## Dearadh Caighdeánaithe le haghaidh Cóiríocht Stát-Urraithe a Tógadh le Sainchuspóir do Mhic Léinn

I mí Dheireadh Fómhair, bhuail an Lárionad Sármhaitheasa le hoifigigh ón Roinn Ardoideachais agus Breisoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta, a choimisiúnaigh staidéar chun dearadh caighdeánaithe a fhorbairt le haghaidh Cóiríocht Stát-Urraithe a Tógadh le Sainchuspóir do Mhic Léinn. Thug an Lárionad Sármhaitheasa comhairle maidir leis an ngá atá le Dearadh Uilíoch a chomhtháthú isteach i ndearadh

na cóiríochta do mhic léinn, agus thug sé comhairle don Roinn agus do chonraitheoir an tionscadail maidir le príomhbhreithniúcháin deartha, le treoir deartha chuí agus le grúpaí mac léinn ar féidir dul i gcomhairle leo.

## Athbhreithniú Costais ar Thithe Deartha Uilíoch

Cuireadh an dréacht-tuarascáil dar teideal 'Tithe Deartha Uilíoch – Athbhreithniú ar Chostais Ghaolmhara' faoi bhráid Chumann Suirbhéirí Cairte na hÉireann (SCSI) i mí na Nollag. I mí Eanáir 2025, bhuail an Lárionad Sármhaitheasa leis an gcoiste de chuid SCSI atá freagrach as an tuarascáil a athbhreithniú agus a cheadú, agus chuir sé na fionnachtana i láthair an ghrúpa. Táthar ag súil go bhfaighfear ceadú ó SCSI don tuarascáil sa chéad ráithe den bhliain 2025.

## Athbhreithniú ó Fháilte Éireann ar an gCreat Náisiúnta Dearbhaithe Cáilíochta d'Óstáin

I mí na Nollag, ghlac an Lárionad Sármhaitheasa páirt i gcomhairliúchán de chuid Fháilte Éireann, rud a seoladh mar chuid d'athbhreithniú ar chaighdeáin óstán agus ar rangú óstán. Ba é díriú an chruinnithe conas ba cheart turasóireacht chuimsitheach agus inrochtana a léiriú sna Rialacháin maidir le Clárú agus le Clárú a Athnuachan d'Óstáin agus i Scéim Rangaithe Óstán Fháilte Éireann, a bhfuil athbhreithniú á dhéanamh ar an dá cheann díobh.

## Oiliúint ó Fháilte Éireann i nDearadh Uilíoch le haghaidh Inrochtaineachta agus Cuimsithe

I mí na Nollag, ghlac an Lárionad Sármhaitheasa páirt i bpainéal saineolaithe a bhí mar chuid den oiliúint ó Fháilte Éireann i nDearadh Uilíoch le haghaidh Inrochtaineachta agus Cuimsithe don earnáil turasóireachta. Bhí an oiliúint sin mar chuid de chlár Líonra Foghlama Turasóireachta Chiste an Aontais Eorpaigh um Aistriú Cóir. Leagadh béim san oiliúint sin ar conas a thagann cuimsitheacht agus inbhuanaitheacht as Dearadh Uilíoch a leabú isteach i dtionscadail turasóireachta.

Tá an Lárionad Sármhaitheasa ag leanúint le caidreamh a dhéanamh le foireann Turasóireachta Cuimsithí Fháilte Éireann chun deiseanna le haghaidh tuilleadh comhoibrithe idir an dá eagraíocht a shainaithint.

## Seimineár Gréasáin Forbartha Gairmiúla Leanúnaí: Más Tinn nó más Slán: Ceachtanna ón Dearadh Uilíoch sa Chúram Sláinte

D'óstáil an Lárionad Sármhaitheasa seimineár Gréasáin forbartha gairmiúla leanúnaí le Hanna Kickham, ailtire ó O'Connell Mahon Architects, i mí an Mheithimh dar teideal **'Más Tinn nó más Slán: Ceachtanna ón Dearadh Uilíoch sa Chúram Sláinte'.** Sa seimineár Gréasáin, leagadh béim ar na buntáistí suntasacha a bhaineann le prionsabail Deartha Uilíoch a chur san áireamh i ndearadh foirgneamh, agus béim á leagan ar na buntáistí do dhaoine aonair atá d'aon aois agus ag a bhfuil aon riocht sláinte. Léiríodh iad sin trí shamplaí láidre, agus díriú ar leith á leagan ar an Ospidéal Náisiúnta Athshlánúcháin, a bhuaigh Gradam Deartha Uilíoch Institiúid Ríoga Ailtirí na hÉireann sa bhliain 2021. Bhí 154 dhuine i láthair agus fuarthas aiseolas dearfach i leith an tseimineáir Gréasáin.

## Staidéar Tithíochta na Roinne Tithíochta ar Chineálacha Caighdeánaithe Cur Chuige i leith Deartha

Choimisiúnaigh an Roinn Tithíochta staidéar tithíochta dar teideal 'cineálacha caighdeánaithe cur chuige i leith deartha' faoi Ghníomh Tosaíochta 11 de Thithíocht do Chách 2023, ina ngealltar cineálacha caighdeánaithe cur chuige a fhoilsiú i leith dearadh tithíochta, lena n-áirítear cineálacha caighdeánaithe teaghaise agus sonraíochtaí caighdeánaithe a fhoilsiú, lena n-áirítear do sheirbhísí tógála, ar mhaithe leis an gcostas tógála a laghdú agus tacú le glacadh Modhanna Nua-Aimseartha Tógála. I mí Lúnasa 2024, thug an Roinn cuireadh don Lárionad Sármhaitheasa i nDearadh Uilíoch freastal ar chruinniú chun plé a dhéanamh ar an gcur chuige is fearr i leith Dearadh Uilíoch sa staidéar. Tugadh cuireadh dó freisin freastal ar cheardlann um idirchaidreamh le geallsealbhóirí i mí Mheán Fómhair. Leanann an Lárionad Sármhaitheasa le hidirchaidreamh a dhéanamh leis an Roinn ar mhaithe le dearadh uilíoch a chur san áireamh sna dearaí deiridh sa bhliain 2025.

**Comhairle beartais a sholáthar trí threoirlínte a fhorbairt agus trí rannchuidiú le caighdeáin chun tacú le dea-chleachtais a chur chun feidhme sa dearadh seirbhísí agus táirgí do gach saoránach**

## Oiliúint Aoisbhá Éireann ar Thithíocht agus Ríocht Phoiblí Aoisbhách

Thaifead an Lárionad Sármhaitheasa i nDearadh Uilíoch físeán oiliúna dar teideal 'Tógáil do Chách: Tús Eolais ar Dhearadh Uilíoch' tar éis iarraidh a fháil ó Aoisbhá Éireann. Úsáidfear an físeán mar chuid d'oiliúint Aoisbhá Éireann ar Thithíocht agus Ríocht Phoiblí Aoisbhách. Tairgtear an oiliúint do bhaill foirne iomchuí in earnálacha éagsúla, lena n-áirítear an rialtas áitiúil, a múnlaíonn a gcuid gníomhartha agus cinntí soláthar cóiríochta agus ríochta poiblí.

## Láithreoireacht os comhair Líonra Comhairleoirí Teicniúla Tithíochta Aoisbhá Éireann

Thug Aoisbhá Éireann cuireadh don Lárionad Sármhaitheasa i nDearadh Uilíoch labhairt ag an gcruinniú de chuid Líonra Comhairleoirí Teicniúla Tithíochta Aoisbhá Éireann do mhí an Mhárta, rud a tionóladh ag an nGníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil. Sa láithreoireacht, tugadh an t-eolas is deireanaí ar an Seicliosta beartaithe le haghaidh Leagan Amach Inmheánach Tithe Deartha Uilíoch agus ar an gCaighdeán Éireannach nua do Theaghaisí Deartha Uilíoch, mar aon le sonraí nua ó Dhaonáireamh 2022 faoin gcéatadán de theaghlaigh in Éirinn ina gcónaíonn duine faoi mhíchumas amháin ar a laghad (40%). Leagadh béim ar a thábhachtaí atá an caighdeán nua do Theaghaisí Deartha Uilíoch san aiseolas a fuarthas ó na Comhairleoirí Teicniúla, agus é ar cheann de na príomhdhoiciméid a úsáidfear chun tacú lena gcuid oibre. Táthar ag súil leis go gcuirfear an caighdeán faoi réir comhairliúchán poiblí sa chéad ráithe den bhliain 2025.

## An tSeirbhís Freagartha Glaonna Éigeandála/112

Is é ról na Seirbhíse Freagartha Glaonna Éigeandála ná na Cumarsáidí Éigeandála a fhaigheann an tSeirbhís a shainaithint agus iad a chur ar aghaidh chuig an tSeirbhís Éigeandála chuí (an Garda Síochána, an tSeirbhís Dóiteáin, an tSeirbhís Otharchairr nó an Garda Cósta agus, i gcásanna a bhaineann le haerárthaí, an tSeirbhís Rialaithe

Aerthráchta). Roimh dhul in éag an chonartha reatha lena soláthraí seirbhíse an 24 Samhain 2025, tá an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide ag pleanáil anois chun tabhairt faoi sholáthar poiblí foirmiúil chun Oibritheoir a cheapadh chun an tSeirbhís Freagartha Glaonna Éigeandála a oibriú. D'iarr an Roinn ar ÚNM cabhrú le hinneachar a dhréachtú don doiciméad agus ceistneoir réamhsholáthair uaithi. Chuireamar an Roinn i dteagmháil leis an eagraíocht iomchuí do na bodhair/na Bodhair agus le heagraíochtaí gaolmhara eile. Rinneamar seiceáil inrochtaineachta ar an doiciméad agus ar an suirbhé nasctha freisin.

I dteannta na ngníomhaíochtaí sin, d'aontaigh an Roinn agus ComReg obair i gcomhar le ÚNM ar an gCaighdeán Cumarsáide Éigeandála nua atá le comhchuibhiú faoin Ionstraim Eorpach um Inrochtaineacht. Beidh siad páirteach freisin sa choiste iomchuí de chuid an Údaráis um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann.

## Treoir agus comhairle a thabhairt maidir le curaclaim chun acmhainn a thógáil, lena n-áirítear Dearadh Uilíoch don Fhoghlaim a chomhtháthú

### Tionscadal Cur Chun Feidhme UDG4ELCS

Tá sé mar aidhm le tionscadal cur chun feidhme na dTreoirlínte Deartha Uilíoch do Shuíomhanna Fhoghlaim agus Cúram na Luath-Óige (UDG4ELCS) cur chun cinn a dhéanamh ar thuiscint agus glacadh UDG4ELCS ag oideoirí/cleachtóirí Fhoghlaim agus Cúram na Luath-Óige agus Cúram Leanaí ar Aois Scoile agus ag gairmithe timpeallachta tógtha a bhfuil baint acu le suíomhanna Fhoghlaim agus Cúram na Luath-Óige agus Cúram Leanaí ar Aois Scoile a dhearadh, a phleanáil agus a thógáil.

Chruthaigh an Lárionad Sármhaitheasa i nDearadh Uilíoch agus an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige (RLCMLÓ) Foireann Cur Chun Feidhme Tionscadail chun conraitheoir a áirithiú agus chun an tuiscint ar na Treoirlínte agus glacadh na dTreoirlínte a chur chun cinn i measc sholáthraithe agus chleachtóirí Fhoghlaim agus Cúram na Luath-Óige.

Tá Coláiste Mhuire gan Smál agus Piquant ag gníomhú mar chuibhreannas atá ar conradh ag RLCMLÓ chun bunspriocanna inghnóthaithe a chomhlíonadh ar mhaithe le trí chuspóir de chuid an tionscadail seo a bhaint amach, is iad sin:

- straitéis cumarsáide a fhorbairt
- ardán malartaithe eolais ar líne a dhearadh agus a fhorbairt mar shuíomh Gréasáin dinimiciúil
- modúil ríomhfhoghlama féinluais ar líne a fhorbairt agus a sholáthar d'earnáil Fhoghlaim agus Cúram na Luath-Óige, don earnáil Cúram Leanaí ar Aois Scoile agus don earnáil Timpeallachta Tógtha

Go déanach sa bhliain 2024, d'fhógair Roderic O'Gorman, an tAire Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige, seoladh scéime Deontas um Shíneadh Bloc Tógála is fiú €25m do sholáthraithe luathfhoghlama agus cúram leanaí.

Beidh ceithre shnáithe ag an scéim:

- Síneadh le háitribh atá ann cheana do sheirbhísí príobháideacha
- Síneadh le háitribh atá ann cheana do sheirbhísí pobail
- Áitribh nua a cheannach do sheirbhísí pobail
- Áitribh nua a thógáil do sheirbhísí pobail

Ceanglaítear ar gach tionscadal glanmhéaduithe a sholáthar sa líon áiteanna lánaimseartha do leanaí atá idir aon bhliain d'aois agus trí bliana d'aois. Ceanglaítear ar thionscadail freisin Dearadh Uilíoch (UDG4ELCS) a chur san áireamh.

### Aoi-léacht do Mhic Léinn Ailtireachta Intí Choláiste Uí Ghríofa

I mí Dheireadh Fómhair, thug an Comhairleoir Sinsearach um Dhearadh na Timpeallachta Tógtha ag an Lárionad Sármhaitheasa i nDearadh Uilíoch aoi-léacht do mhic léinn Ailtireachta Intí i gColáiste Uí Ghríofa, Baile Átha Cliath. Bhí na mic léinn ag obair ar thionscadal chun ionad pobail a dhearadh, agus é de dhualgas orthu Dearadh Uilíoch a chur san áireamh sa tionscadal.

### Léachtaí ar Dhearadh Uilíoch sa Timpeallacht Thógtha mar chuid den Mháistreacht i Rialacháin maidir leis an Timpeallacht Thógtha ag Ollscoil Teicneolaíochta an Atlantaigh

Tugadh ceithre léacht ar Dhearadh Uilíoch sa timpeallacht thógtha do mhic léinn sa chúrsa Máistreachta i Rialacháin maidir leis an Timpeallacht Thógtha ag Ollscoil Teicneolaíochta an Atlantaigh i mí an Mhárta agus i mí Aibreáin. Thug an Lárionad Sármhaitheasa i nDearadh Uilíoch ceann amháin de na léachtaí agus choimisiúnaigh sé na trí cinn eile. Thug Ruth O'Reilly (an Lárionad Sármhaitheasa) an chéad léacht, inar tugadh tús eolais ar Dhearadh Uilíoch sa timpeallacht thógtha. Thug Tom Gray (TrinityHaus) an dara léacht ar an Reachtaíocht um Dhearadh Uilíoch agus um Inrochtaineacht. Thug Nicola Ryan (Studio Red Architects) an tríú léacht ar Staighre: Cur Chuige Deartha Uilíoch, agus thug Eoin O'Herlihy (O'Herlihy Access Consultancy) an ceathrú léacht ar Dhoirse: Cur Chuige Deartha Uilíoch. Reáchtáladh na léachtaí an athuair mar sheimineáir Ghréasáin forbartha gairmiúla leanúnaí Zoom i mí Mheán Fómhair agus i mí Dheireadh Fómhair, agus iad á gcur chun cinn mar chuid de chomhpháirtíocht le hInstitiúid Ríoga Ailtirí na hÉireann.

### Sraith Seimineár Gréasáin ar Dhearadh Uilíoch sa Timpeallacht Thógtha

Sholáthair an Lárionad Sármhaitheasa i nDearadh Uilíoch na ceithre léacht thuas freisin mar shraith seimineár Gréasáin forbartha gairmiúla leanúnaí ar Dhearadh Uilíoch sa Timpeallacht Thógtha i mí Mheán Fómhair agus i mí Dheireadh Fómhair 2024 i gcomhpháirt le hInstitiúid Ríoga Ailtirí na hÉireann. Óstáladh na ceithre sheimineár Gréasáin ag am lóin, agus iad faoi stiúir ag cainteoirí difriúla. Ba iad seo a leanas na topaicí agus na cainteoirí:

- Tógáil do Chách: Tús Eolais ar Dhearadh Uilíoch, le Ruth O'Reilly, an Lárionad Sármhaitheasa i nDearadh Uilíoch
- Níos Faide ná Cuid M: An Reachtaíocht um Dhearadh Uilíoch agus um Inrochtaineacht, le Tom Grey, TrinityHaus
- Céimeanna Cuimsitheacha: Dearadh Uilíoch do Staighre, le Nicola Ryan, Studio Red Architects

- Fáiltiú roimh Chách: Dearadh Uilíoch d'Áiteanna Dorais, le hEoin O'Herlihy, O'Herlihy Access Consultancy

Bhí freastal an-mhaith ann ar na seimineáir Ghréasáin, agus breis agus 200 duine d'ailtirí agus de ghairmithe timpeallachta tógtha i láthair ag gach ceann de na ceithre imeacht. Tá na seimineáir Ghréasáin ar fáil anois mar thaifeadadh trí shuíomhanna Gréasáin an Lárionaid Sármhaitheasa i nDearadh Uilíoch agus Institiúid Ríoga Ailtirí na hÉireann.

## Láithreoireacht ag comhdháil Mhol Inrochtana an Aontais Eorpaigh sa Phortaingéil

Thug Príomhoifigeach an Lárionaid Sármhaitheasa i nDearadh Uilíoch láithreoireacht ag comhdháil Mhol Inrochtana an Aontais Eorpaigh sa Phortaingéil i mí Dheireadh Fómhair. Bhí an chomhdháil dírithe ar an Ardoideachas Cuimsitheach a chur chun cinn san Eoraip. Labhair ball foirne de chuid an Lárionaid Sármhaitheasa faoin tairbhe a bhaineann gach duine as cur chuige córas a ghlacadh i leith Dearadh Uilíoch san Oideachas. Rinneadh amhlaidh mar chuid den chomhoibriú leanúnach atá ar bun leis an líonra seo de chuid an Aontais Eorpaigh, agus é mar aidhm leis acmhainn a fhorbairt ar fud an Aontais agus a chinntiú, go háirithe, go n-éireoidh Dearadh Uilíoch agus inrochtaineacht ina gcuid de na curaclaim oideachais.

## Láithreoireacht ag an gComhdháil um Fhoirgnimh Oideachais ag Cumann Ríoga Bhaile Átha Cliath

Rinne baill foirne de chuid an Lárionaid Sármhaitheasa i nDearadh Uilíoch cathaoirleacht ar an gcomhdháil um Fhoirgnimh Oideachais ar óstáil an Roinn Oideachais í ag Cumann Ríoga Bhaile Átha Cliath an 7 Samhain, agus thug siad láithreoireacht lena linn. Ba é téama an tseisiúin ná Dearadh Uilíoch san Oideachas a chur chun cinn. Rinne Donal Fitzpatrick cathaoirleacht ar an seisiún, agus chualathas ón Dr Miguel Valles ón bPortaingéil agus ó chainteoirí ón gColáiste Ollscoile, Baile Átha Cliath, ó AHEAD agus ó Institiúid na nDearthóirí in Éirinn lena linn. Labhair an Dr Valles faoin aistear a thóg an Phortaingéil ón mbliain 2009 i leith chun oideachas cuimsitheach a sholáthar i ndáil le hAirteagal 24 de UNCRPD. Rinne coiste UNCRPD measúnú ar an bPortaingéil faoi dhó, agus d'eisigh an coiste moltaí an-láidir maidir lena chinntiú go n-aistreodh an Phortaingéil ar shiúl ó chóras oideachais leithscartha agus i dtreo córas oideachais níos cuimsithí.

D'eagraigh an Lárionad Sármhaitheasa seisiún hibrideach dúnta an 8 Samhain freisin, rud a tionóladh in Innealtóirí Éireann. Seisiún neamhfhoirmiúil a bhí sa seisiún sin, agus bhí roinnt ball foirne ó ÚNM, ón gComhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta (CNOS) agus ó aonad tógála na Roinne Oideachais i dTulach Mhór i láthair. Léiríonn an toradh go soiléir go bhfuil bearna ann go fóill sa tuiscint ar an gcuma atá ar oideachas cuimsitheach in Éirinn.

## Láithreoireacht ón Lárionad Sármhaitheasa i nDearadh Uilíoch ag Comhdháil UD2024 in Osló, an Iorua

Thug an Lárionad Sármhaitheasa i nDearadh Uilíoch láithreoireacht ag comhdháil UD2024 in Osló ag deireadh mhí na Samhna 2024, in éineacht le David Hallinan (anailísí beartais ag an gComhairle Náisiúnta Eacnamaíoch agus Shóisialta agus iar-Oifigeach Sinsearach Taighde ag ÚNM). Ba é teideal an pháipéir comhdhála ná "Tithe Deartha Uilíoch: Luach Sóisialta agus Tairbhí Eacnamaíocha". Rinne teagmhálaí Sualannach amháin a d'fhreastail ar an gcomhdháil teagmháil leantach leis an Lárionad Sármhaitheasa ansin, á rá go bhfuil an seimineár Gréasáin ón Lárionad Sármhaitheasa dar teideal "Tógáil do Chách: Tús Eolais ar Dhearadh Uilíoch" á úsáid ag Ollscoil Lund i gcúrsa do mhic léinn Teiripe Saothair.

## Feasacht a chur chun cinn trí chomhpháirtíochtaí le cláir ghairmiúla gradam

### Gradaim Institiúid na nDearthóirí in Éirinn

Tá an Lárionad Sármhaitheasa i nDearadh Uilíoch i mbun comhpháirtíochta le hInstitiúid na nDearthóirí in Éirinn chun Dearadh Uilíoch a chur chun cinn i measc an phobail deartha agus i measc an phobail deartha mac léinn araon. Mar chuid dá chomhpháirtíocht le hInstitiúid na nDearthóirí in Éirinn, aithníonn an Lárionad Sármhaitheasa dearthóirí Éireannacha a bhfuil cur chuige Deartha Uilíoch á chur i bhfeidhm acu ina gcuid dearaí tríd an gcatagóir Deartha Uilíoch a mheas gach bliain ag Gradaim Dheartha Institiúid na nDearthóirí in Éirinn agus ag Gradaim Dheartha Céimithe Institiúid na nDearthóirí in Éirinn araon.




*Dámhachtainí IDI 2024 - An Dr Ger Craddock agus TapCreative*

Cuireadh Gradaim Dheartha Institiúid na nDearthóirí in Éirinn do ghairmithe ar siúl ag Cumann Ríoga Bhaile Átha Cliath an 14 Samhain 2024. Bhí 36 iontráil san iomlán ann don chatagóir Deartha Uilíoch i mbliana. Buaiteoir na Catagóire Deartha Uilíoch ba ea Tap Creative, mar gheall ar a dhearadh miondíola ar Petmania. Roghnaigh an Lárionad Sármhaitheasa Tap Creative mar bhuaiteoir an ghradaim seo toisc go bhfuil ina athdhearadh ar phríomhshiopa Petmania faisnéis agus cumarsáidí atá inbhraite agus comharthaí atá soiléir agus soléite agus go soláthraítear ann modh iomasach sothuigthe simplí chun do bhealach a dhéanamh tríd an siopa agus trína chuid seirbhísí.

Cuireadh Gradaim Dheartha Céimithe Institiúid na nDearthóirí in Éirinn ar siúl i Scoil Ealaíne Bhéal Feirste i mí Dheireadh Fómhair 2024. Rinne moltóirí an Lárionaid Sármhaitheasa athbhreithniú ar 116 iontráil deartha san iomlán don chatagóir Deartha Uilíoch. Roinneadh na hiontrálacha sin idir an Timpeallacht Thógtha, TFC, agus Táirgí agus Seirbhísí.

I mbliana, roghnaigh na moltóirí ‘Cupán díniteach a dhearadh do dhaoine a bhfuil diosfaige orthu’ mar bhuaiteoir an ghradaim Deartha Uilíoch. Ba é a bhí i gceist leis an tionscadal sin ná athdhearadh ar bhíocar rialaithe toirte lena gcabhraítear le hiontógáil leachta a bhainistiú agus lena laghdaítear an riosca tachta an tráth céanna. Is léir go raibh an dearthóir eolach ar an stiogmatú a dhéanann difear do roinnt daoine nuair a úsáideann siad roghanna eile atá ar fáil ar an margadh. A bhuí leis an dearadh nua-aimseartha slíoctha atá air, tá an cupán seo níos tarraingtí d’úsáideoirí agus laghdaítear leis an stiogmatú lena mbaineann.

## Babhta Ceannais an Mhórdhúshláin Deartha Uilíoch 2024

Cuireadh babhta ceannais an Mhórdhúshláin Deartha Uilíoch 2024 ar siúl ag Staid Aviva i mí Dheireadh Fómhair. Ba é sin comóradh deich mbliana an imeachta, agus reáchtáladh é ar líne trí Zoom Webinar agus i bpearsa.

Chuaigh mic léinn san iomaíocht ar son na ngradam i dtrí chatagóir, agus bhí an lucht féachana ag Staid Aviva in ann vótáil i ngradam Rogha na nDaoine.

Bhí gné nua ann i dtús an imeachta i mbliana. Ba é sin an t-imeacht líonraithe ‘Buail leis na hIomaitheoirí sa Bhabhta Ceannais’, ar lena linn a tugadh cuireadh don lucht féachana agus do na moltóirí labhairt leis na hiomaitheoirí faoina ndearaí roimh an searmanas bronnta. Cuireadh an ghné sin ar áireamh bunaithe ar aiseolas a fuarthas an bhliain roimhe á rá gur mhaith leis na moltóirí tuilleadh ama a fháil chun aithne a chur ar na dearthóirí lasmuigh den láithreoireacht. Ós rud é gur ghné phíolótach a bhí sa ghné ‘Buail leis na hIomaitheoirí sa Bhabhta Ceannais’, ba ar láithreoireachtaí na mac léinn agus orthu sin amháin a bhí an mholtóireacht bunaithe, seachas ar aon rud a tharla le linn an ama líonraithe sin. Ba é an t-aiseolas a fuarthas ó na moltóirí agus ó na mic léinn ar an oíche ná gur éirigh go geal leis an ngné ‘Buail leis na hIomaitheoirí sa Bhabhta Ceannais’ toisc gur bhris sí leac an doichill do na mic léinn agus gur thug sí deis do na moltóirí léargas níos fearr a fháil ar an obair a cuireadh isteach i ngach dearadh.

Ba í Kim Mackenzie Doyle, dearthóir a bhfuil cáil idirnáisiúnta uirthi agus Príomhoifigeach Feidhmiúcháin BIG IDEA, a thug an spreagaitheasc i mbliana.

Ba iad seo na buaiteoirí sna catagóirí:

- Buaiteoir na catagóire timpeallachta tógtha: Buaiteoir na catagóire Táirgí agus Seirbhísí: Ailtireacht an Chúraim: Aistriú Spásúil De Réir a Chéile
- Buaiteoir na catagóire Teicneolaíochta: Hagstone: Bealaí oiriúnaitheacha inrochtana laistigh a sholáthar trí leathchúpla digiteach 3T a úsáid




*Alannah Hayes, buaiteoir an dá cheann Comhshaol agus Daoine is Fearr Rogha don Ailtireacht Chúraim: Aistriú Spásúil de réir a chéile*



*Buaiteoir Táirgí agus Seirbhísí Swimsafe*



*Buaiteoir teicneolaíochta Hagstone*

- Buaiteoir na catagóire Táirgí agus Seirbhísí: Swimsafe
- Buaiteoir Ghradam Rogha na nDaoine: Ailtireacht an Chúraim: Aistriú Spásúil De Réir a Chéile

## Gradaim ríomh-Rialtais na hÉireann

Bhí ball foirne amháin de chuid an Lárionaid Sármhaitheasa i nDearadh Uilíoch ina mholtóir ag Gradaim ríomh-Rialtais na hÉireann a reáchtáladh i mí Mheán Fómhair 2024, agus iad ar siúl den chéad uair le ceithre bliana anuas. Ba é buaiteoir na catagóire "Dearadh Uilíoch agus inrochtaineacht" i mbliana ná an suíomh Gréasáin "Tabhair Cuairt ar Bhaile Átha Cliath" de chuid Fháilte Éireann. Cé nach bhfuil sé faoi réir faireachán, tá an suíomh Gréasáin seo ina shampla den chur chuige "tús áite don inrochtaineacht" a bhíonn á ghlacadh níos mó agus níos mó ag comhlachtaí poiblí agus suíomhanna Gréasáin nua á bhforbairt acu. Is eiseamláir bhreá dea-chleachtais é freisin.

## Gradam agus Seastán Taispeántais ÚNM ag an Taispeántas Eolaithe Óga

D'óstáil an Lárionad Sármhaitheasa i nDearadh Uilíoch seastán ag Taispeántas Eolaithe Óga agus Teicneolaíochta BT i mbliana. Bhí an taispeántas sin ar siúl ag Cumann Ríoga Bhaile Átha Cliath ón 11 – 13 Eanáir 2024. Bhí seastán an Lárionaid Sármhaitheasa ar cheann amháin de 57 seastán a bhí i halla taispeántóirí an taispeántais.

Thar na trí lá, reáchtáil an Lárionad Sármhaitheasa gníomhaíocht darb ainm 'An Cluiche Nasctha' ag an seastán. Sa chluiche sin, bhí ar mhic léinn USC, USB agus seac cluasáin a nascadh isteach i ngléas gan a bheith in ann an gléas ná na cáblaí a fheiceáil toisc go raibh siad i mbosca dúnta. I dteannta an Cluiche Nasctha a reáchtáil, bhí treoirdhoiciméid Deartha Uilíoch ar taispeáint ag an Lárionad Sármhaitheasa, mar aon le láithreoireacht PowerPoint inar tugadh faisnéis faoin Lárionad Sármhaitheasa agus faoin obair a dhéanann sé.



*An Dr Ger Craddock i láthair an NDA Gradam Speisialta do Luke Blackwell*

Rinneadh idirchaidreamh iontach le mic léinn ag an seastán thar na trí lá, agus cuid mhór díobh ag iarraidh páirt a ghlacadh sa Chluiche Nasctha. Rinneadh idirchaidreamh dearfach freisin le sealbhóirí eile seastáin agus le múinteoirí a bhí ag iarraidh tuilleadh faisnéise a fháil faoi Dhearadh Uilíoch.

Ba mhaith linn comhghairdeas a dhéanamh le Luke Blackwell, mac léinn tríú bliain i Meánscoil na mBráithre Críostaí, Durlas, as Gradam ÚNM a bhuachan agus as an

gcéad áit a bhaint amach sa chatagóir idirmheánach aonair Eolaíochta Sóisialta agus Iompraíochta ag Taispeántas Eolaithe Óga agus Teicneolaíochta BT 2024. Ba é a bhí i gceist le tionscadal Luke ná measúnú a dhéanamh ar a inrochtana do chathaoireacha rothaí atá ceithre bhaile dhéag i réigiún an láir tíre, agus é ag déanamh suirbhé ar bhreis agus 400 duine. Sholáthair sé roinnt cás-staidéar ar úsáideoirí cathaoir rothaí a chuir sé faoi agallamh freisin.

## Treoir agus comhairle a thabhairt maidir le Dearadh Uilíoch réiteach teicneolaíochta chun pobail chuimsitheacha inbhuanaithe a chothú

### Ceardlann ar an Ionstraim Eorpach um Inrochtaineacht i gcomhar le Google

Tugadh cuireadh do bhaill foirne ÚNM comhoibriú le Google agus le Tilting the Lens ar cheardlann ar bhaincéireacht cliant/miondíola de réir mar a bhaineann sí leis an Ionstraim Eorpach um Inrochtaineacht. Bhí ról lárnach ag baill foirne ÚNM maidir leis an gceardlann a dhearadh, a ullmhú agus a chur chun feidhme. Thug ÚNM láithreoireachtaí inar leagadh amach an ról atá ag an Ionstraim i gcomhthéacs na baincéireachta, agus ghlac sé páirt freisin i bpléití painéil agus ceardlanna a reáchtáladh mar chuid den imeacht leathlae seo. Bhí cuid mhór de na príomheagraíochtaí baincéireachta i láthair ag an imeacht.

# Tosaíocht Straitéiseach 4

# Tosaíocht Straitéiseach 4:

**“Próisis láidre oscailte a chothú le haghaidh idirchaidreamh a dhéanamh le daoine a bhfuil míchumas orthu agus leis an mórphobal míchumais agus le haghaidh dul i gcomhairle leo”.**

## Comhairliúchán agus idirchaidreamh

Tá trácht déanta cheana féin sa tuarascáil seo ar phróisis chomhairliúcháin ar an Straitéis Náisiúnta Míchumais agus ar Shuirbhé Náisiúnta Míchumais féideartha, agus tá tuilleadh faisnéise ina leith sin tugtha thíos. Chomh maith leis sin, tagann foireann ardbhainistíochta ÚNM le chéile go tráthrialta le hEagraíochtaí do Dhaoine faoi Mhíchumas agus le heagraíochtaí eile a phléann le míchumas agus le daoine faoi mhíchumas chun coinneáil ar an eolas faoi ábhair imní reatha agus faoi ábhair imní atá ag teacht chun cinn agus chun ár gcuid oibre a chomhroinnt. Is minic anois a thugtar cuireadh do bhaill d’Eagraíochtaí do Dhaoine faoi Mhíchumas suí ar ghrúpaí comhairleacha agus ar ghrúpaí teicniúla a bhaineann lenár dtionscadail.

Glacaimid le roinnt cuirí gach bliain chun láithreoireachtaí a thabhairt ag imeachtaí éagsúla freisin. Imeachtaí fadréimseacha a bhí sna himeachtaí sin, agus áiríodh leo idirchaidreamh le daoine óga. Mar shampla:

- thugamar láithreoireacht do Chomhairle Óg Chathair Chorcaí, atá cleamhnaithe le Comhairle na nÓg, ar fhionnachtana an chomhairliúcháin a sheolamar le leanaí agus daoine óga a bhfuil míchumas orthu mar chuid d’fhorbairt na Straitéise Náisiúnta Míchumais nua. Oibríonn Comhairle Óg Chathair Chorcaí ar fheachtas nó topaic ar leith gach bliain, agus an tionscadal i mbliana dírithe ar fheasacht agus cuimsiú míchumais i gcathair Chorcaí
- labhraíomar le Club Foróige Phort Laoise faoi bhealaí inar féidir cuimsiú daoine óga a bhfuil míchumas orthu ina gceantar féin a chothú
- thugamar léacht do mhic léinn in Ollscoil na Gaillimhe ar an obair a dhéanann ÚNM agus ar an mbeartas agus an dlí míchumais in Éirinn
- ghlacamar páirt i bplé comhchéime do mhic léinn in Ollscoil Mhá Nuad a bhí dírithe ar an rannchuidiú a dhéanann taighde le ceapadh fianaisebhunaithe beartais agus ar a thábhachtaí atá taighde dó sin
- chuireamar an taighde uainn ar Eispéiris mac léinn faoi mhíchumas in Institiúidí Ardoideachais na hÉireann le ciapadh gnéasach agus foréigean gnéasach i láthair ag an gComhdháil Náisiúnta um Chomhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú de chuid an Údaráis um Ard-Oideachas don bhliain 2024.

**Treoir agus faisnéis a sholáthar do chomhlachtaí earnála poiblí chun dul chun cinn a dhéanamh ar chultúr idirchaidrimh fhiúntaigh le daoine a bhfuil míchumas orthu**

## Treoir do chomhlachtaí earnála poiblí

Cuireann ÚNM comhairle ar ranna rialtais agus ar chomhlachtaí poiblí i gcónaí faoin tábhacht a bhaineann le hidirchaidreamh fiúntach a dhéanamh le daoine a bhfuil míchumas orthu. Áirítear leis sin úsáid na dtreoirlínte ‘Participation Matters’ uainn a chur

chun cinn ar fud na hearnála poiblí. Is é atá sna treoirlínte sin ná acmhainn phraiticiúil chun tacú le hoifigigh phoiblí ar an leibhéal náisiúnta agus ar an leibhéal áitiúil dul i gcomhairle ar bhealach fiúntach le daoine faoi mhíchumas agus lena n-eagraíochtaí ionadaíocha i bpróisis forbartha beartais agus i bpróisis chinnteoireachta eile, agus páirt a thabhairt dóibh sna próisis sin, chun comhlíonadh a dhéanamh ar oibleagáidí atá leagtha amach faoi UNCRPD.

Ina theannta sin, agus é ag labhairt le comhlachtaí earnála poiblí agus ag gníomhú mar chomhalta de ghrúpaí oibre agus de choistí, tapaíonn ÚNM an deis chun béim a chur go leanúnach ar an ngá atá le hidirchaidreamh fiúntach a dhéanamh le hEagraíochtaí do Dhaoine faoi Mhíchumas agus le daoine faoi mhíchumas. Mar shampla:

- Ghlac an Stiúrthóir agus an Ceann Beartais, Taighde agus Gnóthaí Poiblí páirt i seimineár lóin agus foghlama ar eagraigh Oifig an Ombudsman é i mí Dheireadh Fómhair, áit a ndearnadh plé úsáideach ar conas atá an tOmbudsman ag cur feabhas ar phróisis chun freastal ar na riachtanais atá ag custaiméirí faoi mhíchumas.
- Tá Cuideachtaí Forbartha Áitiúla freagrach as raon scéimeanna a riar ar an leibhéal áitiúil chun feabhas a chur ar chuimsiú daonraí imeallaithe – daoine faoi mhíchumas ina measc – i saol socheacnamaíoch a bpobal. Thug Stiúrthóir ÚNM láithreoireacht ar obair ÚNM don fhóram um fhormhaoirseacht ar chuimsiú sóisialta de chuid an Líonra Cuideachtaí Forbartha Áitiúla. Leag ÚNM béim ar a thábhachtaí atá idirchaidreamh le hEagraíochtaí do Dhaoine faoi Mhíchumas agus le daoine faoi mhíchumas ar an leibhéal áitiúil.
- Reáchtáil Seirbhís Eacnamaíoch agus Meastóireachta Rialtas na hÉireann, atá lonnaithe sa Roinn Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh PFN, agus Athchóirithe dhá shiompóisiam comhroinnte eolais ar mhíchumas, ar lena linn a thug ÚNM láithreoireacht ar na tairbhí a ghabhann le taighde míchumais maidir le bonn eolais a chur faoi bheartas.




*Freastalaíonn ionadaithe ÚNM ar Sheirbhís Measúnaithe Eacnamaíochta Rialtas na hÉireann siompóisiamaí*

- Rinne ÚNM idirchaidreamh leis an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide maidir leis na sineirgí atá ann idir na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe agus UNCRPD agus maidir le cur chuige a fhorbairt lena gcuirtear an dá thacar gealltanas san áireamh. Leagamar béim ar leith ar an ngá atá le rannpháirtíocht daoine a bhfuil míchumas orthu a mhéadú sna sásraí náisiúnta um rannpháirtíocht geallsealbhóirí ar aon dul le hAirteagal 4(3) de UNCRPD.
- Rinne ÚNM idirchaidreamh le Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, agus fáiltíonn sé roimh bhunú an aonaid nua faireacháin laistigh den Choimisiún, rud a dhíreoidh ar an ról neamhspleách faireacháin atá aige i leith UNCRPD.

## Treoir Eiticiúil

Cloíonn ÚNM leis na caighdeáin is airde maidir le heitic taighde. D'fhoilsíomar leagan athbhreithnithe den treoir eiticiúil maidir le taighde le daoine faoi mhíchumas. Sa treoir athbhreithnithe, cuirtear san áireamh reachtaíocht nua amhail na Rialacháin um Thaighde Sláinte, bunú an Choiste um Dhearbhú Toilithe Taighde Sláinte, agus tosach feidhme an Achta um Chinnteoireacht Chuidithe (Cumas), arna leasú.

Níor cheart daoine a bhfuil míchumas orthu agus nach bhfuil de chumas acu a dtoiliú sainráite a thabhairt a eisiamh go héagórach ó thaighde. Áirítear leis an treoir athbhreithnithe faisnéis agus comhairle maidir le cuimsiú daoine nach bhfuil de chumas acu toiliú sainráite a thabhairt.

**Imeachtaí téamacha bliantúla a chur ar siúl chun éisteacht go díreach ó dhaoine a bhfuil míchumas orthu agus óna gcomhlachtaí ionadaíocha, le linn leanúint de chomhairliúcháin dhírithe a sheoladh ar thionscadail shonracha chun eolas a dhéanamh d'aschuir ÚNM**

## Comhairliúchán ar Straitéis Náisiúnta Míchumais nua

D'iarr RLCMLÓ ar ÚNM cabhrú léi comhairliúchán ar straitéis chomharba ar an Straitéis Náisiúnta um Chuimsiú Míchumais a bhainistiú. Beidh an straitéis nua ar cheann de na sásraí a bheidh ag Éirinn chun cur chun feidhme forchéimnitheach UNCRPD a bhrú chun cinn. Reáchtáladh an comhairliúchán idir mí na Samhna 2023 agus mí Feabhra 2024. Bhí roinnt snáitheanna i gceist leis, lenar áiríodh suirbhé do dhaoine faoi mhíchumas, suirbhé do chúramóirí, fócasghrúpaí téamacha, fócasghrúpaí do ghrúpaí nach gcloistear uathu go minic, comhairliúchán saindeartha le daoine aonair nach gcloistear uathu go minic (daoine a bhfuil míchumas intleachta orthu agus daoine a bhfuil uathachas orthu) agus le leanaí, agus imeachtaí halla an bhaile. De bhreis air sin, iarradh aighneachtaí físe nó aighneachtaí i scríbhinn. Bhí formáidí éagsúla ar fáil don suirbhé. Spriocdhíríodh go háirithe ar Eagraíochtaí do Dhaoine faoi Mhíchumas sa chomhairliúchán, agus RLCMLÓ ag tionól cruinnithe rialta le hEagraíochtaí do Dhaoine faoi Mhíchumas. Rinneadh idirchaidreamh láidir le hEagraíochtaí do Dhaoine faoi Mhíchumas sna snáitheanna eile den chomhairliúchán freisin.

Áiríodh leis an idirchaidreamh 34 phlé fócasghrúpa, 18 n-agallamh, ceithre chruinniú comhairliúcháin mhóra, 81 aighneacht scríofa agus ceithre fhíseán, mar aon le suirbhé náisiúnta ar chomhlánaigh 484 dhuine é. Bhí sé mar aidhm leis an suirbhé comhairliúcháin na saincheisteanna is tábhachtaí do cháilíocht beatha daoine faoi mhíchumas a shainaithint agus iniúchadh a dhéanamh ar an dóigh a gcaitear le daoine

a bhfuil míchumas orthu, dar leis na daoine a bhfuil míchumas orthu féin. Ba iad seo a leanas na trí shaincheist a mheas an sciar is airde de fhreagraithe a bheith tábhachtach do cháilíocht a mbeatha:

- seirbhísí cúraim sláinte nó cúraim shóisialaigh nó tacaí cúraim sláinte nó cúraim shóisialaigh a fháil,
- go leor airgid a bheith acu chun na costais bhreise a bhaineann lena míchumas a sheasamh,
- bheith in ann modhanna iompair phoiblí nó phríobháidigh a fháil agus a úsáid go héasca.

Le linn an iliomad gníomhaíochtaí comhairliúcháin, tharraing na rannpháirtithe aird ar roinnt dúshlán atá le sárú ag daoine faoi mhíchumas in Éirinn agus mhol siad roinnt réiteach ar na dúshláin sin. Agus raon topaicí éagsúla i gceist leo, cuireadh na dúshláin agus na réitigh fhéideartha sin le chéile i dtuarascáil comhairliúcháin chuimsitheach, inar tarraingíodh aird ar na rannchuidithe agus na moltaí ó Eagraíochtaí do Dhaoine faoi Mhíchumas. Cé go bhfuil an tuarascáil le húsáid go príomha chun an Straitéis nua a fhorbairt, beidh sí úsáideach freisin maidir le bonn eolas a chur faoi thuairisciú sula ndéanfaidh Éire an chéad scrúdú uaithi faoi UNCRPD, chun an clár oibre náisiúnta um thaighde míchumais agus beartais rialtais a mhúnlú, agus chun bonn eolais a chur faoi straitéisí agus pleananna gníomhaíochta eile ón rialtas i gcoitinne.

Táirgeadh an tuarascáil deiridh ar an gcomhairliúchán i bhformáidí éagsúla agus foilseofar in éineacht leis an Straitéis nua í. Meastar go bhfoilseofar an dá dhoiciméad sa dara ráithe den bhliain 2025.

## Suirbhé Náisiúnta Míchumais

Tá ÚNM ag obair go gníomhach le roinnt blianta anuas ar chás a chur le chéile ar son Suirbhé Náisiúnta Míchumais. Rinne an Phríomh-Oifig Staidrimh suirbhé den sórt sin sa bhliain 2006 tar éis Dhaonáireamh 2006. Soláthraíodh leis an suirbhé sin faisnéis dhomhain faoi shaol agus riachtanais daoine aonair a bhfuil míchumas orthu agus faoi na deacrachtaí atá le sárú acu, agus úsáidtear é go fóill chun bonn eolais a chur faoi bheartas.  Tá an cás gnó á chur ar aghaidh ag RLCMLÓ anois, agus bhunaigh sé grúpa stiúrtha ar tugadh cuireadh do ÚNM a bheith páirteach ann. D’iarr RLCMLÓ ar ÚNM comhairliúchán a stiúradh le hEagraíochtaí do Dhaoine faoi Mhíchumas, le daoine faoi mhíchumas, le geallsealbhóirí sochaí sibhialta, le geallsealbhóirí acadúla agus le geallsealbhóirí iomchuí eile ar Shuirbhé Náisiúnta Míchumais féideartha. Bhí rannpháirtíocht mhaith ann sa chomhairliúchán, agus tá ÚNM tar éis tuarascáil comhairliúcháin a ullmhú lena gcuirfear bonn eolais faoin gcás gnó agus faoi na chéad chéimeanna eile.

## Comhdháil Bhliantúil

Cuireadh Comhdháil Bhliantúil ÚNM don bhliain 2024 ar siúl ag Staid Aviva Déardaoin an 24 Deireadh Fómhair. Bhí an t-imeacht dírithe ar rannpháirtíocht daoine faoi mhíchumas sa chultúr, sa spórt, san áineas agus san fhóillíocht, ar aon dul le hAirteagal 30 de UNCRPD. Bhí an-spéis ann san imeacht, agus beagnach 150 duine ag freastal ar an imeacht i bpearsa, mar aon le breis agus 100 duine a bhí páirteach ann ar líne. I measc na dtopaicí a cumhdaíodh lena linn bhí na healaíona agus an chruthaitheacht, an spórt, an t-áineas agus an fhóillíocht, an oidhreacht chultúrtha, an fhéiniúlacht agus an turasóireacht, an scannánaíocht agus na meáin.

Chualathas ó bheagnach tríocha cainteoir ag an imeacht trí mheascán de láithreoireachtaí, de phléití painéil agus de léirithe cultúrtha. I measc na rannpháirtithe bhí an tAire Anne Rabbitte, Petal Pilley, stiúrthóir amharclainne, agus Jason Smyth, iarlúthchleasaí parailimpeach. Chomh maith leis sin, thaifead Catherine Martin, an tAire Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán, aitheasc deiridh don imeacht. Ar aon dul leis an téama a glacadh i mbliana – ba é sin, Airteagal 30 – reáchtáladh léiriú ceoil agus léamh filíochta ag an imeacht, mar aon le taispeántas ealaíne inar léiríodh an saothar le deichniúr ealaíontóirí cumasacha a bhfuil míchumas intleachta orthu. B'an-dearfach a bhí an t-aiseolas a fuarthas ón lucht freastail trí shuirbhéanna meastóireachta. Cumhdaíodh an t-imeacht sna meáin náisiúnta freisin, RTÉ ina measc. Tá fístaifeadtaí den chomhdháil ar fáil ar shuíomh Gréasáin ÚNM anois.



*Plé painéil ag Comhdháil Bhliantúil 2024 an NDA*



*Idirghníomhú leis an lucht éisteachta ag Comhdháil Bhliantúil 2024 an NDA*

## An Comórtas Ealaíne ‘Duine Cosúil Liomsa’

Is é atá sa chomórtas ‘Duine Cosúil Liomsa’ ná comórtas bliantúil ealaíne do bhunscoileanna a n-eagraíonn ÚNM é. Is ardán cumhachtach é trína gcuirtear feasacht ar mhíchumas chun cinn i measc aigní óga. Tá sé mar aidhm leis an gcomórtas seo daoine óga a spreagadh féachaint níos faide ná an dromchla agus na cosúlachtaí agus na difríochtaí uathúla atá ann eadrainn a fheiceáil. Is uirlis é trínar féidir le leanaí foghlaim agus dul i mbun comhráite croíúla, agus fiosracht agus comhbhá á spreagadh dá bharr sin.

Bhí an bhliain 2023 ar an ochtú bliain inar reáchtáladh an comórtas ealaíne ‘Duine Cosúil Liomsa’; fuarthas 2,281 iontráil ó 197 scoil ar fud gach ceann de na 26 chontae. Tionóladh an searmanas bronnta i Halla Cathrach Bhaile Átha Cliath an 17 Eanáir 2024. Beoshruthaíodh an searmanas ar shuíomh Gréasáin an chomórtais ‘Duine Cosúil Liomsa’ freisin. Bhí an tAire Rabbitte i láthair ag an searmanas bronnta. Cumhdaíodh an comórtas ar RTÉ News2Day, san Irish Examiner (agus grianghraf ag gabháil leis an scéal), i nuachtáin réigiúnacha agus ar stáisiúin raidió réigiúnacha.

Buaiteoir náisiúnta foriomlán an chomórtais ba ea na daltaí ó rang a trí agus rang a ceathair i Scoil Náisiúnta Mhílic, Co. an Chláir. Dhear siad leabhar atá bunaithe ar a n-eispéireas féin mar rang-ghrúpa ar an dóigh ar athraigh an scoil agus a múinteoir an seomra ranga ina áit inar féidir le gach duine a bheith ar a nós féin agus páirt iomlán a ghlacadh i saol na scoile ar bhealach atá cuimsitheach dá riachtanais uile.




*Iontráil ag comórtas ealaíne Someone Like Me 2024*

Tugadh Ardmholadh náisiúnta do dhá rannpháirtí. Ba é an chéad cheann díobh ná rang a cúig ó Scoil Náisiúnta na Buiríse, Co. Cheatharlach. Chruthaigh na daltaí traein i dtreo cuimsithe. Scríobh siad focail dhearfacha ar bhraith siad gur chuir siad síos ar a seomra ranga agus ar a dtimpeallacht scoile, agus chuir siad ar bhrící an fhoirgnimh iad. Ba é an dara ceann díobh ná an meánrang ó Scoil Speisialta Ábalta, Co. na Gaillimhe. Mar scoil do leanaí a bhfuil uathachas orthu agus a bhfuil riachtanais chasta acu, dhírigh na daltaí ar théama na néara-éagsúlachta agus iad ag cruthú sé chuid d'inchinn mhór trí leas a bhaint as cruthanna, dathanna agus ábhair éagsúla.

Rinne an tAire Anne Rabbitte an comórtas ealaíne 'Duine Cosúil Liomsa' don bhliain 2024 a sheoladh go foirmiúil i nGaillimh in éineacht leis an dá bhuaiteoir contae i gcomórtas na bliana 2023. Mheall comórtas na bliana 2024 2,708 n-iontráil ó 255 scoil náisiúnta ar fud na tíre, agus fógraíodh buaiteoirí contae na bliana 2024 ag deireadh na bliana 2024. Fógrófar na buaiteoirí náisiúnta ag searmanas bronnta go luath sa bhliain 2025.




*Sheol an tAire Anne Rabbitte comórtas ealaíne 2024 Someone Like Me go foirmiúil*

# Tosaíocht straitéiseach 5

# Tosaíocht straitéiseach 5:

**"Éifeachtacht eagraíochtúil a chothabháil agus a fheabhsú".**

## Suíomh Gréasáin ÚNM

Bhí an suíomh Gréasáin athbhreithnithe nda.ie a seoladh sa bhliain 2022 ar cheann de na suíomhanna Gréasáin ab fhearr feidhmíocht i measc na suíomhanna Gréasáin comhlachta phoiblí a measúnaíodh mar chuid den Fhaireachán ar Inrochtaineacht Gréasáin sa bhliain 2024. Fuair sé scór inrochtaineachta foriomlán 91.69%.

## Acmhainní Foirne

De réir alt 27 den Acht um Údarás Náisiúnta Míchumais, 1999, is é ÚNM fostóir a fhoirne. Cuireann an Feidhmeannas, ag gníomhú dó faoi stiúir ag an Stiúrthóir, straitéis, plean oibre bliantúil agus beartais an Údaráis Náisiúnta Míchumais chun feidhme ar bhonn laethúil.

Bhí 45 bhall foirne ag an Údarás Náisiúnta Míchumais amhail an 31 Nollaig 2024. Is é Lárionad Seirbhísí Comhroinnte Párolla na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe a sholáthraíonn próiseáil párolla, pinsean agus taistil agus cothaithe ÚNM. Éascaíonn ÚNM cumarsáid ar phríomh-shaincheisteanna idir an lucht bainistíochta agus ceardchumann aitheanta a dhéanann ionadaíocht do leasanna fhoireann ÚNM.

Tá an Feidhmeannas comhdhéanta de thrí rannóg:

- Beartas, Taighde agus Gnóthaí Poiblí;
- An Lárionad Sármhaitheasa i nDearadh Uilíoch agus Caighdeáin Uilíocha agus Faireachán;
- Seirbhísí Corparáideacha

Ag tuairisciú dóibh don Stiúrthóir, is é atá sna Cinn ar na trí rannóg sin ná an grúpa ardbhainistíochta.

| An Lucht Ardbhainistíochta ag an 31 Nollaig 2024 | |
|---|---|
| Stiúrthóir | An Dr Aideen Hartney |
| Ceann Beartais, Taighde agus Gnóthaí Poiblí | An Dr Rosalyn Tamming |
| Príomhoifigeach, an Lárionad Sármhaitheasa i nDearadh Uilíoch agus Caighdeáin Uilíocha agus Faireachán | An Dr Ger Craddock |
| Ceann Seirbhísí Corparáideacha | Evelyn Moore Uas. |

## Oiliúint agus Forbairt

Lean ÚNM ar aghaidh ag cur plean oiliúna agus forbartha i bhfeidhm do bhaill foirne, ar plean é atá bunaithe ar an gCóras Bainistíochta Forbartha Feidhmíochta agus ar riachtanais an duine aonair, lenar áiríodh freastal ar sheimineáir, ar chomhdhálacha, ar sheimineáir Ghréasáin, ar sheisiúin oiliúna agus ar cheardlanna. Eagraíodh roinnt cúrsaí oiliúna agus ceardlann oiliúna go hinmheánach do bhaill foirne. Áiríodh leo sin:

- Oiliúint ar Mhaoir Dhóiteáin
- Oiliúint in Ullmhú d'Agallaimh
- Bonnchúrsa Oiliúna Pinsean
- Creat agus seisiún faisnéise ón Oifig um Sholáthar Rialtais maidir le trealamh cosanta pearsanta don obair agus soláthairtí garchabhrach

Tá na nithe seo a leanas ina sampla de roinnt de na deiseanna seachtracha oiliúna agus forbartha ar baineadh leas astu sa bhliain 2024:

- Bainistíocht Ama a Fheabhsú agus d'Ualach Oibre a Chur in Ord Tosaíochta
- Ceardlann maidir le Cumarsáid Géarchéime
- Mná sa Cheannaireacht – Lá Idirnáisiúnta na mBan
- Acmhainní ón gcomhdháil um fhórsa saothair na todhchaí a mhúnlú
- Teastas in Oiliúint Ceannaireachta
- Meáin Shóisialta Inrochtana
- LinkedIn le haghaidh Gnó
- X (Twitter roimhe sin) le haghaidh Gnó
- Croíscileanna d'Ardoifigigh Feidhmiúcháin
- Foirne Hibrideacha agus Cianda a Bhainistiú
- Ardchúrsa oiliúna in Microsoft Word
- Oiliúint in VBA in Microsoft Excel
- Máistir-rang in Óráidíocht Phoiblí agus i Scileanna Láithreoireachta
- Cineálacha Míchumais Dofheicthe a Thuiscint san Áit Oibre
- Oiliúint i Sonraí Oscailte
- Cúrsa i mBainistíocht Tionscadal Taighde agus Meastóireachta
- Oiliúint ar Mheasúnóirí Trealaimh Scáileán Taispeána
- Seimineár ar na Príomhuirlisí Meastóireachta le haghaidh Treoirlínte Bonneagair
- Athbhreithniú Bliantúil ar an Dlí Fostaíochta 2024
- An Clár Oibre Inbhuanaitheachta le haghaidh Comhlachtaí Earnála Poiblí
- Intleacht Shaorga le haghaidh Gnó - Réamhrá
- Oiliúint in Explorer
- Scileanna Láithreoireachta Oscailte
- Leas a Bhaint as Intleacht Shaorga d'Acmhainní Daonna agus don Áit Oibre
- Tógáil Miontuairiscí do Chruinnithe
- Comhdháil um Shábháilteacht ó Dhóiteán i bhFoirgnimh Phoiblí
- Déileáil le Custaiméirí agus Iompraíochtaí Achrannacha
- Forbhreathnú ar Shaoráil Faisnéise
- Oiliúint Ceannaireachta i nGníomhú ar son na hAeráide
- Saoráil Faisnéise don Lucht Tugtha Breitheanna agus d'Athbhreithneoirí Inmheánacha

Chuir na baill foirne nua uile an oiliúint seo a leanas i gcrích:

- Ríomhfhoghlaim i gComhionannas Míchumais ÚNM
- Ríomhfhoghlaim i Sonraí a Chosaint le linn Obair ón mBaile
- Prótacal Sábháilteachta um Fhilleadh ar an Obair
- Oiliúint i Nochtadh Cosanta (Sceithireacht)

Bhí an Oiliúint Sláinte agus Sábháilteachta comhdhéanta díobh seo a leanas:

- Measúnacht ar Threalamh Scáileán Taispeána
- Measúnú Eirgeanamaíochta
- Freagróir Garchabhrach

## Cumarsáid

Rinneadh athbhreithniú ar an Straitéis Cumarsáide le linn na bliana 2024 chun bonn eolais a chur faoi Straitéis nua, rud a fhorbrófar sa bhliain 2025. Sainaithníodh san athbhreithniú roinnt réimsí inar tháinig méadú ar idirchaidreamh agus inar tháinig feabhas ar a éifeachtaí atá cumarsáid ÚNM ó cuireadh tús leis an straitéis. Áiríodh iad seo a leanas leis na réimsí sin:

- trí cinn de shuíomhanna Gréasáin nua a sholáthar (suíomh Gréasáin Béarla do ÚNM, suíomh Gréasáin Gaeilge do ÚNM, agus suíomh Gréasáin Béarla don Lárionad Sármhaitheasa i nDearadh Uilíoch)
- fás suntasach ar an líon leantóirí agus ar an méid gníomhaíochta ar fud na dtrí ardán meán sóisialta ar spriocdhíríodh orthu
- Nuachtlitir ÚNM a eisiúint ar bhonn níos minice
- aistriú ar shiúl ó imeachtaí i bpearsa chuig meascán d’imeachtaí i bpearsa, ar líne agus hibrideacha
- feabhas a chur ar chumarsáid inmheánach trí chruinnithe tráthrialta foirne, trí chórais nua TF amhail Teams a ghlacadh agus trí athbhreithniú agus nuashonrú a dhéanamh ar Threoir Stíle ÚNM agus ar a Bheartas maidir leis na Meáin Shóisialta
- comhthaobhacht nua cumarsáide ÚNM a choimisiúnú, agus treisiú le cumarsáid agus comhthaobhacht a bhfuil brandáil ÚNM agus an Lárionaid Sármhaitheasa i nDearadh Uilíoch araon orthu.

Réimse amháin a sainaithníodh mar réimse a bhfuil aird le tabhairt air sa chéad bhliain eile ba ea feabhas a chur ar acmhainniú feidhmeanna cumarsáide. Tá aghaidh á tabhairt ar an tsaincheist acmhainne laistigh den fhoireann sa bhliain 2025, agus fágfaidh sé sin go mbeifear in ann tuilleadh inneachair a chruthú agus faireachán tráthrialta a dhéanamh ar fheidhmeanna cumarsáide.

Áirítear iad seo a leanas leis na réimsí eile a sainaithníodh mar réimsí a bhfuil aird le tabhairt orthu sa bhliain 2025: feabhas a chur ar chomhleanúnachas inmheánach ar fud na heagraíochta; treoirlínte brandála corparáidí ÚNM a nuashonrú; feabhas a chur ar anailísíocht agus ar an dóigh a sainaithnítear príomhtháscairí feidhmíochta intomhaiste do gach cainéal cumarsáide seachtraí; obair i gcomhar le hOifig Phríomhoifigeach Faisnéise an Rialtais chun bogearraí TF atá inrochtana agus éifeachtach a shainaithint agus a chur i bhfeidhm ar fud na heagraíochta; suíomh Gréasáin Gaeilge a sholáthar

don Lárionad Sármhaitheasa i nDearadh Uilíoch; athbhreithniú a dhéanamh ar an inneachar ar shuíomh Gréasáin ÚNM; agus ‘treoirdhoiciméad maidir le dea-chleachtas a chur chun cinn maidir le hinrochtaineacht agus Dearadh Uilíoch d’imeachtaí do gheallsealbhóirí inmheánacha agus seachtracha’ a tháirgeadh, mar a gealladh faoin bPlean Gníomhaíochta um Dhualgas na hEarnála Poiblí 2024.

## Rialachas agus Tuairisciú Airgeadais

Tá an tÚdarás Náisiúnta Míchumais tiomanta don chaighdeán is airde rialachais chorparáidigh a bhaint amach laistigh den eagraíocht. Is le comhlíonadh an Achta um Údarás Náisiúnta Míchumais, 1999, agus le forálacha an Chóid Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú, 2016, a threoraítear an creat foriomlán rialachais agus rialaithe laistigh den Údarás Náisiúnta Míchumais.

Mar gheall ar chur chun feidhme leanúnach bheartas ÚNM um Oibriú Cumaisc, leanadh sa bhliain 2024 le béim ar leith a leagan ar fhaireachán a dhéanamh ar an timpeallacht rialaithe atá i mbun oibre in ÚNM, agus díriú á chur ar bhainistíocht airgeadais agus sonraí.

Bunaíodh Creat-Chomhaontú Formhaoirseachta agus Feidhmíochta idir an tÚdarás Náisiúnta Míchumais agus an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige. Tugadh mionsonraí sa Chomhaontú Soláthair Feidhmíochta 2024 faoi na spriocanna agus cuspóirí ardleibhéil agus faoin bpríomhchlár gníomhaíochta ar ghabh ÚNM air é a chur i gcrích sa bhliain 2024.

Rinne an Coiste Airgeadais agus an tÚdarás athbhreithniú gach dhá mhí sa bhliain (tríd an eolas is deireanaí ar chuntais bhainistíochta agus ar an mbuiséad) ar thuarascálacha airgeadais a táirgeadh go hinmheánach agus ina léirítear mionsonraí faoin gcaiteachas i gcomparáid leis an mbuiséad comhaontaithe. Comhroinneadh na cuntais bhainistíochta leis an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca ar fud na bliana freisin. De réir an Achta um Údarás Náisiúnta Míchumais, 1999, agus an Chóid Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú, 2016, rinne ÚNM dréachtchuntais airgeadais don bhliain 2024 a ullmhú agus a chur faoi bhráid ár máthair-roinne agus faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste. Ullmhaíodh Ráitis Airgeadais ÚNM don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2024 faoi FRS 102, atá ar an gCaighdeán Tuairiscithe Airgeadais is infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus in Éirinn agus arna fhógairt ag an gComhairle um Thuairisciú Airgeadais. Cuirfidh ÚNM na cuntais airgeadais cheadaithe don bhliain 2024 faoi bhráid an Aire.

## Bainistíocht Riosca

Chun riosca eagraíochta a bhainistiú ar dhóigh éifeachtach, teastaíonn próisis láidre rialaithe chun tacú leis an Údarás agus leis an bhFeidhmeannas cuspóirí ÚNM a bhaint amach. Is bunaithe i ról an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca atá ceaptha ag an Údarás atá feidhmeanna riosca agus rialaithe. Déanann an Coiste sin athbhreithniú ar fheidhmíocht agus ar nithe riosca, lena n-áirítear beartais agus cleachtais.

Déanann an Grúpa Ardbhainistíochta faireachán agus breithniú ar an timpeallacht riosca do ÚNM go tráthrialta agus is buanmhír í sin ar chlár oibre gach cruinnithe de chuid an Údaráis. Tá ag ÚNM Clár Rioscaí bunaithe a ndéanann an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca agus an tÚdarás é a athbhreithniú agus a cheadú go tráthrialta de réir mar is cuí. Tá ag an Údarás Príomhoifigeach Riosca ainmnithe agus rinne sé Ráiteas Inghlacthachta Riosca na heagraíochta a fhorbairt agus a cheapadh.

Ar aon dul leis an gceanglas faoin gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú chun na príomhrioscaí a fhoilsiú agus chun machnamh a dhéanamh ar phríomhthosaíochtaí na heagraíochta, sainaithníodh na nithe seo a bheith ar na rioscaí féideartha a d'fhéadfadh difear diúltach a dhéanamh do ÚNM le linn na bliana 2024:

1. An riosca go mbeidh acmhainn neamhleor ann chun freagairt d'éilimh mhéadaithe maidir le comhlíonadh fheidhmeanna Reachtúla/Oibríochtúla ÚNM, go háirithe i margadh dúshlánach fostaíochta.
2. An riosca go mbeidh cur isteach ann mar gheall ar chibirionsaí.
3. An riosca nach mbeifear in ann feidhmeanna nua a chomhlíonadh gan acmhainní breise, amhail trasuí na hIonstraime Eorpaí Inrochtaineachta.

## An tÚdarás sa bhliain 2024

Tá Údarás ÚNM comhdhéanta de Chathaoirleach agus de 12 ghnáthchomhalta. Tháinig an tÚdarás le chéile ocht n-uaire sa bhliain 2024. Is leagtha amach sa Ráiteas Rialachais atá sceideal de fhreastal, táillí agus caiteachais na bliana 2024, atá mar chuid de na Ráitis Airgeadais Bhliantúla. Rinne an tÚdarás faoi mheastóireacht sheachtrach ar a fheidhmíocht sa bhliain 2024 ar aon dul leis an gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016). Rinneadh dul chun cinn ar fud na bliana ar mholtaí a tháinig as an bpróiseas meastóireachta roimhe (2023).

## Iniúchóireacht Inmheánach

Ag teacht sna sála ar a cheapachán trí phróiseas tairisceana sa bhliain 2021, lean Crowleys DFK sa bhliain 2024 de shraith seirbhísí Iniúchóireachta Inmheánaí a comhaontaíodh leis an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca agus ar cheadaigh Údarás ÚNM iad a sholáthar do ÚNM sa bhliain 2023.

## Fiosruithe ó chomhaltaí den Oireachtas

De réir Chiorclán 24/2016 ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, sholáthair an tÚdarás Náisiúnta Míchumais seoladh ríomhphoist tiomnaithe fiosruithe ag OireachtasReps@nda.ie do chomhaltaí den Oireachtas atá ag iarraidh faisnéis ar nithe a bhaineann le hobair ÚNM.

## Dualgas na hEarnála Poiblí

Sa bhliain 2024, leasaigh ÚNM an Plean Gníomhaíochta maidir le Dualgas na hEarnála Poiblí agus Cearta an Duine uaidh. Maidir lenár bplean gníomhaíochta nua, lena gclúdaítear an tréimhse 2024-2026, tá aige líon níos lú gníomhaíochtaí a bhfuil díriú níos mó acu, rud a fhágann gur féidir faireachán níos éifeachtaí a dhéanamh. Ceann de na gníomhartha is mó sa phlean nua is ea ár dtimpeallacht oibre a dhéanamh sábháilte agus inrochtana. Chuige sin, cuireadh tús le clár oibreacha tógála sa bhliain 2024 a mbeidh roinnt uasghráduithe inrochtaineachta i gceist leo, lena n-áireofar leithreas is áit feistis.

Gníomh nua eile a sainaithníodh sa phlean is ea a chinntiú gur timpeallacht fháilteach, shábháilte agus chuimsitheach do gach fostaí é ÚNM, beag beann ar chúlra an fhostaí agus ar shaintréithe eile. Tá roinnt foghníomhartha ann sa ghníomh sin, lena n-áirítear gealltanas go dtabharfar seisiúin faisnéise do bhaill foirne maidir le heispéiris fíorshaoil daoine ar fud raon cúiseanna comhionannais. Cuireadh an chéad cheann de na seisiúin faisnéise sin ar siúl i mí Dheireadh Fómhair 2024, tráth a tugadh cuireadh d'Ionad Pavee

don Lucht Siúil agus do Romaigh chun láithreoireacht a thabhairt d'fhoireann ÚNM. Sa seisiún idirghníomhach rannpháirtíoch sin, díríodh ar an tábhacht a bhaineann le cur chuige trasnach a ghlacadh i leith an mhíchumais agus ar eispéiris na ndaoine faoi mhíchumas den Lucht Siúil in Éirinn. Cuireadh an dara seisiún faisnéise ar siúl i mí na Nollag 2024. Díríodh ann ar an obair a rinne Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha chun cearta míchumais a chur chun cinn san Eoraip, lena n-áirítear trí dhearcadh trasnach a ghlacadh.

Tá sé beartaithe tuilleadh seisiúin faisnéise a chur ar siúl sa bhliain 2025. Áireofar leo sin seisiúin faisnéise chun eispéiris na mban faoi mhíchumas agus na ndaoine faoi mhíchumas atá faoi mhíbhuntáiste socheacnamaíoch a bhreithniú.

## Sláinte agus Sábháilteacht

Tá ÚNM tiomanta d'fholláine a fhostaithe a chinntiú trí áit shábháilte oibre a chothabháil agus trína chinntiú go gcomhlíonfar na ceanglais de bhun an Achta um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005, arna leasú. Lean Coiste Sláinte agus Sábháilteachta ÚNM ar aghaidh ag tacú le faireachán agus treoir ar nithe Sláinte agus Sábháilteachta sa bhliain 2024. Rinne iniúchóirí inmheánacha ÚNM Iniúchadh Comhairleach Sláinte agus Sábháilteachta sa tríú ráithe den bhliain 2023 agus fuarthas an tuarascáil deiridh i dtús na bliana 2024. Luadh inti gur 'tosaíocht shoiléir do ÚNM í Sláinte agus Sábháilteacht'. Tá na moltaí uile curtha i ngníomh nó á gcur i ngníomh.

## An tAcht um Míchumas 2005

Faoi Chuid 5 den Acht um Míchumas 2005, ceanglaítear ar chomhlachtaí earnála poiblí tuairisc a thabhairt ar a mhéid a fhostaíonn siad daoine a bhfuil míchumas orthu. De réir an áirimh foirne is déanaí, b'ionann an céatadán d'fhostaithe ÚNM a bhfuil míchumas orthu, de réir an mhínithe san Acht um Míchumas 2005, agus 23% don bhliain 2022.

Rinne ÚNM gach beart réasúnach chun fostú daoine a bhfuil míchumas orthu aige a chur chun cinn agus chun tacú leis an bhfostú sin. Mar shampla; timpeallacht inrochtana oibre a sholáthar, lena n-áirítear Measúnuithe ar Stáisiúin Oibre, áit a ndearnadh tuilleadh measúnuithe ar stáisiúin chianoibre agus tuilleadh measúnuithe eirgeanamaíocha sa bhliain 2024.

## Acmhainn Leabharlainne agus Faisnéise

Sa bhliain 2023, rinneadh athbhreithniú ar an leabharlann, agus rinneadh cinneadh na sealúchais inár leabharlann fhisiciúil a laghdú. Tá an-chuid den ábhar sa leabharlann ar fáil go leictreonach agus tá cuid mhaith faisnéise as dáta. Tá an próiseas chun na stoic fhisiciúla a laghdú curtha i gcrích. Tá leabhair agus doiciméid a bhfuil tábhacht stairiúil ag baint leo, go háirithe iad sin ón mBord Náisiúnta Athshlánúcháin agus ÚNM, á gcoinneáil. Ós rud é nach bhfuil leabharlannaí ag ÚNM a thuilleadh, tá conradh againn le Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, a sholáthraíonn ailt dúinn go leictreonach ach iad a iarraidh agus a sholáthraíonn tacaí maidir le cuardaigh litríochta freisin. Tá sé sin de bhreis ar ár seirbhís síntiúis íoctha le haghaidh sheirbhísí faisnéise EBSCO.

## Cóiríocht agus Saoráidí

Tá freagracht ar Roinn Seirbhísí Corparáideacha ÚNM as áitreabh sábháilte éifeachtúil a chothabháil. Le linn na bliana 2024, chuaigh Accent Solutions (ag trádáil anois mar Apleona Ireland Facilities Management) isteach sa cheathrú bliain ina bhfuil sé conraithe

chun seirbhís chomhtháite bainistíochta saoráidí a sholáthar. Le linn na bliana, leanadh le clár cothabhála coiscthí agus coimisiúnaíodh oibreacha chun a chinntiú go ndéanfaí a chóiríocht a chothabháil agus a úsáid ar dhóigh éifeachtach.

Ag teacht sna sála ar iarratas pleanála a cuireadh faoi bhráid Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath a bheith deonaithe i mí na Bealtaine 2023, ceapadh foireann deartha chun dul chun cinn a dhéanamh ar na hoibreacha feabhsúcháin foirgnimh. Mar thoradh ar phróiseas comhairliúcháin na foirne, lenar áiríodh bualadh le grúpa oibre a bhí comhdhéanta de bhaill foirne ó áiteanna ar fud ÚNM, cuireadh na dearaí deiridh i láthair sna míonna tosaigh den bhliain 2024. Eisíodh Iarraidh ar Thairiscintí le haghaidh seirbhísí tógála tamaillín ina dhiaidh sin, agus ainmníodh Tolmac Construction mar an tairgeoir rathúil. Cuireadh tús leis an obair thógála sa tríú ráithe den bhliain 2024. Le linn na hoibre sin, d’úsáid foireann ÚNM roinnt oifigí folmha. Bhí na hoifigí sin á n-úsáid roimhe sin ag cuideachta phríobháideach a ndeachaigh a léas in éag sa bhliain 2023.

Mar gheall ar chostas na n-oibreacha, beidh sé riachtanach dul chun cinn a dhéanamh orthu ar bhonn céimnithe thar roinnt blianta.

## Fuinneamh

Déanann Roinn Seirbhísí Corparáideacha ÚNM taifid don Údarás Náisiúnta Míchumais a chlárú agus a chothabháil le hÚdarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (SEAI).

Tá ag an Údarás Náisiúnta Míchumais achar urláir iomlán atá cothrom le 2,633 m2, arb é atá ann Foirgneamh Victeoiriach dhá stór os cionn leibhéal an ghairdín (×2), nascfhoirgneamh a cuireadh i gcrích sa bhliain 2006 agus foirgneamh tadhlach trí stór móide áiléar a cuireadh i gcrích sna blianta tosaigh de na 1980í.

Is iad seo na príomhúsáideoirí fuinnimh:

- Fuinneamh Leictreach: Soilsiú, TFC agus Oifigí
- Fuinneamh Teirmeach (Gás Nádúrtha): Téamh Spáis (ciorcaid radaitheora uisce the ísealteochta agus téamh faoin urlár) agus Uisce Te.

Chun críocha tuairisceán reachtúil a dhéanamh don bhliain 2024, b’inchurtha i leith an Údaráis Náisiúnta Míchumais a bhí 100% den úsáid fuinnimh leictreachais sna foirgnimh. I dtaca le fuinneamh teirmeach, bhí 100% den ghás nádúrtha a úsáideadh inchurtha i leith ÚNM.

Sa bhliain 2024, d’úsáid an tÚdarás Náisiúnta Míchumais xxx kWh d’fhuinneamh, a bhí comhdhéanta díobh seo a leanas:

- 71,750 kWh de leictreachas;
- 206,231 kWh de bhreoslaí iontaise;
- 0 kWh de bhreoslaí in-athnuaite.

Is féidir le ÚNM na nithe seo a leanas a thuairisciú:

- úsáid a bhí 58.6% níos ísle ón mbonnlíne i leith.

## Gníomhartha a rinneadh sa bhliain 2024

Sa bhliain 2024, thug ÚNM faoi thionscnaimh éagsúla a phleanáil agus a chur chun feidhme chun feabhas a chur ar ár bhfeidhmíocht fuinnimh. Áiríodh leo sin:

- Leanúint le moltaí ón Athbhreithniú Iniúchta Fuinnimh 2021 a chur chun feidhme
- Oiliúint Ceannaireachta i nGníomhú ar son na hAeráide do bhaill foirne Ardbhainistíochta
- Seó Fuinnimh SEAI 2024

## Ceanglais SEAI

Sa Treochlár um Ghníomhú ar son na hAeráide ó ÚNM, cuirtear in iúl conas atá sé mar aidhm ag an eagraíocht ceanglais an tSainordaithe Earnála Poiblí um Ghníomhú ar son na hAeráide a chomhlíonadh. Déanann an Lucht Ardbhainistíochta an doiciméad a athbhreithniú agus a nuashonrú gach bliain. Táimid tiomanta dá chinntiú go n-íoslaghdófar na hastaíochtaí carbóin a eascraíonn as ár gcuid gníomhaíochtaí agus, chuige sin, do chleachtais atá tíosach ar fhuinneamh agus neamhdhíobhálach don chomhshaol a chur chun feidhme. Tá ÚNM sásta leis an dul chun cinn atá déanta aige go dtí seo maidir le haidhmeanna an tSainordaithe i ndáil le laghdú in astaíochtaí CO2, le feabhsuithe ar éifeachtúlacht fuinnimh agus le méadú i bhfuinneamh in-athnuaite. Comhlíonfaidh ÚNM go hiomlán Ciorclán 1/2020 (Nósanna imeachta le haghaidh na hastaíochtaí a bhaineann le haerthaisteal oifigiúil a fhritháireamh) le haghaidh thuairisciú na bliana 2024.

## Oifigeach Rochtana

Lean Oifigeach Rochtana ÚNM, a ceapadh ar aon dul leis an Acht um Míchumas 2005, de bheith ar fáil chun treoir a thabhairt maidir le haon chabhair a bhí ag teastáil ó dhaoine a bhfuil míchumas orthu a fuair rochtain ar shaoráidí, imeachtaí agus suíomh Gréasáin ÚNM sa bhliain 2024. Tá sonraí teagmhála an Oifigigh le fáil ar leathanach baile shuíomh Gréasáin ÚNM.

## Cód Iompair, Eitic in Oifigí Poiblí, Nochtaí Breise ag Comhaltaí an Údaráis agus Nochtaí Cosanta

Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2024, is féidir le ÚNM a dheimhniú go raibh Cód Iompair don Údarás agus do bhaill foirne i bhfeidhm agus gur cloíodh leis. Ina theannta sin, chomhlíon gach comhalta den Údarás agus baill foirne iomchuí na freagrachtaí reachtúla atá orthu faoin reachtaíocht um Eitic in Oifigí Poiblí.

Mar chomhlacht poiblí, ceanglaítear ar ÚNM faoi alt 22 den Acht um Nochtadh Cosanta, 2014, tuarascáil bhliantúil a fhoilsiú maidir leis an líon nochtaí cosanta a rinneadh dó sa bhliain roimhe agus maidir leis an ngníomhaíocht a rinneadh mar fhreagairt d'aon nochtaí cosanta den sórt sin.

Ní dhearnadh aon nochtaí cosanta le ÚNM sa tréimhse ón 1 Eanáir go dtí an 31 Nollaig 2024.

## Cosaint Sonraí/Saoráil Faisnéise

Fuair ÚNM ceithre iarraidh Saorála Faisnéise sa bhliain 2024. Géilleadh d'iarraidh amháin agus géilleadh go páirteach do thrí iarraidh, agus roinnt faisnéise a bheith á cur in eagar. Déileáladh le gach ceann de na hiarrataí sin laistigh den tréimhse ama reachtúil.

Le linn na bliana 2024, lean ÚNM le clár oibre chun a chinntiú go mbíonn sé ag comhlíonadh an Rialacháin Ghinearálta maidir le Cosaint Sonraí (2018) agus ag maolú a rioscaí gaolmhara. Áiríodh leis sin príomhbheartais agus príomhnósanna imeachta a athrú chun dáta agus a fhorbairt de réir mar ba chuí agus oiliúint athnuachana i gCosaint Sonraí a sholáthar don fhoireann ar fad.  Rinneadh Iniúchadh Comhairleach ar bheartais agus nósanna imeachta i ndáil leis an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí sa bhliain 2022 agus cuireadh na moltaí a bhí fágtha i gcrích sa bhliain 2024.

# Aguisíní

# Aguisín 1: An tÚdarás agus coistí eile sa bhliain 2024

| Ainm: | Ról: | Dáta Ceapacháin: |
|---|---|---|
| Kathryn O'Donoghue | Cathaoirleach | Lúnasa 2018* |
| Jack Kavanagh | Comhalta | Lúnasa 2018* |
| Cathal Morgan | Comhalta | Lúnasa 2018* |
| Rebecca Gageby | Comhalta | Samhain 2022 |
| Deirdre Sheehan | Comhalta | Samhain 2022 |
| Bernadette Egan | Comhalta | Samhain 2022 |
| Adrian Carroll | Comhalta | Samhain 2022 |
| Eltin Ryle | Comhalta | Samhain 2022** |
| Thomas Maguire | Comhalta | Samhain 2022 |
| Lorraine Lally | Comhalta | Samhain 2022 |
| Jane Ann Duffy | Comhalta | Samhain 2022 |
| Vivian Rath | Comhalta | Samhain 2022 |
| Niamh Fawl | Comhalta | Eanáir 2021 |
| Roderick Bond | Comhalta | Nollaig 2023 |

*Comhaltaí den Údarás atá ag cur dara téarma isteach.

** Eltin Ryle, a ceapadh chuig an Údarás i mí na Samhna 2022, d'éirigh sé as a phost i mí na Bealtaine 2024. Cuireadh tús le próiseas earcaíochta chun comhalta ionaid a cheapadh sa bhliain 2024, agus táthar ag súil leis go gceapfar iarrthóir sna míonna tosaigh den bhliain 2025.

## An Coiste Iniúchóireachta agus Riosca

| Ainm: | Ról: | Dáta Ceapacháin: |
|---|---|---|
| John Fitzgerald | Cathaoirleach | Márta 2017* |
| Tony Fitzpatrick | Comhalta | Meitheamh 2017* |
| Tim Maverley | Comhalta | Lúnasa 2018* |
| John Maher | Comhalta | Lúnasa 2018* |
| Rebecca Gageby | Comhalta | Nollaig 2022 |
| Thomas Maguire | Comhalta | Nollaig 2022 |
| Adrian Carroll | Comhalta | Nollaig 2022 |

*Comhaltaí den Choiste Iniúchóireachta agus Riosca atá ag cur dara téarma isteach.

## An Coiste Airgeadais

| Ainm: | Ról: | Dáta Ceapacháin: |
|---|---|---|
| Rebecca Gageby | Cathaoirleach | Nollaig 2022 |
| Thomas Maguire | Comhalta | Nollaig 2022 |
| Deirdre Sheehan | Comhalta | Nollaig 2022 |
| Lorraine Lally | Comhalta | Nollaig 2022 |
| Gary Watters | Comhalta | Nollaig 2022 |
| Niall Scanlon | Comhalta | Feabhra 2023 |

## An Coiste um Fheidhmíocht an Stiúrthóra

| Ainm: | Ról: | Dáta Ceapacháin: |
|---|---|---|
| Kathryn O'Donoghue | Cathaoirleach | Samhain 2022 |
| Jack Kavanagh | Comhalta den Údarás | Lúnasa 2018* |
| Cathal Morgan | Comhalta den Údarás | Samhain 2022 |
| Rodd Bond | Comhalta den Údarás | Nollaig 2023 |

*Comhalta den Choiste um Fheidhmíocht an Stiúrthóra atá ag cur dara téarma isteach.

# Aguisín 2: Ionadaíocht ar chomhlachtaí seachtracha sa bhliain 2024

## An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta agus gníomhaireachtaí gaolmhara

- Grúpa Stiúrtha Forfheidhmithe Náisiúnta na Straitéise Tithíochta Náisiúnta do Dhaoine faoi Mhíchumas 2022-27
- An Grúpa Oibre um Vótáil Inrochtana
- Fóram Geallsealbhóirí Uisce Éireann
- An Grúpa Oibre ar Shaoráid Áiteanna Feistis a sholáthar

## An Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige agus gníomhaireachtaí gaolmhara

- Foireann Tionscadail na Samhla Rochtana agus Cuimsithe
- Grúpa Cur Chun Feidhme Trasearnála na Samhla Rochtana agus Cuimsithe
- TUSLA – Fóram Cigireachta Luathbhlianta
- An Grúpa um Fhostóirí ar son an Athraithe
- Grúpa Oibre Míchumais an Aonaid Rannpháirtíochta
- An Grúpa Straitéise um Shonraí Comhionannais (atá faoi stiúir ag RLCMLÓ agus ag an bPríomh-Oifig Staidrimh i gcomhpháirt)
- Coiste Athbhreithnithe Rialachais Náisiúnta Sheirbhísí Míchumais FSS um Fheabhsú Cáilíochta
- Coiste Teicneolaíochta Digití agus Cúnta FSS
- Foghrúpa FSS um an gCreat le haghaidh Pleanáil atá Dírithe ar an Duine a Chur Chun Feidhme
- Grúpa Náisiúnta Cur Chun Feidhme FSS um Threonna Nua
- Grúpa Formhaoirseachta um Buiséid Phearsantaithe a Chur Chun Feidhme
- Coiste an Bhoird Taighde Sláinte um an gCóras Tacaí Cumais Náisiúnta
- Grúpa Comhairleach Geallsealbhóirí Seirbhísí Míchumais RLCMLÓ
- Coiste Eitice Taighde Eatramhach RLCMLÓ
- Grúpa Stiúrtha an tSuirbhé Náisiúnta Míchumais

## An Roinn Dlí agus Cirt agus gníomhaireachtaí gaolmhara

- An Roinn Dlí agus Cirt – an Grúpa Comhairleach um Cheartas i leith an Aosa Óig
- Grúpa Stiúrtha Uathachais Sheirbhís Phríosúin na hÉireann
- An Garda Síochána – an Coiste Comhairleach um Chearta Straitéiseacha an Duine

## An Roinn Oideachais agus gníomhaireachtaí gaolmhara

- Fóram Comhairleach na Comhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta
- Fochoiste Taighde na Comhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta

- An Grúpa Comhairleach fán Acht um Oideachas do Dhaoine a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais Acu
- Sainghrúpa comhairleach CNOS um acmhainn ranganna speisialta sa todhchaí a shamhaltú

## An Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta agus gníomhaireachtaí gaolmhara

- Sainghrúpa athbhreithnithe oiliúna SOLAS
- An Grúpa Comhairleach 'Foghlaim a Bhunathrú chun Feabhais, Cuimsiú a Chothú' de chuid SOLAS um Thodhchaí an Bhreisoideachais agus na hOiliúna
- Fóram Scileanna Réigiúnacha Bhaile Átha Cliath
- Painéal Measúnachta Seachtrach an Údaráis um Ard-Oideachas le haghaidh Chéim 2 de PATH 4

## Grúpa Comhairleach Teicniúil an Rannáin Chuimsithe Shóisialta de chuid na Roinne Coimirce Sóisialaí um Shonraí agus Staitisticí

- An Fóram Geallsealbhóirí Míchumais

## An Roinn Sláinte agus gníomhaireachtaí gaolmhara

- Grúpa Comhairleach an Údaráis um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte atá ag forbairt Caighdeáin Uileghabhálacha le haghaidh Cúram agus Tacaíocht a thabhairt do Leanaí a úsáideann Seirbhísí Sláinte agus Cúraim Shóisialta
- Coiste Athbhreithnithe Rialachais Náisiúnta Sheirbhísí Míchumais FSS um Fheabhsú Cáilíochta ar an Athbhreithniú ar Chuid B: Sábháilteacht Dóiteáin
- Sainghrúpa Comhairleach na Roinne Sláinte um Shaoirse a Chosaint

## Roinn an Taoisigh

- Grúpa na nOifigeach Sinsearach um an Straitéis Náisiúnta Míchumais
- Grúpa na nOifigeach Sinsearach um Iompar

## Eile

- Coiste Stiúrtha IDS-TILDA (An Forlíontán Míchumais Intleachta a ghabhann le Staidéar Fadaimseartha na hÉireann um Aosú);
- Coiste Comhairleach an Údaráis um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann maidir le Caighdeáin Deartha Uilíoch (NSAI TC023) agus a fhochoiste agus a ghrúpaí oibre
- Coistí Teicniúla an Choiste Eorpaigh um Chaighdeánú (CEN): CEN TC452 (agus a ghrúpaí oibre (WGanna)), CEN TC320, CEN TC228 WG14, CEN TC 293 WG12, Grúpa Sealadach na hIarrata ar Chaighdeánú Caighdeán Eorpach um Inrochtaineacht de chuid CEN-CENELEC (SRAHG-ACC) le haghaidh M/587
- Comhairle Institiúid na nDearthóirí in Éirinn  Grúpa Stiúrtha AHEAD de chuid an Choláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath, um Shuaitheantas Digiteach i nDearadh Uilíoch a fhorbairt chun Tacaíocht a Thabhairt do Mhic Léinn/d'Fhoghlaimeoirí agus chun Idirchaidreamh a Dhéanamh leo
- Tionscadal ID+ de chuid Choláiste na hOllscoile, Corcaigh, chun tacú le rochtain ar Ardoideachas d'fhoghlaimeoirí a bhfuil Míchumas Intleachta orthu
- Grúpa na nOifigeach Sinsearach um Iompar

# Aguisín 3: Foilseacháin sa bhliain 2024

- Plean Straitéiseach 2025-2027
- Tuarascáil Bhliantúil 2023
- Athbhreithniú litríochta ar na tosca as a dtagann forbairt iompraíochtaí dúshlánacha agus ar chásanna géarchéime a chosc agus a bhainistiú i measc leanaí agus aosaigh óga a bhfuil míchumas orthu
- Cleachtas Éifeachtach: An t-aistriú foirne ó shuíomhanna comhchónaithe chuig suíomhanna pobail a bhainistiú
- Cleachtas Éifeachtach: Tithe sa phobal a bhainistiú tar éis an aistrithe ó shuíomhanna comhchónaithe
- Ceisteanna Coitianta: An Cárta Míchumais Eorpach
- Plépháipéar ar Spriocanna Náisiúnta Fostaíochta
- Eispéiris mac léinn faoi mhíchumas in Institiúidí Ardoideachais na hÉireann le ciapadh gnéasach agus foréigean gnéasach
- Treoir Eitice maidir le Taighde Míchumais
- Eispéiris mac léinn faoi mhíchumas in Institiúidí Ardoideachais na hÉireann le ciapadh gnéasach agus foréigean gnéasach
- Treoir Eiticiúil maidir le Taighde le Daoine faoi Mhíchumas

# Aguisín 4: Páipéir comhairle beartais agus aighneachtaí sa bhliain 2024[1]

- Aighneacht ó ÚNM maidir leis an bPáipéar Comhairliúcháin ar an gCód Cosanta Tomhaltóirí ón mBanc Ceannais
- Aighneacht ó ÚNM chuig an Roinn Dlí agus Cirt maidir le dréacht-Rialacháin a bhaineann le costais cúnaimh dhlíthiúil in iarratais ar scaoileadh amach faoi Chuid 6 den Acht um Chinnteoireacht Chuidithe (Cumas), 2015 (arna leasú)
- Aighneacht ó ÚNM maidir leis an bPáipéar Uaine maidir le hAthchóiriú ar Íocaíochtaí Leasa in Éirinn
- Aighneacht ó ÚNM maidir le Ráiteas Straitéise Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas 2025-2027
- Aighneacht ó ÚNM maidir le Plean Straitéiseach Ollscoil Teicneolaíochta an Oirdheiscirt um Chomhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú 2024-2029
- Aighneacht ó ÚNM maidir le Plean Straitéiseach na Seirbhíse Cúirteanna 2024-2027
- Aighneacht ó ÚNM chuig an gComhchoiste um Ghnóthaí Míchumais maidir leis “An ról atá ag eagraíochtaí do dhaoine faoi mhíchumas agus ag féintathant i gcomhdheiseanna a sholáthar faoi UNCRPD”
- Aighneacht ó ÚNM chuig an Roinn Coimirce Sóisialaí maidir le Sprioc Náisiúnta Bochtaineachta Leanaí
- Aighneacht ón Údarás Náisiúnta Míchumais maidir le Dréacht-Chlár Taighde an Choimisiúin Toghcháin
- Comhairliúchán Poiblí chun eolas a dhéanamh d’fhorbairt an Chreata Beartais um Chultúr, Cruthaitheacht agus Aeráid
- Aighneacht ó ÚNM maidir le dréacht-Straitéis Nuálaíochta Uathachais RLCMLÓ
- Aighneacht ó ÚNM chuig an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail maidir leis an leagan nua den Bheartas Náisiúnta maidir le Fiontraíocht Shóisialta
- Aighneacht ó ÚNM chuig Coimisiún na Meán maidir leis na Dréacht-Rialacha Rochtana le haghaidh Seirbhísí Craolacháin Teilifíse
- Aighneacht ó ÚNM chuig Coimisiún na Meán maidir leis an Dréacht-Chód agus na Dréacht-Rialacha le haghaidh Seirbhísí Meán Closamhairc ar Éileamh
- Aighneacht ó ÚNM chuig Coimisiún na Meán maidir leis an Dréacht-Chód maidir le Cothroime, Oibiachtúlacht agus Neamhchlaontacht sa Nuacht agus i gCúrsaí Reatha
- Aighneacht ó ÚNM maidir leis an Ráiteas Straitéise 2024-2025 don Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta
- Aighneacht chuig an gComhchoiste Oireachtais um Ghnóthaí Míchumais maidir le hAistriú i dTreo Measúnachtaí Tionchair Míchumais Ceartabhunaithe

[1] Níl hipearnasc i roinnt de na haighneachtaí toisc gurbh fhéidir gur i bhfoirm suirbhé nó litreach a bhí siad.

- Aighneacht ó ÚNM maidir le Ráiteas Straitéise na Roinne Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta 2024-2025
- Aighneacht ó ÚNM chuig an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige maidir leis an straitéis chomharba ar an Straitéis Náisiúnta um Chuimsiú Daoine LADTI+
- Aighneacht ó ÚNM chuig an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige chun eolas a dhéanamh d'fhorbairt an leagain nua de Straitéis Náisiúnta na mBan agus na gCailíní – an tÚdarás Náisiúnta Míchumais
- Aighneacht ó ÚNM maidir le hathbhreithniú Indecon Consultants ar an Straitéis Náisiúnta Abhcóideachta
- Aighneacht ó ÚNM chuig an Roinn Dlí agus Cirt maidir le hathchóiriú giúiré

Údarás Náisiúnta Míchumais
National Disability Authority

An tÚdarás Náisiúnta Míchumais
25 Bóthar Chluaidh, Baile Átha Cliath 4
Teileafón: (01) 608 0400
Facs: (01) 660 9935
www.nda.ie

**Is é an tÚdarás Náisiúnta Míchumais an comhlacht neamhspleách stáit a sholáthraíonn comhairle shaineolaíoch don Aire maidir leis an mbeartas míchumais agus le cleachtais mhíchumais agus a chuireann Dearadh Uilíoch chun cinn in Éirinn.**